



**Gnáth-dhea-rúin na bliana úire arís i mbliana?**  
L.25



**An mbeidh deireadh leis an domhan in 2012?**  
L. 22

**'Scéala na Blarna': "Má tá bréag ann, bíodh ..."**  
L.19



**Na frithbheathaigh - gan ghníomh inniu, gan leigheas amárach L. 7**



# Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 04.01.2012

ISSN 2009-3055  
9 772009 305011  
€1.65 (£1.50)  
Uimh. 1

## Dara mhí de Chúlú Déan-túsaíochta

Ach dóchas ann go láidreofar onnmhairithe i mbliana

Colm Ó Broin

CHRAP an earnáil déan-túsaíochta don dara mhí as a chéile i mí na Nollag de réir figiúirí nua.

D'ardaigh Innéacs na mBainisteoirí Ceannaigh a eisíonn Stocbhróicéirí NCB ó 48.5 i mí na Samhna go 48.6 an mhí seo caite ach bhí sé fós faoi bhun 50, an teorainn idir fás agus crapadh san earnáil.

Leis an gcúlú in Olltáirgeacht Intíre a tharla sa tríú ráithe i mbliana cuirfidh na torthaí is déanaí leis an imní go bhfuil an chior-thuathail eacnamaíochta domhanda ag baint an bonn ó athbheochan an gheilleagair Éireannaigh.

Léirigh figiúirí NCB áfach

gur ardaigh onnmhairithe san earnáil déantúsaíochta i rith na míosa, an chéad uair gur tharla sé seo ó mhí Lúnasa, de bharr éilimh níos láidre ón mBreatain.

Bhí méadú beag i líon na ndaoine fostaithe san earnáil, an chéad uair a tharla sé sin ó Lúnasa chomh maith.

Dúirt príomh-eacnamaí NCB, Brian Devine, go bhfás-faidh onnmhairithe na hÉireann i mbliana, ainneoin imní sa gheilleagar domhanda.

"Tá muid ag súil le taispeántas láidir ó onnmhairithe glan i 2012 agus go mbeidh sé seo níos láidre ná an laige leanúnach sa gheilleagar intíre," ar seisean.

Ar lean ar leathanach 2

## Rubberbandits ar barr chairt Gaeilge Youtube in 2011!

Colm Ó Broin

BHREATHNAIGH níos mó daoine ar físeán de chuid na Rubberbandits ar Youtube in 2011 ná aon físeán Gaeilge eile.

Bhain an físeán don amhrán 'Ba mhaith liom bruíon led' Athair' (I Wanna Fight Your Father) os cionn 612,400 ón uair a cuireadh ar Youtube é i

mí Márta seo caite.

Bhí físeán de chuid an ghrúpa Celtic Thunder, Buachaill ón Éirne, sa dara háit anuraidh le 120,000 amharc. Bhreathnaigh 103,000 ar fhógra urraithe do chúrsa Gaeilge de chuid Gaelchultúr, QuickGuide Irish Grammar agus 93,000 ar an 'Irish Haka Lámh Lámh Eile'.

Ar lean ar leathanach 2

## 'Ar bharr na cairte'

[PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]



Ar muin na muice - Na Rubberbandits. Bhí bliain mhór ag na Rubberbandits, an grúpa ceoil as Luimneach. I measc na n-amhrán a bhí acu an bhliain seo caite bhí, 'Ba mhaith liom bruíon led' Athair', a bhí san fhíseán is mó Gaeilge ar Youtube. Ba mhinic an t-amhrán céanna le cloisteáil ar an raidió chomh maith

## Litir seolta ar son an Choimisinéara Teanga

Katie McGreal

TÁ litir seolta ag Conradh na Gaeilge go dtí an Aire Gaeltachta, Dinny McGinley ag iarraidh air cúlú siar ón gcinneadh chun Oifig an Choimisinéara Teanga a dhúnadh mar oifig reachtúil neamhspleách.

Tá an litir sínithe ag 32 duine ó cheann ceann na tíre agus tá sé foilsithe in *Gaelisceal* na seachtaine seo.

Bheartaigh siad an litir a sheoladh ag cruinniú a bhí ar siúl i nGaillimh roimh an Nollaig ag plé ceist an Choimisinéara Teanga.

Bhí an chuid is mó den 32 i láthair ag an gcrúinniú agus bhí an chuid eile i dteagmháil le Conradh na Gaeilge i ndiaidh an chruinnithe.

"Táimid ag iarraidh ar dhaoine páirt a ghlacadh in athbhreithniú Acht na dTeangacha Oifigiúla freisin," a deir Julian de Spáinn ó Chonradh na Gaeilge, "chun an Coimisinéir Teanga a shábháil."

Sa litir, deirtear, "Tá a fhios againn anois, mar a d'admhaigh Aire Stáit na Gaeltachta sa Dáil ar an 24 Samhain, go bhfuil an baol ann go gcosnóidh an cinneadh seo airgead ar an Stát.

"Ní féidir...cinneadh an Rialtais a chur i bhfeidhm i 2012 gan baol ann go mbeidh an Stát oscailte do chásanna dlí amach anseo."

European  
**Newspaper**  
AWARD  
NEWSPAPER DESIGN & CONCEPT



# NUAIGHT NÁISIÚNTA

## Níl an Eaglais Chaitliceach in Éirinn in ann sagairt a chur anonn feasta

Máirtín Ó Catháin

NÍL an Eaglais Chaitliceach in Éirinn in ann sagairt a chuir i measc na n-inimisceach i Nua Eabhrach ná i Philidelphia feasta.

Bhí sé mar pholasáí ag an gClarlathas in Éirinn sagairt a chur ar dualgas sna príomh ionaid imirce Éireannacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá le breis agus 25 bliain.

Bhíodh dualgais eaglasta agus dualgais sóisialta ar na sagairt seo agus bhí a gcuid gníomhaíochta molta go mór i measc muintir na tíre seo i SAM.

Cé go bhfuil sagairt i roinnt réigiúin i SAM i gcónaí is mór an t-athrú é go bhfuil Nua Eabhrach, go háirithe, de uireasa sagart i measc na n-inimisceach anois.

Fágadh faoi Dheoise éagsúla na hÉireann iarracht a dhéanamh ina gceantracha féin le theacht ar shagairt a bheadh sásta tréimhse a chaitheamh i SAM ag freastal ar riachtanais na n-

inimisceach.

Sna 1980oidí a thosaigh an polasaí seo nuair a d'imigh na scórtha míle daoine óga thar Atlantach siar.

Mar shampla, bhí beirt shagart as Deoise na hÉireann i mBoston, ceann de na hionaid mhóra inimirce, sna blianta sin. Tá sagart amháin as Éirinn sa chathair sin i gcónaí.

Bhí an tEaspag Tomás Ó Fionnagáin as Deoise Átha Chonaire a fuair bás Lá Nollag seo caite ar dhuine de na hEaspaig ba mhó a leag béim ar thábhacht sheirbhís na sagart i measc na n-inimisceach i SAM. Chuaigh triúr sagart as an Deoise sin i mbun oibre i SAM sna 1980oidí agus sna 1990aidí.

Ceaptar nach bhfuil go leor de Easpaig na hÉireann in achmhainn scaoileadh le sagairt anois le dhul i measc na n-inimisceach fiú agus dá mbeadh fonn ar roinnt sagart a dhul anonn. Tá paróistí in Éirinn dá bhfágáil gan sagairt anois rud nach raibh amh-

laidh sna 1980oidí nuair a tosaíodh an ceangal le inimircigh i SAM; bhí dóthain sagairt ann san am sin.

Lena chois sin tá an céatadán sagart atá ag teanamh amach sna blianta méadaithe agus ní bheadh fonn ar go leor acu dualgais nua a ghlacadh orthu féin i dtír eile.

Tá na sagairt atá thall gníomhach ar bhealaí go leor ag tacú le pobal na hÉireann. Tá cúnamh agus comhairle d'inimircigh neamhdhleathacha ar chuid fíor-thábhachtach den chathair sin; áirítear go bhféadfadh 50,000 Éireannach a bheith i SAM i gcónaí gan stádas dleathach oibre agus cónaithe. Scaití, tagann na húdaráis inimirce aniar aduaidh ar chuid acu agus cuirtear i bpríosún iad.

I gcás amháin anuraidh bhí sagart a bhí i measc na n-inimisceach i mBoston ag taisdeal suas agus anuas go Stát Maine uair sa tseachtain chuig fear a bhí i bpríosún ansin.

## Triúr marbh ar bhóithre na hÉireann cheanna féin i 2012

Katie McGreal

TÁ triúr marbh ar bhóithre na hÉireann taobh istigh de thrí lá i 2012. Fuair Joe Gavin ó Mhuirisc i gContae Mhaigh Eo a bhí 52 agus singil bás go luath sa mhaidin ar an Luan taobh amuigh de Chluain Cearbán.

Bhí sé mar phaisinéir sa veain, níor gortaíodh an tiománaí nó an paisinéir eile.

Fuair beirt bás i dhá thimpiste ar an Domhnach, Lá na Bliana Nua agus gortaíodh beirt eile.

Fuair fear, 22 bliain d'aois bás i gCabán ag 2rn nuair a d'fhág a charr an N3 ag Achadh an Iúir.

Ní raibh aon duine eile sa timpiste.

I Ros Mhic Thriúin i Loch Garman, fuair bean ina 60aidí bás nuair a d'fhág a carr an bóthar. Ní raibh a paisinéir gortaithe.

Bhí beirt bhan gortaithe nuair a d'fhág a gcarr an bóthar i Ros Cré i dTiobraid Árann thart ar 5in ar an lá sin.

Tá na Gardaí ag lorg

finnéithe do na timpistí uilig agus má tá aon eolas ag éinne, cuir scairt orthu ar 1800 666 111. Anuraidh, bhí 212 duine maraithe ar na bóithre, síos ó 238 i 2009. Tá na bóithre is sábhálaí as na príomhchathracha ar fad san Eoraip againn i mBaile Átha Cliath, de réir figiúirí ón Eoraip i mí Mheán Fómhair. A

Ba anuraidh a thug an Chomhairle Iompair Sábháilteacht na hEorpa (ETSC) an gradam '2010 Road Safety Performance' dúinn.

## Rubberbandits ar barr chairt Gaeilge Youtube in 2011!

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí fiseán Gaeilge den chartún 'Garfield' sa chúigiú áit le 53,000 amharc.

Ba é fiseán na Rubberbandits ceann de na fiseáin Éireannacha is rathúla i rith na bliana. Bhí an-tóir ar fhíseáin na gcarachtar Damo & Ivor ó chlár RTÉ Republic of Telly freisin.

Bhreathnaigh 1,500,000 ar 'Everybody's Drinkin' agus 481,000 ar

'Hangovers'.

Cé go bhfuil sé feicthe os cionn 600,000 uair ní hé fiseán na Rubberbandits an fiseán Gaeilge is rathúla riamh.

Tá amhrán de chuid Enya, 'Athair ar Neamh', feicthe 3,500,000 uair.

Tá fiseán de chuid an chomhlacht milseáin Ghearmánach, Gummibär, a aistríodh go Gaeilge in 2010, feicthe 1,635,000 uair.

D'aistrigh an comhlacht Gearmánach an 'Gummy Bear Song', atá cosúil leis an 'Crazy Frog', go 25 teanga in iomlán. De réir figiúirí Youtube bhreathnaigh níos mó daoine in Éirinn ar an bhfiseán Ultimate Dog Tease ná aon cheann eile. Ba é an fiseán den amhrán 'Friday' le Rebecca Black an fiseán Youtube is rathúla timpéall na cruinne anuraidh, le os cionn 180 milliún amharc.

## Gaelscéal

Ciarán Dunbar

Eagarthóir

ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile

Comhordaitheoir Táirgíochta

patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Áine Ní Chuaig

Iriseoir

aine.nichuaig@gaelisceal.ie

Katie McGreal

Iriseoir

katie.mcgregal@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin

Comhordaitheoir Oideachais

caroline.nichualain@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain

Soláthróir Abhair Spóirt

grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Oifig an Spidéil:

00353-91-897766

Le cabhair ó:

 Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge. [www.cruinneog.com](http://www.cruinneog.com)

# Tóstal na Gaeilge 2012 dírithe ar an Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla

Katie McGreal

BEIDH Tóstal na Gaeilge 2012 ar siúl ar an Satharn, an 14 Eanáir 2012 in Óstán an Hilton, Plás Charlemont i mBaile Átha Cliath 2.

Tá sé á eagrú ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge chun deise a thabhairt do phobal na Gaeilge a dtuairimí ar nithe ábhartha a léiriú agus a roinnt lena chéile.

Beidh deis ann moltaí a dhéanamh ar pholasaithe reatha an Rialtais i dtaobh na Gaeilge nó ar pholasaithe ar mhaith leo go gcuirfeadh an Rialtas i bhfeidhm freisin.

Pléifidh saineolaithe idirnáisiúnta na bealaí ar féidir

stádas na Gaeilge faoin mBunreacht a threisiú tríd an Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 freisin agus beidh sé mar aidhm an Tóstail i mbliana feasacht an phobail maidir leis an athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bhfuil tús curtha leis ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le déanaí a ardú.

Beidh neart daoine éagsúla ann ar an lá ag labhairt ar ábhair éagsúla, neart ó eagraíochtaí Gaeilge. Labhróidh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin faoin taithí atá ag a oifig agus beidh Máire Seó Breatnach ó

Oifigeach na Gaeilge i gComhairle Chontae Phort Láirge ann chomh maith le Tánaiste Chonradh na Gaeilge, Cóilín Ó Cearbhaill. Beidh an Dr. Peadar Ó Flatharta ó Fhiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i láthair ag an ócáid freisin.

Beidh painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta an chun moltaí maidir leis an ndeatchleachtas i dtíortha eile a chur in iúl. Beidh an tOllamh Colin Williams, ó Ollscoil Cardiff, an tOllamh Dr. François Grin ó FTTI, Université de Genève agus An Dr. Wilson McLeod ó Ollscoil Dhún Éideann ar an bpainéal sin.

Síleann Julian de Spáinn ó

Chonradh na Gaeilge go mbeadh sé spéisiúil na daoine idirnáisiúnta seo a chloisteáil agus a dtuairimí a fháil ar Acht na Teangacha Oifigiúla agus an Coimisinéir Teanga.

Tá Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag siúl le go dtabharfaidh an ócáid seo eolas breise go pobal na Gaeilge maidir leis na réimsí de mholtaí ar leasuithe ar an Acht Teanga nach mór dúinn a éileamh lena chinntiú gur láidriú ar chearta teanga a bhíonn mar thoradh an athbhreithnithe.

Beidh tuilleadh eolais faoin Tóstal ar fáil ar [www.tostal.ie](http://www.tostal.ie) nó is féidir glaoch ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar 01 6794780.

## Dara mhí de Chúlú Déan-túsaíochta

Ar lean ó leathanach a haon

Idir an dá linn léiríonn figiúirí eile gur theip ar beagnach 170 comhlacht in aghaidh na míosa i rith an chéad 11 mí de 2011. Méadú 20% ar an tréimhse chéanna i 2010 a bhí ann de réir an chomhlachta faisnéis gnó, Vison-net.

Buaileadh gnóthaí sna hearnálacha óstáin agus bialanna níos measa ná earnálacha eile de bharr an íslithe i gcaiteachas tomhaltóra.

Bhí na comhlachtaí dócmhainneacha beagnach €1.2 billiún i bhfiacha nuair a chlis orthu. Bunaíodh 14,439 comhlacht nua in 2011 áfach, suas 5% ar 2010, agus cláraíodh 26,154 ainm comhlachta nua chomh maith, rud a léiríonn go bhfuil fiontraíocht fós láidir sa gheilleagar dar le Vison-net.



# Airgead an Deiscirt ag fanacht sa Deisceart

Tuairisc speisialta  
le hAnton Mac Cába

Ní dheachaigh na sluaite ó thuaidh le siopadóireacht a dhéanamh ag Nollag i mbliana. Meastar gur sin is cúis le méadú beagnach 2% bheith ar an mhiondíoltóireacht le bliain.

Níl níos mó airgid ag daoine; tá airgead a théadh ó thuaidh anois dá chaitheamh sa stát.

Bhí sin le feiceáil go soiléir ar Bhaile Mhuineacháin. Tá sin ceithre mhíle ón dteorann. Bhí sin an-ghnóthach an Déardaoin roimh Nollag.

Níorbh fhéidir tiomáint isteach ann ag a haon a chlog.

Bhí ollmhargadh Flemings plódaithe. Is é an rud is suntasí ná go bhfuil bunadh Mhuineacháin iontach cleachtaithe ar bheith ag déanamh siopadóireachta ó thuaidh.

**Dúirt Hazelene Turner, ó Coill an Chollaigh ar an Chabhán, nach eol di ndeachaigh duine ar bith óna ceantar féin a chuaigh ó thuaidh. "Ní fiú é," ar sise. "Tá rudaí beagnach chomh saor anseo."**

Tríd is tríd, bhí praghsanna níos daoire ná sa tuaisceart ach ní raibh siad ach rud beag níos daoire.

D'fhág sin nárbh fhiú dul 20 míle go Sainsburys in Ard Mhacha. Bhí rudaí áirithe níos saoire. Bhí €1.59 ar chileagram min choirce pionna i Flemings; tá £1.49 (£1.78) air ó thuaidh. Bhí €3.49 ar sícín meánach i Lidl. Tá £3.49 (£4.18) ar an sícín céanna i Lidl ó thuaidh.

Tá miondíoltóirí an tuaiscirt faoi bhrú cheana, de bharr an mheathlaithe. Bhí tomhaltóirí a tháinig aneas ina gcuidiú mór.

Dúirt bainisteoir le Tesco nár tharla an borradh mór is gnáth teacht ar chaiteachas ag

Nollag. Ba ghnáth don chomhlacht bál a eagrú do bhainisteoirí ag an am seo bliana: ní bheidh a leithéidí i mbliana ann.

Bhíodh an-tóir ar ollmhargaidh ASDA ag tomhaltóirí a tháinig aneas; dúirt bainisteoir nárbh amhlaidh níos mó. Ba ghnáth le scata mór bheith ag dul chuig Marks & Spencer i Inis Ceithleann: dúirt ball foirne go raibh siad ann, ach laghdú súntasach ann ó an-raidh.

Níorbh eol do dhaoine a labhair le Gaelscéal mórán daoine bheith ag dul ó thuaidh i mbliana. Níor tharla seo nó na contaetha. Ach, fiú sna contaetha cois Teorann, dealraíonn sé gur fhan daoine fán bhaile.

Dúirt Hazelene Turner, ó Coill an Chollaigh ar an Chabhán, nach eol di ndeachaigh duine ar bith óna ceantar féin a chuaigh ó thuaidh. "Ní fiú é," ar sise. "Tá rudaí beagnach chomh saor anseo."

Tá Deirdre McDonald ina cónaí ar an mBuíochar, Co Muineachán, 10 míle ó dheas ó Bhaile Muineachán. "Níor bhac mise le dul ó thuaidh i mbliana," ar sise. "Ní chaithim an mhéid sin airgid ar an siopadóireacht le gur fiú é."

Tá an Euro ag titim siar le tamall in éadan an phunt Sasaigh. Bhí an siopadóireacht trasteorainn i mbarr a réime fá Nollag 2009. Bhí idir 89p agus 90p (sa phunt Sasanach) ar euro. Dé Luain bhí 83.5p air. Déanann sin difear súntasach don teaghlach a bheadh ag caitheamh €500 nó €600 ar thuras siopadóireachta. Chomh maith, tá ráta boilscithe 4.8% sa Ríocht Aontaithe (5% ar bhia), malairt 2.9% sa deisceart. Deir daoine a thagann aneas go rialta go bhfaca siad méadú suntasach ar phraghasanna le tamall.

Tá, leis, níos mó ná praghsanna sna siopaí i gceist. Tá an-tábhacht le praghas na glu-aisteánaíochta. Ó Nollag 2009, tá méadú 25c ar an lítear peitрил, agus 36c ar an lítear díosail. Mar sin, tá an turas féin níos daoire go maith.

## Coineád an Cuan soar ó bhruscar led' thoir'



Seafóid! Gaeilge lofa le feiceáil ar chomhartha de chuid 'Watterweys Airlann'.

# Gardaí ag fiosrú ionsaí 'graifítí' ar eitleán SAM

Colm Ó Broin

DEIR na Gardaí go bhfuil siad ag fiosrú eachtra inar cuireadh graifítí ar eitleán míleata de chuid na Stáit Aontaithe Meiriceá in Aerfort na Sionna.

Tá na gardaí ag lorg eolais faoin eachtra a tharla ar 20ú Nollaig. Tá ráiteas eisithe ag grúpa anaithnid a deir go ndearna siad sabaitéireacht ar an eitleán. Deir an grúpa gur ghearr siad tríd claí san aerfort agus go ndeachaigh siad i dtreo

chóras hiodrálaic áfach.

Deir gníomhaithe frith-chogaidh go bhfuil breis slándála san aerfort ó tharla an eachtra ach níl Aerfort na Sionna sásta ráiteas a dhéanamh ar an ábhar.

Tugadh cead d'fhórsaí míleata SAM Aerfort na Sionna a úsáid tar éis ionsaithe 9/11. Dúirt an rialtas ag an am go mbeadh cead acu saighdiúirí a aistriú tríd na tíre go dtí go raibh gach duine a bhí bain-teach leis an ionsaí sceimh-



DC 10 de chuid 'Omni Air International' ag Aerphort na Sionna 30 Nollaig na bliana seo caite. Tá na heitleáin seo á n-úsáid chun trúpaí SAM a iompair. Tá ball de na Gardaí le feiceáil faoin eitleán.

eitleán a úsáidtear chun saighdiúirí Meiriceánacha a bhogadh go dtí an Meán Oirthear. Deir an grúpa, i ráiteas a cuireadh chuig Comhghuailíocht Frith-Chogaidh na Gailimhe, gur scríobh siad "Peace - US Troops Out" ar an eitleán.

Dúirt siad chomh maith go ndearna siad dochar don chóras hiodrálaic ar fhearas tuirlingte an eitleáin.

Dúirt urlabhraí na nGardaí gur graifítí amháin a bhí á fiosrú acu agus ní dochar don

litheoireachta gafa.

Fiú má bheirtear ar na daoine a bhí i mbun na sabaitéireachta tá seans ann nach gciontófar iad sna cúirteanna.

Chinn giúiréithe i ndá chás inar rinneadh dochar d'eitleáin de chuid arm SAM in 2003 nach coireanna a bhí i gceist.

Glacadh le hargóint na ndaoine a cúisíodh go raibh 'leithscéal dlíthiúil' acu toisc go raibh siad ag déanamh iarracht stop a chur le feachtas míleata SAM.

## FOLÚNTAS



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

**Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí & an Dlí Léachtóir (Téarma Socraithe) le Margaíocht**

**Spriocdháta:** 19 Eanáir 2012

**Coláiste na hInnealtóireachta & na hIonformaitice Léachtór (Faoi bhun an Bhaic/Os cionn an Bhaic) le hInnealtóireacht Shibhialta**

**Spriocdháta:** 9 Feabhra 2012

**Sonraí/nós imeachta iarratais:**

Le tuilleadh eolais a fháil agus le hiarratas a chur isteach, téigh chuig [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)



**publicjobs.ie**

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



[www.oegaillimh.ie](http://www.oegaillimh.ie)



# Gaelscoil i mbaol druidim

**Anton Mac Cába**

TÁ Gaelscoil i gCo. Dhoire i mbaol a druidte an tseachtain seo - mar nach cinnte cé atá freagrach as cíos a dhíol.

D’aithin an Roinn Oideachais Gaelscoil na Speiríní i mBaile na Scríne cúig bliana ó shin. Maoiníonn an Roinn an scoil. Ach dar le polasaí de chuid na Roinne, ní thugtar maoiniú muna bhfuil ar a laghad 15 dalta nua ag dul isteach in aghaidh na bliana.

Tá an scoil faoi láthair in ionad pobail An Rath Dubh ar an bhaile. Ach tá an tionad pobail chun é a dhíbirt muna ndíoltar cíos. Ní raibh urlabhraí thar ceann na scoile ná thar ceann an ionaid phobail ar fáil.

# O'Neill ceaptha mar bhainisteoir ar fhoireann an Tuaiscirt

## An meallfaidh sé tacaíocht ón bpobal náisiúnach?

**Anton Mac Cába**

TÁ bainisteoir Shamrock Rovers anois ina bhainisteoir ar fhoireann peile an tuaiscirt. Is as an Baile Meánach do Michael O'Neill. Bhí Cumann Peile Éireannach (IFA) ar a thóir don phost.

Tá an-fhadhb ag foireann an tuaiscirt nó tá imreoirí óga Caitliceacha ag aistriú go dtí an deisceart.

Tá seicteachas mar chuid den pheil, nó ceoltar amhrán náisiúnta na Breataine roimh cluichí idirnáisiúnta. Bíonn na cluichí 'baile' i Windsor Park i mBéal Feirste. Is le Linfield an pháirc. Luaitear an club leis an dílseachais. Aithnítear go bhfuil an IFA ag obair le tamall leis an íomhá sin a dhíbirt: meastar nach leor é.

Is ó chúlra Caitliceach do

O'Neill. D'imir sé 31 uair don tuaisceart idir 1988 agus 1996. Tá ard-mheas air i measc lucht na peile. B'imreoir den scoth é. Faraor, ní bhfuair sé a cheart, de bharr gortaithe a bhain dó.

Dúirt Jonathan Rainey, tacadóir de chuid an tuaiscirt, gur chuir tacadóirí dá lucht aitheantais an-fáilte roimh O'Neill.

"Ag Shamrock Rovers, chruthaigh sé go dtig leis bheith ag obair le hacmhainní teoranta," arsa Rainey. "Le foireann an tuaiscirt, beidh sé ag obair le líon teoranta imreoir. Sílim go ndearna an Cumann Peile Éireannach an rogha ceart."

Dar leis an iriseoir Eamonn McCann gur ceapadh 'dearfach' a bhí ann. B'shin ó thaobh na peile - agus ó thaobh saoil an tuaiscirt. "Níor ceapadh é mar gur ó chúlra Caitliceach/náisiúnach a tháinig," arsa McCann. "Ach cinnte bhí a fhios ag an gCumann Peile Éireannach na gnéithe dearfacha a bheadh leis."

Dar leis go bhfuil brú ar imreoirí óga Caitliceacha foireann na hÉireann a roghnú. "Tá sé cor ar bheith ina thraidisiún, go dtéann siad ó dheas," ar seisean. "Ní bhíonn bagairtí, ach tugtar le fios go mbíonn drochmheas ar dhaoine óga a deir go bhfuil siad le himirt don tuaisceart." Aithníonn sé



Lucht leanúna Thuaisceart na hÉireann. Le blianta anuas is beag tacaíocht atá faighte ag foireann an chontae ón phobal náisiúnach - arbh fhéidir go mbeidh athrú ar an scéal sin anois agus Michael O'Neill ina bhainisteoir ar an fhoireann? [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

go bhfuil seicteachas Protastúnach sa pheil. Dar leis go bhfuil, chomh maith, dream sa phobal Caitliceach go bhfuil an nimh san fheoil acu d'fhoireann an tuaiscirt.

Ní fios an difríocht a dhéanfaidh an ceapachán nua. Dar le daoine atá bainte leis an pheil, ní bheidh difríocht ann go luath. "Tá na daoine céanna i gceannas agus a bhí riamh,"

arsa fear amháin ó chúlra náisiúnach. Mar sin féin, níl ach an duine ó chúlra náisiúnach sásta le foireann na hÉireann.

Rinne iriseoir spóirt ó chúlra náisiúnach gearán nach roghnaíonn foireann na hÉireann na himreoirí óga ón dtuaisceart. "Roghnaíonn siad an deisceart, agus ní chloiseann tú níos mó fúthu," ar seisean.



*An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta*  
*Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht*

## Iarratas ar Aighneachtaí

## Scéim Ghaeilge – An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Tá faoin Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta a chéad Scéim Ghaeilge a dhréachtadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é príomhaidhm an Ahta cinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge agus iad a bheith ar chaighdeán níos airde.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na Scéime á lorg anois ag an Roinn ó pháirtithe leasmhara. Iarrtar aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach i bhformáid leictreonach, más féidir, chuig sean.coleman@ahg.gov.ie. Is féidir iad a sheoladh tríd an bpost freisin chuig Seán Coleman, Forbairt Chorporáideach, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, An Bóthar Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí.

Tá tuilleadh eolais ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga: [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie) agus eolas iomlán maidir le feidhmeanna na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag: [www.ahg.gov.ie](http://www.ahg.gov.ie).

Tabhair faoi deara go mbeidh fáil ar na haghneachtaí a gheofar ar shuíomh gréasáin na Roinne mura n-iarrtar a mhalairt. Caithfidh aighneachtaí a bheith faighte faoi 5 p.m. Déardaoin 19 Eanáir 2012

# Bean bainte leis an LVF i mbun chomhlacht Phort Laoise

**Anton le hAntn Mac Cába**

TÁ bean a rinne airgead a sciúradh do sceimhlitheoirí dílseacha an Loyalist Volunteer Force (LVF) ina stiúrthóir ar chomhlacht i bPort Laoise.

Trí bliana ó shin, bhain an *Serious Organised Crime Agency (SOCA)* sa tuaisceart héileacaptar; teach mór; carr Bentley; Jaguar x-chinéal; roinnt teach eile, agus 16 cuntas banc - i measc rudaí eile - de Beverley agus Mark McKinney.

Is as Port an Dúnáin don lánúin. Ba trí bliana ó shin a thug an tArd Chúirt i mBéal Feirste an t-ordú coigiste do SOCA. Luach £3milliún (€3.59milliún) a bhí i gceist.

Bhí an lánúin McKinney ina

stiúrthóir ar MMK International Transport. Bhí an comhlacht lonnaithe i bPort an Dúnáin.

Dúirt Alan McQuillan ó SOCA go raibh siad ag baint úsáide as an chomhlacht le toitíní, drugaí agus ola a smuigleáil "cé go raibh roinnt gnó dleathach ag an gcomhlacht." Bhí siad ag sciúradh airgid don LVF tríd an chomhlacht chomh maith.

Ciontaíodh Mark McKinney dhá uair as eolas bheith ina sheilbh a bheadh úsáideach do sceimhlitheoirí.

Leachtaíodh MMK International Transport cúpla bliain ó shin. Ach tá Beverley McKinney anois ina stiúrthóir ar Tyre Distribution Network i bPort Laoise.

Is í iníon Beverley an stiúrthóir eile. Tá seoladh ag an gcomhlacht in Eastát Tionsclaíochta Cluain Maighneann ar imeall Phort Laoise.

Níl an chomhlacht sa leabhar fón. Cláraíodh i Mí Lúnasa 2010 é. Ba Kearney Curran imBaile Átha Cliath a rinne. Cuireann Kearney Curran seirbhísí ccorparáideacha ar fáil. Níor comhdaíodh cuntais go dtí seo.

Bhí an LVF ar na sceimhlitheoirí dílseacha ab fhíochmhaire sa tuaisceart. Mharaigh siad 19 ag deireadh na 90idí agus tús an chéad seo. Ina measc, bhí an t-iriseoir Martin O'Hagan i 2001. Ag an am, bhí sé ag fiosrú na bainte idir iad agus na seirbhísí slándála.

# Fear Cúisithe de bharr Tine i mBÁC

**Katie McGreal**

CÚISÍODH Patrick Currie le coirloscadh i gCúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath inné i ndiaidh tine a thosú i Séipéal Naomh Catherine ar Shráid na Mí i mBaile Átha Cliath ar an Luan.

Ghabh na Gardaí é ag an suíomh agus chuala an chúirt gur imigh sé go ciúin.

Tá Currie 48 mbliana d'aois agus níl seoladh buan aige. D'iarr a dhlíodóir ar an gcúirt measúnú síciatrach a dhéanamh air mar síleann sé go bhfuil fadhbanna dáiríre síciatrach aige.

Tá sé le fanacht i bPríosún Cnoc na Seamar i mBaile Átha Cliath go dtí an Máirt seo chugainn nuair a rachaidh sé ar ais os comhair na cúirte.

Chaith lucht múchta dóiteán thart ar uair go leith ag iarraidh an tine a stopadh. Níl siad cinnte cén damáiste atá déanta go fóill. Má tá aon eolas ag éinne faoin eachtra, cuir scairt ar na Gardaí ar 01 6669400 nó 1800 666 111.



# CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



## 7,000 duine i bpríosún i leith fíneálacha

THUAIRISC Gaelscéal le déanaí go raibh duine amháin curtha go príosún as an 198 ciontú atá gnóthaithe ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Bunaíodh an oifig i 2001 le dul i ngleic le coiriúlacht chorparáideach agus is é an áisíneacht stáit atá ag fiosrú cleachtais i mBanc Angla Éireann roimh náisiúnú na hinstitiúide conspóidí.

Tuairiscíodh chomh maith gur gearradh deich téarma príosún ar dhaoine faoin Acht Iomaíochta ó bhí 2001 ann.

Cuireadh na téarmaí príosún ar fad ar fionraí áfach.

Tá sé tagtha chun solais ó shin gur cuireadh 6,969 duine i bpríosún idir Eanáir-Samhain 2011 toisc nár íoc siad fíneálacha (suas ó 2,520 in 2008).

Sin 134 duine in aghaidh na seachtaine.

Deir an tAire Dlí agus Comhionannais Alan Shatter go bhfuil leasuithe beartaithe a chuirfidh deireadh leis an gcleachtas daoine nach n-íocann fíneálacha a chur i bpríosún.

Tá sé thar am an córas a leasú gan amhras, ach tá sé suimiúil nach mbíonn an drogall céanna ar na cúirteanna daoine nach n-íocann fíneálacha a chur i bpríosún i gcomparáid le daoine a chiontaítear i leith coireanna corparáideacha.



## 2012 – Anró agus Euro

THUAR na Máigigh go dtiocfadh deireadh leis an domhan i 2012 ach an amhlaidh a bheas sé leis an Euro i mbliana?

Deir ceannairí na hEorpa nach dtarlóidh a leithéid, ach dúirt siad an rud céanna faoi tharrtháil na Gréige (faoi dhó), na hÉireann agus na Portaingéile.



Mar sin féin, is beag seans go dtitfidh an t-airgeadra in iomlán as a chéile.

Ach an mbeidh an 17 ball reatha ann ag deireadh na bliana? Céard a tharlódh dá bhfágadh Éire nó an Ghréig an euro?

Níl a fhios ag éinne, táthar ag maíomh go bhféadadh luach an drachma nua titim 50%-90%, agus go méadóidh praghsanna allmhairithe sa Ghréig, mar shampla, gluais-teáin, teilifísí srl. cúig nó sé uaire.

Táthar ag rá chomh maith go n-ardódh líon na n-onnmhairithe ón tír áfach. Ar bhealach má fhágann an Ghréig bheadh tuairim níos fearr againn sa tír seo faoi céard a tharlódh dá seolfaí an punt in athuair.

Céard a tharlódh má fhanann an Ghréig agus Éire san Euro?

Tá 15-20 bliain de chiorruithe caiteachais i ndán don Ghréig agus, de réir iar-oibrí an ESRI, Richard Tol, tá deich mbliana déine le teacht anseo.

Is cinnte gur duairc an tuar atá ann. Fógraíodh torthaí tubaisteacha eacnamaíochta roimh an Nollaig. Chrap an geilleagar 1.9% sa tríú ráithe i 2011 agus is cosúil gur chrap an geilleagar sa ráithe deireanach chomh maith.

Chiallóidh sé sin go bhfuil cúlú eacnamaíoch againn arís. Is cosúil áfach nár mhothaigh mórán daoine go raibh an ghéarchéim thart nuair a bhí an geilleagar ag fás i 2010 agus tús 2011 áfach. Má leanann an cúlú ar aghaidh titfidh plean tarrthála an AE-IMF as a chéile agus tá seans go mbeidh orainn 'tarrtháil' eile a fháil.

Cén tionchar polaitíochta a bheas ag an anró seo? An ceist is suntasaí ná an mbeidh reifreann Eorpach againn nó nach mbeidh. Ag brath ar an gconradh deireanach a 'aontóidh' ceannairí na hEorpa, tá gach seans go mbeidh reifreann againn.

Má bhíonn cuirfear sceimhle i gcroíthe na ndaoine faoin méid a tharlódh má dhiúltaíonn siad é. Níl aon dabht ach go bhfuil tír seo againne idir dhá thine Bhealtaine.

## Moladh faoi fheisteas Dála cáinte

TÁ cáineadh déanta ag Teachta Dála de chuid Daoine Roimh Bhrabús ar mholadh go gcuirfí gnás feisteas i bhfeidhm i dTeach Laighean.

Cur amú ama atá sa mholadh atá déanta ag Ceann Comhairle na Dála, Sean Barrett, dar le Joan Collins ó Bhaile Átha Cliath Lár Theas.

Bhí sé beartaithe ag Fine Gael agus an Lucht Oibre gnás feisteas a chur i bhfeidhm anuraidh ach cuireadh an moladh ar leataobh.

Chreid na páirtithe go bhféadadh teachtaí nach gcaitheann culaith comhbhá a fháil ón bpobal dá gcaithfí iad amach as an Dáil.

Tá iarracht eile ar bun ag Sean Barrett riail a chur i bhfeidhm a chuirfidh iallach ar theachtaí léine le cuachóig agus seaicéid a chaitheamh sa Dáil.

“Nuair a toghadh mise níor shínigh mé rud ar bith a dúirt go mbeadh orm culaith a chaitheamh,” arsa Collins.

“Creidim gur ceist aicme atá i gceist anseo, tá go leor daoine sa Dáil anois ón lucht oibre, agus iad bródúil as, ach níl daoine eile sa Dáil sásta glacadh leis na gnáth-éadaí a chaitheann siad. Fad is atá tú glan agus néata níor chóir go mbeadh fadhb ann leis na héadaí a chaitheann



Mick Wallace TD, neamhspleách, má chuirtear rialacha úra feistis i bhfeidhm - an ligfear isteach sa Dáil é? [PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

muid. Céard atá chomh déistíneach faoi bhríste géine, mar shampla.

“Níl daoine i mo thoghcheantar ag gearán faoi na héadaí a chaithim, an rud atá uathu ná go ndéanfaidh mé ionadaíocht ar a son sa Dáil, is cuma leo faoi fheisteas.”

“Agus seirbhísí á ghearradh agus táillí agus cánacha breise á chur ar dhaoine cuireann sé fearg orm go bhfuiltear ag cur amú ama ar an gceist seo,” ar sise.

Tá sé beartaithe ag an gCeann Comhairle cur le liosta na bhfocal coiscthe i dTeach Laighean chomh maith de bharr na n-eachtraí inar úsáid an t-iar Theachta Glas, Paul Gogarty, agus an Teachta Neamhspleách Mattie McGrath, eas-cainí sa Dáil.

Tá imeachtaí an Oireachtais ar fáil ar chainéal ar chóras teilifíse UPC ach tá Barrett ag iarraidh go mbeadh sé ar fáil ar fud na Poblachta freisin.



UNIVERSITY OF  
NOTRE DAME

### Scoláireacht iomlán ar fáil

do mhac léinn le bunchéim (BA)  
nó le hiarchéim (MA)  
sa Ghaeilge.

### Ph.D. sa Litríocht

Iarratas ar líne amháin  
Spriocdháta: 15 Eanáir 2012  
Gach eolas:  
<http://phdliterature.nd.edu>

Professor Peter McQuillan  
Roinn Theanga & Litríocht na Gaeilge  
410 Flanner Hall  
Notre Dame  
IN 46556  
S.A.M.  
R-phost: [pmcquill@nd.edu](mailto:pmcquill@nd.edu)



# Gaeltacht an Chláir le héirí arís?

Aighneachtaí á lorg maidir le limistéar nua Gaeltachta do Chontae an Chláir



Ciarán Dunbar

Tá Coiste i gContae an Chláir ag iarraidh go gcuirfear aighneachtaí chucu chun cuidiú leo plean teanga a fhorbairt mar chuid d'iarrachtaí chun aitheantas Gaeltachta a fháil don Chontae nó codanna de.

Tá sé i gceist ag Coiste Forbartha na Gaeltachta do Chontae an Chláir, “stádas Gaeltachta a lorg do mhuintir Chontae an Chláir ar fad nó cuid acu feasta.”

Tuigtear gur chuir an Coiste aighneacht chuig Roinn na Gaeltachta ar an ábhar seo díreach roimh an Nollaig.

D'ainneoin go raibh cainteoirí dúchais sa Chontae ag an am, níor cuireadh áit ar bith i gContae an Chláir sa Ghaeltacht Oifigiúil nuair a leagadh amach i 1956. Chaill an Clár a rian deireanach de stádas Gaeltachta in 2001 nuair a leasaíodh Acht na dTithe (Gaeltacht).

Tuigtear go bhfuil plean teanga á chur i dtoll a chéile ag an gCoiste Forbartha chun an Ghaeilge a athbheochan agus a neartú tuilleadh i gContae an Chláir agus táthar ag súil le hionchur ón phobal i dtaca leis an phlean seo.

Mar sin, tá cuireadh á thabhairt do mhuintir an Chláir agus mhuintir na tíre ar fad a gcuid smaointí agus tuairimí a chur in iúl trí aighneacht (leictreonach nó i scríbhinn) a chur chucu.

Cuirtear aighneachtaí chuig rúnaí na heagraíochta : Rúnaí an Choiste Stiúrtha: Coiste Forbartha na Gaeltachta do Chontae an Chláir, 11 Croí na mBaile, Bóthar an Ghleanna Mhóir, Cill Mhichíl, Contae an Chláir nó chuig joseph.r.enright@gmail.com roimh an 1 Bealtaine 2012.

Ach nach ró-uaillmhianach



An Ghaeltacht? : Carrig an Chabhaltaigh in Iarthar Chontae an Chláir, ar cheart go mbeadh comhartha ag fógaire 'An Ghaeltacht' taobh leis an chomhartha seo?

## Aighneacht ó Coiste Forbartha na Gaeltachta: Contae an Chláir

### Chuig Rúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Is mian linn aighneacht nua a dhéanamh go ndéanann an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus foireann na Roinne athbhreithniú ar a seasamh beartais reatha de réir mar a bhaineann sé le fairsinge na Gaeltachta taobh istigh de Chontae an Chláir faoi alt a 2 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1956 agus/nó faoi théarmaí tagartha Choimisiún na Gaeltachta 1926 nó a macasamhail agus/nó faoi Chuspóir 11 den Straitéis 20

an sprioc seo, chun stádas Gaeltachta a bhaint arís?


“Ní mór do dhaoine fis a bheith acu,” a deir Seosamh Mac Ionnrachtaigh, Rúnaí an Choiste Forbartha, “Ní fiú an Ghaeilge a chur chun cinn agus a athbheochan agus a neartú

Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (leathanach 45) i dtreo is gur féidir Cothrom na Féinne agus Cearta Teanga a thabhairt do mhuintir Chontae an Chláir a roghnaíonn Gaeilge a úsáid go mór mar ghnáthmheán cumarsáide ina gcuid idirghníomhú sóisialta taobh istigh de na toghranna nó cuid díobh agus ar a dtrasna taobh istigh de Chontae an Chláir amháin agus in áiteanna eile nach é ar bhonn práinneach agus ar bhonn tiomanta i bhfiannaise go bhfuil riar maith Gaeilge á labhairt go mór síoraí seasta ag lear mór saoránach ansin agus i ngeall is go mbíonn sí á húsáid mar ghnáth-theanga urlabhartha sa chontae úd ó thaobh a tuisceana, scríofa, a léimh, a labhartha agus a húsáide de.

muna bhfuil aidhm ag coiste.”

“Teastaíonn uainn mar dhream deireadh a chur le meath na Gaeilge in iarthar an Chláir ach go háirithe taobh istigh d'achar gearr,” a deir sé.

“Tá an Ghaeilge fós beo in iarthar Chontae an Chláir” dar



An Ghaeltacht mar a bhí i 1926, tráth a raibh go leor de Chontae an Chláir san áireamh ann.

le Seosamh. Tá roinnt daoine ann a bhfuil an Ghaeilge go flúirseach acu. Tá daoine a bhfuil an Ghaeilge ar a dtóil acu. Tá foghlaimoirí nua Gaeilge ag teacht chun cinn agus níos tábhachtaí ná tada ar bith eile tá an Ghaeilge á labhairt i measc cairde ar an tsráid.”

Dar le Seosamh, tá cainteoirí dúchais fós le fáil ann, “le scéal fada a dhéanamh gearr, maireann céatadán áirithe cainteoirí ó dhúchais fós fiú muna bhfuil ag cuid acu ach Gaeilge laghdaithe.”

Tá go leor áiteanna sa Ghaeltacht Oifigiúil ina bhfuil an Ghaeilge an-lag ar fad agus is

## Eolas ar Ghaeilge an Chláir

- Tá neart taifeadán ann de Ghaeilge Chontae an Chláir agus tá go leor acu le cloisteáil mar phodchraoltaí ó RTÉ Raidió na Gaeltachta.
- Tá leabhar tábhachtach scríofa ag an Sualannach Nils Holmer ó 1962-5. ‘The dialects of Co. Clare. 2 vols.’ Dublin: Royal Irish Academy.
- Tá leabhar tábhachtach eile scríofa ag an Athair Seóirse Mac Clúin, ‘Caint an Chláir’ ó 1940.

minic a thugtar ‘Bréag-Ghaeltachtaí’ orthu sin - an mbeadh sé sin i gceist leis an Ghaeltacht seo?

“Ní haon bhréag-Ghaeltacht é Contae an Chláir,” a deir Seosamh Mac Ionnrachtaigh, “An chaoi a bhfuil sé ná gur Breac-Ghaeltacht thraidisiúnta é iarthar Chontae an Chláir. Go hoifigiúil is iar-Ghaeltacht í dar le Glór na nGael. Dar liomsa is sean-Ghaeltacht thraidisiúnta muidne nach ndeachaigh i léig riamh.”

“Tá 166 duine le Gaeilge i Ráth Cairn. I gceantar mar Chill Ruis amháin tá Gaeilge ag suas le 112 cainteoir laethúil Gaeilge dar le taighde atá déanta againn.”

“Bheadh muist ag smaoineamh ar na ceantair ar fad cois cósta agus roinnt ceantair intíre go háirithe in áiteanna a bhfuil an Ghaeilge á labhairt go laethúil. Tá os cionn 900 cainteoir laethúil i gContae an Chláir faoi láthair.”

“Má labhraítear an Ghaeilge i measc gréasán, nach ionann é sin agus mion-Ghaeltacht? Tá cur amach ar an nGaeilge ag go leor leor daoine in iarthar Chontae an Chláir san am atá i láthair agus in áiteanna eile nach é,” a deir sé.

# Ionsaí ar Laoch Gaelach

Graffiti ar theach Illiam Dhône, laoch náisiúnta Oileán Mhanainn

## Anton Mac Cába

Ní fios cé a scríobh graifítí gáirsiúil ar sheanfhothracha, bhallaí agus ar bhóthar lámh leis an áit inar cuireadh an tigráthóir Manannach Illiam Dhône (Uilleam Donn) chun báis.

Rinneadh an t-ionsaí seachtain roimh an gcomóradh bliantúil.

Ta imní ar náisiúnaithe Mhanann gur polaitíocht a spreag an t-ionsaí. “Dealraíonn sé go ndearnadh d’aon gnó é tamall de laethanta roimh an gcomóradh,” arsa Bernard Moffatt ón gConradh Ceilteach.

“Tá sé soiléir go bhfuil na péas ag caitheamh leis seo ar bhealach difriúil. Nuair a scríobhadh graifítí náisiúnach, bhí acmhainní iomlána na bpéas i gceist. Nuair a bhíonn duine éigin ag déanamh ionsaithe ar náisiúnaithe, bíonn na péas ar nós cuma leo.”

Déantar comóradh ar Illiam Dhône achan bhliain ar an 2 Eanáir ar Chnoc Hango lámh le Balley Chash-tal. Ba ann a scaoil fórsaí Rí Shasana Illiam Dhône ar an 2 Eanáir 1663.

Cuireadh cúirt bhradach air as tréas. Tá sé ina laoch náisiúnach ag na Manannaigh ó shin.



# COMHSHAOL

## Na frithbheathaigh - gan ghníomh inniu, gan leigheas amárach

De réir dochtúirí leighis a dhéanann taighde ar na frithbheathaigh (antibiotics), beidh deacrachtaí móra againn amach anseo mura dtéimid i mbun gnímh anois leis na drugaí a fheidhmíonn in éadan na mbitheog a chaomhnú.


Le Pól Mac Cana

Is bunsraith mhór í i gcóras leighis an Iarthair, úsáid na bhfrithbheathach. Ach sa lá atá inniu ann, caithfidh muid a chur san áireamh i measc na bhféidearthachtaí don todhchaí, ná go mbeidh ionfhabhtaithe agus galair ann nach mbeidh leigheas againn orthu. Cén fáth? Sa chéad dul síos, laghdú i líon na bhfionnachtana nua ar dhruaí nua. Sa dara dul síos, bitheoga a bhfuil imdhíonacht orthu in éadan na míochaine atá againn faoi láthair. Is é sin le rá, beidh líon níos lú de dhruaí againn in éadan na mbitheog; agus beidh líon níos airde de bhitheoga a bheas slán ó na drugaí atá fágtha againn.

I láthair na huaire, meastar go bhfaigheann 25,000 duine bás san Aontas Eorpach gach bliain de dheasca na mbitheog siúd a bhfuil imdhíonacht forbartha iontu. Mar gheall air seo, ar ndóigh, iarrtar tuilleadh taighde le drugaí nua a aimsiú, agus iarrtar srian a chur ar mhí-úsáid na bhfrithbheathach atá fágtha againn faoi láthair. Is í an bhagairt is mó i dtaca le mí-úsáid na bhfrithbheathach seo, ná na hoidis leighis a iarrann an t-othar agus a thugtar dó gan ghá. Agus sna cásan-na go bhfuil cúis leis an chógas oidis aige, má theipeann air an aiste chógaís a chríochnú mar a iarrtar - bíodh sé sin d'aon turas nó de dhearmad - tugtar an-deis don bhitheog ghalraithe imdhíonacht a fhorbairt in éadan an druga sin, agus laghdaítear an fhéidearthacht go mbeidh feidhm leis amach anseo ar mhaithe le daoine eile.

Agus tá bagairt eile ann, agus í ag fás i gcónaí. Is é sin úsáid na bhfrithbheathach ar fheirmeacha, go háirithe ar dhi-anfheirmeacha na muc is na gcearc. Fiú nuair nach é an frithbheathach nó an bhitheog chéanna atá i gceist, tá contúirt ann. Bíonn an chontúirt ann go n-aistreo-faí aon imdhíonacht as na bitheoga atá sna hainmhithe anonn go dtí na bitheoga a dhéanann galrú ionainn. Tá cleas fíor-spéisiúil ag cuid de na bitheoga é seo a dhéanamh. Fiú murab iad an speiceas céanna iad, is féidir leo an imdhíonacht atá forbartha ag cineál amháin acu a aistriú anonn chuig speiceas difriúil ar fad, go díreach as a bheith in aice a chéile sa timpeallacht. Ní pórú atá i gceist, ach is córas é le tréithe maithe a aimsiú óna chéile. Is cleas éabhlóideach iontach é seo.

D'fhógair An Eagraíocht Dhomhanda



Sláinte go n-imríonn úsáid na ndrugaí in ainmhithe feirme inniu tionchar suntasach maidir le leathnú imdhíonachta in éadan na bhfrithbheathach sna hionfhabhtuithe Salmonella agus Campylobacter sa duine. An mhí seo caite, vótáil Feisirí an Aontais Eorpaigh i bhfabhar cosc a iarradh ar úsáid na bhfrithbheathach mar 'próifíolacsach' ar fheirmeacha, .i. réamhleigheas a thabhairt le galrú a chosc sula bhfaighe sé deis lonnú san ainmhí.

Ar ndóigh, is saincheist dheacair í seo. Ar cheart don fheirmeoir fanacht go dtaga galar ar ainmhí dá chuid sula gcuire sé leigheas air? Creideann roinnt daoine san eamháil gur gá an réamhleigheas le fulaingt na míolta a sháru agus le cailliúintí airgid a sheachaint. Sa Bhreatain, maíonn an British Veterinary Association go bhfuil tuiscint lag i measc na bhfeirmeoirí i dtaca le cás ardú na himdhíonachta sna bitheoga.

Agus tá tionchar na gcomhlachtaí móra a dhíolann an tréidleigheas le haireachtáil chomh maith sa scéal. Bíonn idirbhearta

luachmhara idir na comhlachtaí agus na tréidlianna; agus bíonn feachtais mhar-gaíochta ag na comhlachtaí móra atá dírithe ar na feirmeoirí le gá an réamhleighis a mhaíomh. Brú ar an fheirmeoir.

Deir Feisire Eorpach de chuid na Gearmáine, Dagmar Roth-Behrendt, go bhfuil tionscal na feirmeoireachta ag déanamh dochair do chúlú agus d'oineach feirmeoirí, agus go bhfuil sé ag cur muinín an phobail i mbaoil, toisc go bhfuiltear ag teip le srian a chur ar úsáid na bhfrithbheathach san eamháil.

Mar is gnáth i dtaca le cúrsaí socheolaíochta, is annamh a bhíonn rudaí soiléir agus furasta le réiteach. Agus cé go bhfuil coimhlint suime ar siúl, níl sé furasta locht a chur ar aon dream amháin sa díospóireacht seo. Táthar ann in eamháil na tréidliachta a chreideann go mbeidh an bua sa deireadh ag an taobh atá ag iarraidh chaomhnú na bhfrithbheathach don chine daonna amháin, agus go mbeidh ar thionscal na feirmeoireachta athrú luath nó mall. Ach gan réiteach eile ann do na feirmeoirí faoi láthair, beidh cinneadh ar bith a chuireann bac orthu na drugaí a úsáid mar réamhleigheas, deacair acu á shlogadh. Beidh tionchar nach beag aige seo ar bhrabús a ngnólachtaí.

Ach ar aon nós, i rith an ama agus an díospóireacht seo ar siúl eadrainn, tá cogadh na mbitheog beo leis agus ní stadfaidh sé. Mar a deir an seanfhocal: Ní fhanann muiir le fear sotal. Leoga, ní fhanfaidh bitheog leis ach oiread.



Comhairle Chontae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council

### Alt 261A den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (Cúrsaí breise maidir le rialú cairéal

1. Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall gach cairéal ina limistéar riaracháin a scrúdú i dtaobh Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Treoir um Ghnáthóga, féachaint ar ghá ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh i leith na gcairéal, ach nach ndearnadh sin -

- (i) measúnacht tionchair timpeallachta;
- (ii) breith a thabhairt an bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta;
- (iii) measúnacht chúí.

2. I gcás go dtabharfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall breith gur ghá measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh ar chairéal nó breith an raibh gá le measúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chúí, a dhéanamh ach nach ndearnadh sin agus go gcinnfidh an Chomhairle fosta -

- (i) gur tosaíodh ar an chairéal a oibriú roimh 1 Deireadh Fómhair 1964, nó gur deonaíodh cead i leith an chairéil, agus
- (ii) más infheidhme, gur comhlíonadh na ceanglais i ndáil le clárú faoi alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000,

go n-eiseoidh an Chomhairle fógra chuig úinéir nó oibritheoir an chairéil ag ceangal air nó uirthi iarratas ar chead ionadaíochta a chur faoi bhráid an Bhoird, agus beidh ag gabháil leis an iarratas sin ráiteas tionchair timpeallachta ceartaitheach nó ráiteas tionchair Natura ceartaitheach nó an dá ráiteas sin, mar is cuí.

3. I gcás go dtabharfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall breith gur ghá measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh ar chairéal nó breith an raibh gá le measúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chúí, a dhéanamh ach nach ndearnadh sin agus go gcinnfidh an Chomhairle fosta -

- (i) gur tosaíodh ar an chairéal a oibriú ar, nó i ndiaidh, an 1 Deireadh Fómhair 1964, agus nár deonaíodh aon chead i leith an chairéil, nó
- (ii) más infheidhme, nár comhlíonadh na ceanglais i ndáil le clárú faoi alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000,

go n-eiseoidh an Chomhairle fógra chuig úinéir nó oibritheoir an chairéil á chur in iúl dó nó di go bhfuil beartaithe againn fógra forfheidhmiúcháin faoi alt 154 a eisiúint lena gceanglófar go scoirfead d'oibriú an chairéil agus go ndéanfar cibé bearta is dóigh leis an Chomhairle is cuí.

4. I gcás go dtabharfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall breith gur ghá measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh ar chairéal nó breith an raibh gá le measúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chúí, a dhéanamh ach nach ndearnadh sin agus go dtabharfaidh an Chomhairle breith fosta go ndearnadh an fhorbairt i gceist i ndiaidh an 3 Iúil 2008, go n-eiseoidh an Chomhairle fógra chuig úinéir nó oibritheoir an chairéil á chur in iúl dó nó di go bhfuil beartaithe acu fógra forfheidhmiúcháin faoi alt 154 a eisiúint lena gceanglófar go scoirfead d'oibriú an chairéil agus go ndéanfar cibé bearta is dóigh leis an Chomhairle is cuí.

5. Is féidir le haon duine tuairimí nó aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn, gan aon táille a íoc, chuig Comhairle Contae Dhún na nGall i dtaca le haon chairéal ina limistéar riaracháin tráth nach déanaí ná 6 seachtaine i ndiaidh dháta an fhógra seo.

6. Ós rud é go mbeidh an Nollaig 2011 mar chuid den tréimhse 6 seachtaine atá luaithe thuas, cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall síneadh ama 9 lá ar fáil chun aighneachtaí nó tuairimí a bheith istigh. Mar sin de, tosófar an tréimhse 6 seachtaine ar an **9 Nollaig 2011, agus críochnófar é ar 4.30in ar an 30 Eanáir 2012.**

7. Déanfaidh an Chomhairle aighneachtaí a gheofar taobh istigh den tréimhse ama atá ceadaithe a mheas. Is féidir go gcuirfidh an Chomhairle aighneachtaí a gheofar ar fáil le scrúdú.

nó is féidir go gcuifear cóipeanna ar fáil do dhaoine eile ar iarratas.

8. Déanfar cóip d'aon fhógra a eiseoidh Comhairle Contae Dhún na nGall chuig úinéir nó oibritheoir cairéil faoin alt seo, á ordú dó nó di iarratas a dhéanamh chuig an Bord Pleanála ag lorg cead ionadaíochta, nó á chur in iúl dó nó di go bhfuil beartaithe ag an Chomhairle fógra forfheidhmiúcháin faoi alt 154 a eisiúint i leith an chairéil, a thabhairt do dhuine a rinne aighneacht, nó a thug tuairim, laistigh den tréimhse luaithe.

9. Is féidir le húinéir nó le hoibritheoir cairéil a n-eisíonn Comhairle Contae Dhún na nGall fógra chuige/chuici, agus le haon duine a dtugann Comhairle Contae Dhún na nGall cóip den fhógra sin dó/di, iarratas a dhéanamh chuig an Bord Pleanála, gan aon táille le híoc, ar athbhreithniú ar bhreith nó ar chinneadh, nó orthu beirt, a dtagraítear dóibh san fhógra.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh, nó tuairimí a thabhairt, go leictreonach trí fhoirm shaincheaptha ar líne agus córas léarscáilíochta atá gasta agus furasta a úsáid. Tá an áis seo ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall ar [www.donegalcoco.ie](http://www.donegalcoco.ie). Nó, is féidir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifig Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall, Áras an Chontae, Leifear, agus ba chóir 'Rialú Cairéal' bheith sa teideal.

An tUas Mícheál Ó hÉanaigh,  
Stiúrthóir Seirbhísí,  
POBAL, CULTÚR AGUS FIONTRAÍOCHT,  
Comhairle Chontae Dhún na nGall,  
Leifear,  
Contae Dhún na nGall.



# Ní fios dom cad atá fíor, ach is eol dom nach gcreidfidh mé rialtas na Breataine



Eoghan Ó Néill

NÍOR scríobhadh cuntas níos fearr ar stailc ocrais na Ceise Fada ná leabhar David Beresford, ‘10 Men Dead.’ Ó luath laethanta na H-Blocanna agus saolú an pholasáí Briotanaigh de bheith ag déanamh ‘coirpigh’ de bhaill an IRA go críoch na stailce ocrais is an tÉalú Mór amach as an phríosún in 1983, insíonn Beresford an scéal ar bhealach údarásach, beoga, daon-nachtúil.

Thug déantóirí scannáin léargas dúinn ar stailc ocrais na H-Blocanna fosta. Bhí Michael Fassbender againn i bpáirt Bobby Sands sa scannán ‘Hunger.’

David O’Hara i bpáirt Francis Hughes in ‘Some Mothers Son.’

Agus bhí faobhar ar leith ag baint leis an Ifreann ar thalamh a chuir Labhrás Mac Eoin inár láthair sa scan-nán ‘H3.’ Agus bhí drámaí ann lena

chois. An seó aon fhear le Tony Devlin, ‘1981.’ Agus an dráma is fearr a scríobhadh riamh faoin stailc ocrais, ‘Dialann Ocrais’ le Peter Sheridan.

Iad uilig ag léiriú gnéithe éagsúla de scéal coscartha na H-Blocanna.

Cuid acu ag teacht salach ar a chéile. Nó ó am a bhunaithe, ba bhlár catha iad na H-Blocanna.

Is le smachtíní is buillí dorn, le cac ar bhallaí agus le troscadh, a troideadh an cath ar an taobh istigh.

Le buamaí agus le piléir, (luaidhe agus plaisteacha) a troideadh é ar an taobh amuigh. Tháinig deireadh leis an chath fuilteach tamall maith ó shin. Ach tá an briatharchath ag dul i gcónaí. Easaontóirí Poblachtacha ag cur in iúl nach í Margaret Thatcher ach Gerry Adams agus a ‘chabal’ a bhí freagrach as bás seisear den deichniúr stailceoir ocrais.

Agus rialtas na Breataine ag iarraidh i gcónaí a chur in iúl gurb iad ceannairí ‘neamhthaiseacha’ Shinn Féin a d’ordaigh do na stailceoirí ocrais bás a fháil le go rachadh Sinn Féin chun tosaigh i saol na polaitíochta. An tseachtain seo cheadaigh rialtas na Breataine dúinn líon beag doiciméid dá gcuid a fheiceáil i ndiaidh dóibh scagadh is cin-sireacht a dhéanamh orthu.

Agus iontas na n-iontas cuireann siad sin in iúl go raibh Margaret Thatcher, go pearsanta, iarraidh comhréiteach a dhéanamh leis na stailceoirí ocrais i mí Iúil 1981.

Ach gur dhiúltaigh gluaiseacht na Poblachta dá tairscint.

Más fíor do na doiciméid, ceadaíodh teagmháil leis an IRA le cur in iúl dóibh go mbeadh na Sasanaigh sásta leasuithe éigin a fhógairt ar 3 éileamh de 5 éileamh na gcimí. Ní dhearnadh soiléir cad iad go díreach na leasuithe a bheadh ann agus cad é mar a dhéanfaí cinnte de go gcloifeadh na Sasanaigh lena bhfocal. Bhí na Sasanaigh ag rá rud amháin leis an IRA. Agus rud eile ar fad le rialtas na hÉireann agus leis an *Irish Commission for Justice and Peace*.

Seanscéal agus meirg air. Níor smachtaigh na Sasanaigh trí ceathrú cuid den domhan trí bheith ag insint na fírinne! Thosaigh an dara stailc ocrais mar gheall ar chliseadh na céad stailce. Nuair a d’ordaigh Brendan Hughes go gcuirfí deireadh le troscadh seachtar fear i mí na Nollag 1980 shíl na cimí go raibh comhaontú acu leis na Sasanaigh.

Chuir na Sasanaigh doiciméid 34 leathanach ar fáil ag geallúint bun-

leasú ar chúrsaí sna H-Blocanna. Agus taobh istigh de roinnt seachtainí rinne siad neamhairde ar fad dá gcuid geallúintí. Ba é dearcadh Bobby Sands nárbh fhiú faic gheallúint ó rialtas na Breataine mura raibh meic-níocht ann chun a chinntiú, go neamhspleách, go gcuirfí i gcrích é.

Ó thús deiridh leag Margaret Thatcher a seasamh amach go láidir is go soiléir. Dar léi gurb é an stailc ocrais ‘an cárta deiridh a bhí fágtha ag an IRA.’

Sa chomhfhreagras a foilsíodh an tseachtain arsa a Státrúnaí sa tuaisceart, Humprey Atkins, “*Continue to stand firm. There is always the chance that the strike will collapse of itself, leaving the Provisional leadership humiliated.*”

Cheadaigh rialtas na Breataine bás na stailceoirí. Ba chuid dá bpolasaí é.

Agus taobh amuigh de na príosúin cheadaigh siad sléachtú léirsitheoirí ar na sráideanna. Cheadaigh siad scaoileadh na gcéadta mílte - sea na céadta mílte - piléar plaisteach.

Cheadaigh siad marú páistí ar nós Julie Livingstone agus Carol Ann Kelly. Cheadaigh siad ceilt na fírinne faoi na dúnmharuithe seo.

Cheadaigh siad sceimhle. Níor ligeadh dúinn aon doiciméid

ón gcartlann a fheiceáil maidir leis an sceimhle sin. Is iomaí leagan den stair atá ann. Dúirt an tAthair Denis Faul nárbh fhéidir na Sasanaigh a thrust faoi cheist na H-Blocanna.

Dúirt Denis Bradley gur thug an tIRA an cumhacht ar fad do na stailceoirí ocrais seachas cumhacht a bheith ag na ceannairí amuigh.

Deir Bik Mc Farland, (ceannaire na gcimí) Danny Morrison is Gerry Adams, triúr a bhí ag croílár na dteagmhálacha, nár cuireadh aon tairscint téagartha críochnaithe ina láthair i mí Iúil 1981.

Deir iarchime, Richard O’Rawe, go raibh na Sasanaigh ag tairscint oiread is a shásódh na cimí ach gur choinnigh gluaiseacht na Poblachta an moladh sin siar ó na stailceoirí ocrais.

Creid do rogha ceann de na scéalta seo. Ach cuimhnigh seo.

Níor lorg Margaret Thatcher comhréiteach leis na mianadóirí sa Bhreatain. Agus bliain i ndiaidh na stailce ocrais, gan smaoineamh air, d’ordaigh sí marú 360 mairnéalach ar an Belgrano agus iad ag imeacht ón bhlár catha. Ní fios dom cé acu leagan d’imeachtaí mhí Iúil 1981 atá fíor.

Ach is eol dom nach gcreidfidh mé an leagan a d’fhoilsigh rialtas na Breataine an tseachtain seo caite.

## SÚIL SIAR na Seachtaine

### Tús ré na ‘Telefíse’



Donncha Ó hÉallaithe

Oíche chinn bhliana, leathchéad bliain ó shin thosaigh ‘Telefís Éireann’ ag craoladh. Ní hiontas ar bith é go raibh neart le rá sna meáin chlóite faoin meán nua cumhachtach a bhí curtha ar bun le freastal ar mhianta an rialtais, ar mhianta an phobail agus ar mhianta na n-áisínteachtaí fógraíochta.

Naonúr a ceapadh ar údarás, faoi chathaoirleacht Éamonn Andrews, beirt athbheochanóirí ina measc: Earnán de Blaghd agus Áine Ní Ceanainn. Tugtar le fios i mBeathaisnéis (1983 - 2002) go raibh idir an bheirt acu faoin ainm ba cheart a bheith ar an stáisiún nua: de Blaghd ag iarraidh ‘Teilis’ a bheith san ainm

agus Ní Chanainn ag iarraidh ‘Telefís’.

Tús Eanáir foilsíodh eagarfhocal ar an iris mhíosúil Comhar faoi sceideal na gclár. Luaitear ag tús an eagarfhocail go bhfuil dualgas de réir an dlí leagtha ar an údarás nua craolacháin, an aidhm náisiúnta i leith athbheochan na Gaeilge a choimeád i gcuimhne i gcónaí.

Cáinte baill an údaráis mar gur socraíodh é a fhágáil faoi Stiúrthóir na seirbhíse, Edward Roth, an sceideal a leagan amach. Dála an scéil, mar a bhí á thuair ag Comhar, ní raibh an Meiriceánach ach beagán le cois bliain sa phost nuair a ceapadh an tÉireannach Kevin McCourt ina áit.

### Comhar, Eanáir, 1962 Telefís Éireann?

“Ní gá dhúinn anseo mioninsint a thabhairt ar chlár na céadseachtaine de réir mar foilsíodh é san RTV Guide, Mí na Nollag 8. Ná ní gá dhúinn é léirmheas ó thaobh na neamairte atá déanta, beagnach go



hiomlán ann, den Ghaeilge, ná ar ísle an chaighdeáin ann ó thaobh an chultúir de (cultúr de shaghas ar bith, gan trácht ar chultúr duchais).....

Níl aon amhras faoin áit a bhfuil an fhreagarthacht sa chás. Ar leathnach 3 den RTV Guide deir Stiúrthóir Ginearálta an Údaráis, Edward J. Roth, Jnr.: “In the end the Authority decided to leave the full responsibility for choosing material with me.” Seo mar atá an cás anois againn mar sin: gur bhunaigh an Dáil an tÚdaras Teilifíse agus thug cumhacht don Údarás sin na forála faoi chúrsaí náisiúnta agus faoi chúrsaí na teangan go speisialta a chomhlíonadh

agus a thabhairt i gcrích: agus gur bhronn an tÚdarás an chumhacht sin ar Edward J. Roth, Jnr., a thuigeann oiread faoi chultúr na hÉireann, táimid cinnte, agus a thuigeann sé faoi na cúrsaí céanna i bPeru.

Agus ní mar dhíspeagadh air adeirimid é sin: cén bealach a mbeadh an tuiscint sin aige? Cén teolas a d’fhéadfadh a bheith aige faoi mheon ná faoi thréithe, faoi aidhmeanna ná faoi chultúir pobail ar bith ach an pobal, as a dtáinig sé féin: pobal Mheiriceá? Cé na caighdeáin a d’fhéadfadh a bheith aige ach caighdeáin an phobail ar díobh é? Agus ná fuil aontú idir


lucht oideachais, lucht cultúir agus lucht intleachta ar fud an domhain thoir agus thiar gurb iad na caighdeáin Mheiriceánacha úd atá dá scaipeadh ar fud an domhain trí mheán na scannáin faoi choirptheacht agus “gangsterism” agus “Have Gun, Will Travel” is ciontach cuid mhaith le truailliú blas an phobail i gcúrsaí caitheamh aim-sire?

Os comhair an neamhaird a fheictear á thabhairt ar an Ghaeilge sna cláracha tosaigh seo, tá iarracht den sotal sa mhéad adeir Mr. Roth faoi ionad na Gaeilge sa Teilifís: “We shall abide by our statutory obligation to the language.” Is bocht am cás againn é, strainséar gan Ghaeilge, gan tuiscint di, ná bá aige léi, a bheith ar a chumas a leithéid sin a rá.

Ní hé go bhfuilimid féin in éadóchas faoin scéal. Beidh Edward J. Roth againn ar feadh bliana nó dó: imeoidh sé leis ansin, gan amhras, agus tiocfaidh an dúshraith dúchais in uachtar dá leis....Tiocfaidh sin chomh cinnte agus a thiocfaidh an lá amárach: mura dtagann gheobhaidh Telefís Éireann bás. Níl aon saol i ndán don chóras teilifíse ná fuil de chaighdeáin ná de ábhar ann ach iad sin is aithris ar a leithéidí féin i Sasana nó i Meiriceá ....”



# Eagarfhocal



## Smaointeoireacht dhearfach de dhíth i 2012

TÁ go leor le bheith dearfach faoi in Éirinn, d’ainneoin ár ndeacrachtaí eacnamaíochta.

Tá cúrsaí go hollc san am atá i láthair agus táthar ag tuar ar bhonn laethúil go mbeidh rudaí ag éirí níos measa i mbliana.

Tá na heacnamaithe in iomaíocht le chéile chun an leagan is measa den scéal a scaoileadh.

B’fhéidir é, ach b’fhéidir go mbeadh feabhas éigin ar chúrsaí chomh maith.

Tá gníomh dearfach agus smaointeoireacht dhearfach de dhíth chun sin a bhaint amach áfach.

Is fíor go bhfuil cuid mhaith den aos óg scaipthe ar fud na ríochtaí. Is mór an trua seo, go háirithe dá dteaghlach fágtha in Éirinn.

Ach nach raibh an t-adh orthu go bhfuil deiseanna ar fáil in áiteanna eile den domhain agus gur minic a

chuirtear fáilte rompu?

Tá go leor daoine ar an tsaol seo a mhaireann i dtíortha ina bhfuil fíorbhochtanas agus ocras ann, gan aon dóchas go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí go luath agus ní minic a chuirtear fáilte roimh mhuintir na dtíortha seo go tíortha eile, ar nós an Astráil.

Fiú ó thaobh na Gaeilge de, tá níos mó againn le bheith dearfach faoi ná a bheith diúltach faoi i ndeireadh na dála.

Chomh lag is atá sé tá Acht na dTeangacha Oifigiúla ann, tá stádas oifigiúil ann san Eoraip, tá stádas bunreachtúil ann, tá Gaeltachtaí ann, tá TG4 ann, tá Raidió na Gaeltachta ann agus tá Gaelscoileanna ann.

Níl mórán leithscéalta fágtha againn i dáiríre.

D’ainneoin na rudaí seo go léir, tá cuma ar an scéal go bhfuil an teanga ag fáil bháis. Is dócha gur diúltachas

agus easpa dóchais atá taobh thiar de sin ag an bpointe seo thar aon rud eile.

Dá dtiocfadh linn mar Ghaeil smaoineamh níos dearfaí i mbliana, seans go dtógfadh níos mó daoine a gcuid páistí le Gaeilge, go labharfadh níos mó daoine óga an teanga agus go mbeadh todhchaí ann dár gcultúr.

Mar shampla, féadtar a bheith cinnte dearfa go mbeadh sé dodhéanta 250,000 cainteoirí laethúla a bhaint amach mar chuid den Straitéis Fiche Bhliain don Ghaeilge - níl ann ach 100,000 cainteoirí laethúla Gaeilge ar an domhan, agus sin ag smaoineamh go dearfach!

Ach, tá Gaeilge ‘íofa’ ag 350,000 nó mar sin (agus 1.3 milliún a bhfuil eolas éigin acu ar an teanga) sa Phoblacht amháin.

An bhfuil muid chomh gafa sin leis an diúltachas agus leis an íseal brí

nach gcreideann muid gur féidir linn 150,000 acu sin a thiontú ina nGaeilgeoirí mar is ceart?

An bhfuil an mhéid easpa muiníne againn féin i luach ár gcultúr ná go gceapann muid nárbh fhéidir tábhacht agus áilleacht na Gaeilge a chur ina luí ar dhaoine eile?

B’fhéidir é sin, ach b’fhéidir go mbeadh an ghlúin úr atá ag teacht aníos níos muiníní ina gcuid tuairimí agus a gcuid cumais?

Cibé rud atá i ndán don tír seo, dá geilleagar agus dá cultúr, ní chuideoidh an tsean-diúltachas chun dul chun cinn a bhaint amach.

Fágaimis é sa stair, fágaimis é i 2011 agus bogaimis ar aghaidh. Caithfidh muid a bheith dearfach agus a bheith ag smaoineamh go dearfach i 2012, sin an t-aon chaoi a bheas Éire nua agus Éire níos fearr ann.

Bliain úr faoi mhaise daoibh go léir.

## LITREACHA chuig an Eagarthóir

### Coinnigh an Coimisinéir neamhspleách!

*A chara,*  
Mar bhaill de phobal na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht táimid ag súil go n-athróidh an Rialtas a chinneadh le hOifig an Choimisinéara Teanga a dhúnadh mar oifig reachtúil neamhspleách agus a cuid feidhmeanna ar fad a chur isteach faoi Oifig an Ombudsman i 2012. Táimid ag éileamh ar an Rialtas an t-athrú seo a dhéanamh láithreach in ionad fad a chur leis an bpróiseas agus níos mó damáiste a dhéanamh d’éifeachtacht na hOifige.

Aithnítear go forleathan an Coimisinéir Teanga mar choimisinéir thar a bheith éifeachtach agus dinimiciúil atá molta ní hamháin dá chuid oibre le cearta saoránaigh a chosaint ach chomh maith mar dhuine réamhghníomhach i gcur chun cinn an dea-chleachtais teanga. Mar shampla, le déanaí d’fhorbair a oifig modúl ar chearta teanga go ginearálta le húsáid san idirbhliain in ár scoileanna dara leibhéal.

Tá a fhios againn anois, mar a d’admhaigh Aire Stáit na Gaeltachta sa Dáil ar an 24 Samhain, go bhfuil an baol ann go gcosnóidh an cinneadh seo airgead ar an Stát. Níor tógadh san áireamh freisin nuair a rinneadh an cinneadh go bhfuil conradh ag an gCoimisinéir Teanga le bheith mar choimisinéir neamhspleách go dtí 2016. Ní féidir, mar sin, cinneadh an Rialtais a chur i bhfeidhm i 2012 gan baol ann go mbeidh an Stát oscailte do chásanna dlí

amach anseo agus d’fheadfadh breis costas a bheith ar an stát dá bharr. Fiú amháin níor aithin an Bord Snip Nua aon éifeachtúlacht le déanamh nuair a rinneadh measúnú ar Oifig an Choimisinéara Teanga agus níor mhol an tuairisc aon athrú i stádas na hoifige mar oifig neamhspleách.

Tá gach páirtí polaitiúil agus na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta tar éis tacaíocht a léiriú don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030. Aithnímid go mbeidh fadhbanna le maoiniú sa ghearthéarma ach céard is fiú an bonn agus an dea-thoil a bhaint den straitéis leis an gcinneadh seo atá aitheanta nach ndéanfaidh aon choigilt don státchiste.

Creidimid gur chóir don Rialtas na hargóintí geilleagrach chomh maith le mianta agus tuairim láidir phobal na Gaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, a thógáil san áireamh agus gur chóir tacaíocht a chur ar fáil d’Oifig an Choimisinéara Teanga Tá muinín an phobail ag an oifig agus tá seirbhís an-éifeachtach curtha ar fáil ó bunaíodh é i 2004. Is é, mar sin, an rud loighciúil agus ceart le déanamh ná an cinneadh a athrú láithreach.

*Is muidne le meas,  
Aodán Mac an Mhílidh, Gaeilge Átha Luain  
Aoileann Nic Dhonnachta, Baile Átha an Róine,  
Co. Laoise  
Bláthnaid Ní Ghréacháin, Gaelscoileanna Teo.  
Breandán Mac Gearailt, Ball d’Údaráis na Gaeltachta  
Cabríní de Barra, Comhlucht Forbartha na*

*nDéise  
Caitlín Neachtain, Bainisteoir, Comharchumannn Dhúiche Sheoigheach  
Caoimhín Ó hEaghra, An Foras Pátrúnachta  
Carmel Nic Eochaidh, Spleodar  
Colm Mac Séalaigh, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath  
Conchubhair Mac Lochlainn, Seachtain na Gaeilge  
Cumann Cearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne  
Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (Earnáil Phoiblí), Roibeard Ó hEartáin & Páid Ó Neachtain  
Donncha Ó hÉallaithe, Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge  
Éamonn Mac Niallais, Guth na Gaeltachta  
Eithne O’Doherty, Craobh na gCeithre Chúirteanna  
Eoin Ó Riain, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe  
Feargal Ó Cuilinn, Comhluadar.  
Gary Redmond, Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn  
Gearóid Ó Murchú, An Spailpín Fánach  
Julian de Spáinn, Aontas Phobal na Gaeilge  
Liam Ó Maoladha, Oireachtas na Gaeilge  
Lorcán Mac Gabhann, Glór na nGael.  
Maedhbh Ní Dhónaill, Ógras  
Máirtín Ó Maolmhuaidh, Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin  
Mícheál de Mórdha, Uachtarán an Oireachtais*

*2010  
Niall Comer, Uachtarán, Comhaltas Uladh  
Pádraig Mac Fhearghusa, Fóram Gaeilge Chiarraí  
Peadar de Blúit, Aontas na Mac Léinn in Éirinn  
Robbie Cronin, an chéad ionadaí don Ghaeilge thar cheann an ASTI  
Ruth Ní Shiadhail, Gaeilge Locha Riach  
Seán Ó Murchadha, Craobh Mhuineacháin*

### Droch-Ghaolainn lucht Rugbaí?

*A Eagarthóir a Chara.*  
Tar éis dom dhá uaire an chloig eile fós a chaitheamh ag féachaint ar ‘Rugbaí Beo’ ar TG4, tá briste ar an bhfoighne agam. Fear anailíse amháin ná tig leis an abairt is giorra a chur le chéile gan dornán botún agus fear eile a bhíonn de shíor ag cur síos ar imreoirí a bhíonn “ag ciceáil an liathróid” agus ar réiteoirí a bhíonn “ag séideadh an fheadóg”.

Cúpla ceist. An gá, de dhroim riachtanais, go mbeadh droch-Ghaolainn ag duine chun go bhfaigheadh sé post mar anailís ar TG4 ? An tarna ceist. An mbeadh aon stáisiún teilifíse eile ar fud na cruinne toilteanach daoine a chur ar an aer go leanúnach d’fhonn praiseach a dhéanamh den teanga ina bhfuilid ag craoladh ? Ní dócha é.

*Le meas,  
Ciarán Ó Cróinín  
Wilton, Corcaigh.*



Cuirtear litreacha chuig [litreacha@gaelsceal.ie](mailto:litreacha@gaelsceal.ie).  
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.



# Dea-rúin na hAthbhlhiana



Concubhar Ó Liatháin

Cé go bhfuil sé faiseanta, tá sé fánach bheith ag fógairt do dhea rúin don Athbhlhiana ag tús na bliana úire. Is iomaí colún nuachtán a líontar le na geallúintí ach go mbíonn siad ina smidiríní agus an dumhach fós ag ttriomú ar an bpáipéar nuachta.

Is cuimhin liom féin tús a chur le haiste bia ar Lá Caille bliain amháin. An lá céanna thugas aghaidh ar Lios na gCearrbhach chun scálaí agus gléas cócarála ‘George Foreman’ a cheannach in Argos. Tar éis dom mo chuid siopadóireachta a dhéanamh thugas “M” mór McDonalds faoi ndeara.

I gclapadh na súil bhí fáth mo thuras



An 'M' mór sin, is furasta géilleadh don chathú.

ligthe i ndearmad agam agus bhíos ag cur m'ordú isteach trí fuinneog na fuascailte. D'itheas mo chuid - agus mar a tharlaíonn i gcónaí mhothaíocht ciontach agus breoite. Tús maith leath na h-oibre, maith go leor, ach ní féidir tosnú go h-ocrach ar do chuid saothair.

Tagann na margai i dtír ar ár gclaontaí. Bhí forlíonadh i nuachtán Domhnaigh ag an deireadh seachtaine ina raibh comhlacht ag fógairt sladmhargai ar innealra aclaíochta. D'iobair do bholg ar chostas níos ísle! Sna nuachtáin céanna coicís roimhe sin bhí fógraíocht á dhéanamh ar gach cineál earraí chun an bolg céanna a líonadh.

Tréimhse ró-fhada é bliain le bheith ag déanamh dea rúin ina leith. Is fearr tosnú le lá. Má éiríonn liom lá a chur díom gan géilleadh don chathú - i mo chás, seacláid nó bia gasta d'aon tsórt - bhuel, is bua é sin. Cuir lá nó dhó leis i ndiaidh a chéile agus ní fada go mbeidh mé ar bharr na Sraithe.....

Feachtas fada leanúnach é an troid in aghaidh na meáchana liomsa. Táim ró-

throm chomh fada agus go bhfuil cuimhne agam. Agus táim ag troid an dea-throda geall leis chomh fada céanna.

Ní bhaineann ceist na ndea-rún leis an meáchan amháin gan amhras. Is féidir geallúint a thabhairt go ndéanfaidh tú rud éigean fóna ar do leas féin nó ar leas an phobail. Agus tá sé sin déanta agam go minic freisin - tháinig tairbhe éigean as, uaireannta. Níor tháinig uaireannta eile!

Deirtear linn go mbeidh bliain cru-aigh os ár gcomhair - mar sin beidh go leor le déanamh againn, gan a bheith ag iarraidh cloí le dea rúin anuas ar sin arís.

Más féidir dea rún amháin a fhógairt - agus gach rud atá ráite agam go dtí seo a bhréagnú, is dócha - is é seo é: Go dtabharfaidh mé faoi gach lá amhail is gurb é sin mo lá dheireannach. Mar a dúirt Steve Jobs, is cinnte go bhfiorófar an tairngreacht sin lá éigean.

Guím beannachtaí na h-athbhlhiana oraibh go léir.....

# Bliain mhaith d'Éire i 2012



Páidí Ó Lionáird

Bhí bliain fíor-chorraitheach in Éirinn anuraidh agus súil (nó dhó) ag gach duine nach mbeidh a leithéid de bhliain arís againn i 2012.


Agus cé a cheapadh go dtarlódh gach ar tharla anuraidh? Bhuaigh Baile Átha Cliath sa pheil agus Cill Chainnigh san iomáint agus bheadh an Corcaíoch seo ag súil nach dtarlódh sé sin arís i mbliana cuma cé chomh tuillte agus a bhí a gceiliúradh san phríomhchathair acu.

Ba bheag cúis ceiliúradh a bhí againn um a dtaca seo anuraidh áfach.

Bhí an Nollaig caite, bliain nua eile ag breacadh ach faoi scamail throma, dhortha lán le droch-tharraingreachtaí ag eascairt ón gcáinainnéis throm-chúiseach dar rug Aire Airgeadais na linne, Brian Lenihan chugainn an mhí roimhe sin agus eisean féin ag fulaingt faoi scáth scamall an bháis.

Níorbh fhada ar n-aírd dírithe ar an gcruatan áfach nuair a líonadh tancanna na bhfeithiclí toghcháin chun beochta - olltoghcháin a bheadh ar an bpobalbhreith ar a ndéanfaí is mó cainte, tráchta agus a tharraingeadh aird an domhain mhóir dá bharr ó 1918 agus breith na poblachta i leith.

Bheadh geall le ceithre bliana déag caite i rialtas ag Fianna Fáil agus bhí athrú intinne tagtha ar an bpobal. Bhí an tír sleamhnaithe ó shaibhreas agus ó mhaoín an tsaoil le linn ré an T\*\*\*\*\*r



An gcuimhne libh seo? Carr mór Uachtarán Mheiriceá 'gafa' i mBaile Átha Cliath.

C\*\*\*\*\*gh (nach féidir a lua go poiblí níos mó) go bochtannas an tríú domhain.

Agus bhí rogha eile anois freisin. Le plean C\*\*g P\*\*\*\*\*e (iarsma eile nach bhfuil cead a lua) ina ghleic aige, tháinig Enda Kenny, an ridire geal ón iarthar agus d'fhógair féin ar Fhianna Fáil i ngach ceann de na sé contaetha fichead.

Agus éirigh leis ár a leithéid's nach bhfacthas ó bhí cotaí dearga á gcaitheamh go coitianta ag saighdiúirí na gcomharsan a thagadh ar cuaird go minic cheana.

Ó 78 shuíochán go 20 cinn agus gan ach ceann amháin acu san i mBaile Átha Cliath, cosanta go cróga ag an té nach n-éireodh leis a bheatha féin a chosaint míonna gearra 'na dhiaidh

sin, Brian Lenihan. Slad a bhí ann fúf fad agus leithead na tíre.

Bheadh sé an-éasca an chuid eile den colún seo a chaitheamh ag plé gach a bhí lánach san cinn agus a sheasfadh go d'Fhine Gael agus sa gcailliúint uafásach, stairiúil seo d'Fhianna Fáil ach tá sé ar fad cloiste agaibh cheana féin agus ar aon chuma tharla go leor eile idir Feabhra agus deireadh 2011.

Níorbh Enda Kenny amháin a thiocfadh chuinn cinn agus a sheasfadh go hard, maorga os ár gcomhair. Níorbh fhada in oifig é go raibh air an tír a réiteach do chuaird stairiúil Banríona Eilís II Shasana. Cé a cheapadh go dtarlódh a leithéid d'ócáid?

Cheap Uachtarán na linne, Máire Mhic Giolla Íosa. Bhí an treabhadh agus fuirseadh ar fad déanta aici sin i bhfad

roimh ré agus is cinnte gur iomaí bunchloch a bhog sí d'fhonn sin a bhaint amach.

Tháinig sí, gléasta mar mhaor-eitilte Aer Lingus, i gcualaith uaithe. D'umhlaigh sí agus chrom a ceann sna Gairdíní Cuimhneacháin agus Cogaidh in ómós siúd a cailleadh i mbun troda - cuid acu ag cosaint na hÉireann, cuid mhór acu ag cosaint na Ríochta.

Labhair sí Gaeilge fiú.

Rud a dhein an chéad cuairteoir cáiliúil eile freisin. I bhfoirm Barack Obama, Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, chuirfeadh Éire fáilte roimh bheirt fíorchumhachtach in achar laethanta dá chéile agus nuair a mheabhraigh sé dúinn gur "...Féidir Linn!" ón ardán ar Fhaiche an Choláiste, dheineamar dearmad ar Standards & Poor agus an t-ábhar ghrinn a chothaigh a chuaird nuair a theip ar fhathach-ghluaisteán an Uachtarán ar a dtugtar "The Beast", clós na hAmbasáide i nDroichead na Dothra a fhágáil.

D'fhéadfaí a rá gur dhein an bheirt ceannstát thuasluaite níos mó maith-easa don Ghaeilge ná éinne eile in Éireann anuraidh, gan trácht ar an mhaith-eas a dheineadar araon d'ár n-earnálacha turasóireachta agus gnó.

Agus iad san imithe, is dócha go bhfhéadfadh an Taoiseach díriú ar a phlean C\*\*\* P\*\*\*\*\*? Bhuel, d'fhéadfadh ach anois bhí an ridire neartaithe ag cuairteanna tábhachtacha mar atá ráite, thabharfadh sé aghaidh ar namhad mór an stáit: Fianna Fáil? Ní hea, bhíodar san cloíte. Bhí sé in am tabhairt faoin gClairlathas Chaitlicigh.

Agus dhá thuairisc láidir (Ryan & Murphy) agus damnúil 'na ghleic aige, thabharfadh an Taoiseach óráid sa Dáil, óráid a aithneofar sa tódhchái mar cheann de na hóráidí is tábhachtacha agus

is tromchúisí i stair na Poblachta. Thug sé aitheantas agus glór do na mílte íobartach mí-úsáide gnéis i lámha an chléir, rud nach raibh déanta riamh roimhe sin agus a sheasfaidh lena ainm amach anseo.

Ach má deineadh maitheas sa chás áirithe sin, deineadh dochar i gcás eile - cás an Athar Kevin Reynolds, sagart paróiste in oirthear na Gaillimhe ar cuireadh líomhaintí uafásacha éignithe agus eile ina aghaidh, gan aon fhianaise go raibh siad fíor. Sa chás seo, bheadh RTE ciontach de mhí-úsáid cumhacht na meáin, cumhacht a bhí tuillte go tréan thar achar leathchéad bliain.

Agus mé ag tarrac go deireadh, bheadh sé mícheart gan ócáid toghcháin an naoú Uachtarán ar Éireann a lua. Tá go leor cuimhní agaibh faoin bhfeachtas sin a bhí ar an bhfeachtas is saili agus is mó casadh agus cúinne i gcuimhne na ndaoine.

Táim cinnte áfach go mbeadh móramh mór na tíre a aontódh liom dá ndéarfainn go bhfuil an duine ceart i seilbh séala na hoifige sin i bhfoirm Michael D Higgins.

Ar deireadh ar fad, níorbh é Brian Lenihan amháin a cailleadh i gcaitheamh na bliana. Cailleadh státaire eile i bhfoirm an iar-Thaoisigh Garret Fitzgerald.

Cailleadh cairde móra na Gaeilge freisin, ina measc Muiris Ó Rócháin agus Daithí Ó hÓgáin - beirt a cailleadh i bhfad ró-luath ach beirt a d'fhéadfaí 'bheith cinnte díobh áfach, a bheith dóchasach d'Éire don bhliain amach romhainn. Rud atáim agus b'fhéidir go ndíreofar ar chuid de na C\*\*\* P\*\*\*\*\* sin i 2012.

Beannachtaí na hathbhlhiana oraibh ar fad agus go mbeirimid beo ar an am seo arís.



# Beartais shlándála Chomhairle Contae na Gaillimhe – athrú meoine agus athrú saoil



Máirtín Ó Catháin

Tá an chosúlacht ann go bhfuil glas le dhul ar dhoras an tseomra cruinnithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Tá an chaint seo ann de bharr agóide faoi dhabhcha séarachais a bhí ar bun roimh an Nollaig. Bhí daoine as Conamara bainteach go láidir leis.

Níl a fhios ar tharla a leithéid seo de bheart slándála sa gcóras rialtais áitiúil cheanna. Chuirfeadh an córas slándála seo athrú ollmhór ar na nósanna a bhíodh ag baint le cruinnithe Comhairle Contae i nGaillimh go dtí seo.

Bhíodh sé ráite i measc tuairisceoirí ceathrú céid ó shin go raibh cruinniú Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an “Seó” a bhfearr i gcathair na Gaillimhe. Bhí trí chúis, a dúradh, leis sin:

- bhí dea-chaint den scoth ann agus eachtraí gleo agus diabhlaíochta lena chois sin;
- ligeadh isteach in aisce thú;
- bhí cupán tae in aisce ann agus slám briosaí!

Ar ndóigh bhí áibhéil ag baint leis an léamh sin ar chruinnithe na Comhairle Contae mar bhí daoine maithe ansin agus rinneadh obair mhaith. Ina dhiaidh sin féin bhí cruinnithe Comhairle Contae níos glóraí agus níos teasaí scaití sna 1980oidí ná atá ansin.

Bhíodh roinnt cainteoirí cumasacha ann freisin; bhí Micheál Ó Móráin as Carna ar an duine a bhfearr, i nGaeilge agus i mBéarla.

Bhí sé in ann píosa breá cainte a dheanamh faoi na hábhair a bhí ar chlár an chruinnithe. Ach ní raibh sé caillteach ach an oiread nuair a thosaíodh na sáiteáin ag dul anonn agus anall.

Bhíodh an Comhairleoir Joe Lambert (FG) as Gort Inse Guaire ag fanacht lena dheis le píosa sárú a thosaí agus is iondúil gur idir é féin agus Comhairleoir eile as deisceart na Gaillimhe, Michael Fahey a bhíodh an sárú a bhfearr. Tá Michael Fahey ina bhall den Chomhairle Contae i gcónaí. Ach bhí beirt eile i dtuaisceart na Gaillimhe a bhí sa mbád céanna - John Donnellan agus Mark Killilea.

Chuala mé scéala le gairid faoin

meirt acu lá a raibh cúrsaí ciúin go maith ag cruinniú. Bhí an tae ólta agus iad ag teacht isteach doras an tseomra cruinnithe.

Arsa Killilea (FF) le Donnellan (FG): “*Attack mé Johnneen...attack me Johnneen when the meetin’ stharts again.*” Rinneadh sin go cinnte agus thug an bheirt daite dá chéile é faoi dhraen éicint thuas thart ar an Dún Mór...agus ar ndóigh thuigeadar beirt go mbeadh scéala sna nuachtáin an tseachtain d’ár gcionn: “Donnellan and Killilea slug it out at Council meeting” nó a leithéid de cheannlíne. Bhí na vótálaithe i dtuaisceart na Gaillimhe ag léamh!

## Muintir na Gaeltachta ar an táirseach

Ach ó thaobh agóidí de b’iad muintir na Gaeltachta ba mhó a bhí ar tháirseach na Comhairle Contae. Chuaigh dreamanna isteach sna blianta ar bunaíodh an eagraíocht “Cumhacht” agus b’iad na bóithre an cheist mhór san am. Bhí lá ann nuair a tháinig tuairim chúig dhuine dhéag isteach de léim agus an cruinniú ar bun. Bhí Joe Molloy as Cor na Móna chun tosaigh agus píosa mór do “*exhaust pipe*” ina lámh aige. Suas leis de léim agus bhain torann trom as an mbord leis an “*exhaust pipe*” ós comhair bhainisteoir na contae, Séamus Céitín. D’fhógair sé amach ansin go mba “*sacrificial offering*” a bhí ann ó mhuintir Chonamara de bharr an dochair a bhí déanta ag droch bhóithre. Cuireadh an cruinniú ar ceal.

Tháinig slua mór as Carna isteach i seomra an chruinnithe sna 1989oidí agus iad ag agóidíocht faoi bhóithre. Go deimhin nuair a reáchtáladh cruinniú den Chomhairle i gCarna ina dhiaidh sin bhí na Gardaí ar dualgas! Bhí roinnt comharthaí crochta agus cúpla manna scríofa ar na bóithre agus is cosúil go raibh sé ina imní faoi shábháilteacht na gComhairleoirí. Ar ndóigh bhí lá maith acu uilig san sean halla i gCarna gan de chaismirt ann ach Bobby Molloy a tháinig Fianna Fáil a thréigean agus Frank Fahey (FF) ag baint cabhar sclamh as a chéile.

Tá athruithe móra tagtha ar an bpolaíocht ó shin agus tá rud eile tarlaithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe - agus ar fud an tsaoil is dóigh: tá an “political correctness” tagtha chun cinn go láidir. Níl an leagan amach céanna ag go leor de na



Ní bheidh a leithéidí arís ann anois agus na doirse faoi ghlas - lucht agóide as Conamara i Seomra Díospóireachta an Chomhairle Chontae an mhí seo caite.

Comhairleoirí nua; déanann siad a ngnó ar bhealach eile, níos “proifisiúnta” is dóigh.

Bhféidir go bhfuil baint ag an dearca sin leis an nglas atá le cur ar sheomra cruinnithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Is díol spéise é gur agóid as Conamara (den chuid is mó) agus agóid as Árainn go gairid roimhe sin atá theis na socrúithe seo faoi ghlas ar an doras a thabhairt chun cinn i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Is fada iad an dream in iarthar na contae den bharúil nach bhfaigheann siad cearta ó Chomhairle Contae na Gaillimhe; tugann na bóithre údar cainte do dhaoine gan trácht ar cheisteanna eile ar nós rialacha pleanála. Feictear do dhaoine taobh thiar den Choirib gur b’iadsan is mó a bheidh thíos le rialacha timpeallachta a bhaineann le dabhcha séarachais

freisin. Siad is mó a spreag an agóid i gComhairle Chontae na Gaillimhe ar an 19ú Nollaig.

Is beag spáis atá sa seomra cruinnithe don phobal. Go deimhin, níor fágadh mórán spáis ceart ann do thuairisceoirí, ach an oiread, nuair a rinneadh é. (I 1999 a rinneadh an fhoirgnimh nua i gCnoc na Radharc). Meastar go bhfuil spás suite do 14 don phobal sa seomra cruinnithe. Tháinig na scórtha isteach ann lá na h’agóide faoina dabhcha séarachais. Bhí an Comhairleoir Eileen Mannion ina measc siúd a dúirt go raibh ceist ann faoi ghnáth rialacha sláinte agus sábháilteachta; bhí roinnt sárú idir lucht agóide agus Comhairleoirí ann agus b’éigean an cruinniú a chuir ar fionraí.

Uair sa gcéad a thiocfadh duine ar bith den phobal isteach ag coinneáil súil ar chruinniú Comhairle Contae. Tagann grúpaí a bhíonn ag agóidíocht nó ag tuineadh ar Chomhairleoirí faoi ábhar éicint isteach scaití; tuairim 10 nó 12 a bheadh ann go hiondúil. Suíonn siad ansin agus éistean siad leis an

díospóireacht.

Cinnte, ní bheadh ord ná eagar ann dá bhféadfadh daoine a theacht isteach am ar bith a dtogródh sé leo agus tosnú ag sárú ar na Comhairleoirí; ní fhéadfaí leanacht ar aghaidh le cruinnithe ar a gcaoi sin. Ar an taobh eile den scéal is cruinnithe poiblí na cruinnithe Comhairle Contae...agus níl aon spás cóiriúil curtha ar fáil don phobal.

Tá spás don phobal i dTeach Laighean agus is féidir...ach a dhul thríd an “gcóras”...a dhul isteach ansin. Tá maoir ar dualgas agus ní thabharfaí cead do dhaoine tosnú ag fógairt, mar shampla.

Ní raibh aon mholtaí ann - go poiblí ar chuma ar bith - faoi chóras slándála breise sa seomra fhoirgnimh Comhairle Contae i nGaillimh sna 1980oidí agus 1990aidí cé go raibh agóidí ann san am sin.

Tá an saol athruithe agus d’fhéadfadh sé go ndéanadh Comhairle Chontae na Gaillimhe socrú stairiúil sa gcóras rialtais áitiúil. Tá lá an “tSeó” is fearr i nGaillimh thart.



# RTÉ, IBM agus na hostáin sin a iarrann €15 ar Wi-Fí!



Conall Ó Móráin

**C**aoga bliain ó shin thosaigh RTÉ ag craoladh teilifíse in Éirinn agus mar is féidir a léamh i leabhar breá nua John Bowman bhí an-chuid daoine, an chléir go mór, a bhí buartha faoin mailís shóisialta a thiofadh ina dhiaidh.

Is minic a luaitear Oliver J Flanagan, TD, a dúirt nár thosaigh gnéas in Éirinn go dtí gur thosaigh an Late Show.

Nach ait é go lorgaíonn muid na rudaí diúltacha in aon ghníomh nua nuair gub iad na buntáistí atá, agus gur chóir dúinn, a lorg.

Bheadh ort bheith an-aisteach chun bheith dáiríre gur loit an teilifís do shaol (tá an cnaipe múchta fós ar na gléasanna teilifíse atá sa teach agamsa?) agus nach bhfeicfeá na buntáistí iontacha a thagann leis.

Duine eile a rinne réamhaisnéis a bhí míchruinn go hiomlán, réamhaisnéis ait nuair a cheapann tú gur chun a bhuntáiste féin go raibh sé chomh mícheart, ná an ceannasaí a bhí ar an gcomhlacht ollmhór ríomhairí (anois) IBM nuair a bhí siad fós ag déanamh a gcuid airgid as meaisíní facs agus a leithéid.

Dúirt an fear úd, sna 1950idí, gur cheap sé nach mbeadh mórán tóir ar ríomhairí. Ní fhaca seisean (nó mórán duine eile) céard a thiofadh as.

Anois is dóigh go bhfuil dornán lán de ríomhairí i ngach aon teach sa tír seo, agus ar fud an domhain, nuair a smaoiníonn muid ar an gcumhacht ríomhaireachta atá i ngach gléas leictreonach, fiú sa fón póca bídeach atá againn anois.

Agus mé ag trácht ar fhóin pócaí is trí sheans gur tháinig úsáid, agus an ghnó ag baint leis, ar théacsanna.

An fhís, intuigthe ag an am, a bhí ag na déantóirí fóin agus acu siúd gur ar a gcórais tarchurtha a dhéanann muid ár nglaoanna, ná gur chun glaonna amháin a d'úsáidfi na gléasanna fóin.

Ach nuair a bhí leathan-bhanda leathan le spárail ar na córais sin dúirt duine éigin, le fis, go bhféadfaidh téacsanna a sheoladh orthu.

Mar atá fhios againn, ó shin, seoltar na billiúin acu gach lá chun a chur i gcuimhne dúinn go bhfuil muid deirneach don chruinniú nó go bhfuil an dinnéar san oigheann.

Níl duine ar domhain a chonaic go dtarlódh a leithéid, go mór agus chomh fairsing.



An bhfuil Wifi chomh riachtanach le huisce in óstáin an lá atá inniu ann?

Faoi dheireadh tá bóithre maithe sa tír seo agus dá bharr d'imigh mé ar chuairt ar chaisleán Cill Chainnigh i rith a bhriseadh.

Thóg an turas ó Bhaile Átha Cliath go Cill Chainnigh an méid ama chéana agus a thóg sé orm an 25 míle a thaisteal mé gach lá chun dul ag obair sa chathair agus mé i mo chónaí 'síos an bóthar' i gCill Mhantáin sna 1980idí.

Bhris an turas laethúil sin mo chroí gur bhog mé i ndeireadh báire. Trí huaire an chloig sa trácht chun ocht n-uaire oibre a dhéanamh?

Ní raibh ciall leis riamh.

Ach, nuair a dúirt cara liom an lá faoi dheireadh go raibh sí chun cuairt lae a thabhairt ar Chill Chainnigh, d'fhéach mé ar Google ar an bhfón póca (féach thuas), chonaic mé cé chomh gairid agus atá an turas anois agus uair a chloig níos déanaí bhí mo chuid Euro ag cur leis an ngeilleagar áitiúil i gCill Chainnigh.

Bhí a fhios ag gach duine go raibh córas taistil nua-aimseartha ag an tír ach arís ní fios conas mar a úsáidfear í agus céard go beacht iad na buntáistí a thagann astu.

Níl a fhios agamsa ach an oiread céard go díreach iad na buntáistí a thiofadh as córas saor in aisce wi-fi a sholáthar, ar chostas an cháiníocóra, ionas go mbeadh teacht, in aisce mar

**Is minic a luaitear Oliver J Flanagan, TD, a dúirt nár thosaigh gnéas in Éirinn go dtí gur thosaigh an Late Show. Nach ait é go lorgaíonn muid na rudaí diúltacha in aon ghníomh nua nuair gub iad na buntáistí atá, agus gur chóir dúinn, a lorg.**

a deir mé, ag gach saoránach sa tír ar chóras wi-fi.

B'fhéidir gur chun scór cluichí peile a d'úsáidfi an córas ach ní dóigh é. Tá na bóithre a lua mé cheana chomh seanfhaiseanta anois gur chun turasóireacht atáthar dá n-úsáid. Níl deireadh le déantúsaíocht, agus ní bheidh deireadh leis riamh is dóigh, ach tá athraithe ag tarlú chomh tapa os ár gcomhair amach agus is ar an t-idirlíon atá siad ag tarlú.

Mhéadaigh leibhéil díol brontanais an Nollaig ar mhodhanna ar an idirlíon cúig chéad faoin gcéad i mbliana ar Amazon. Féach fiú leoraithe Tesco agus Superquinn agus iad ag tabhairt a gcuid siopaí chugat.

Féach ar an modh ceannaithe atá ag gasúir óga, ag ceannach pizzas, ceol, ticéid nó éadaí ar fad ar an idirlíon. Tá réabhlóid inár measc agus níl muidne iomlán páirteach ann mar thír nuair nach bhfuil duine le fis ann chun ceannródaíocht a dhéanamh ar a leithéid.

Tá deacrachtaí móra ann chun a leithéid a chur i gcrích. Cén dochar? Tá mise ag tabhairt nod anseo do Enda Kenny nó duine dá chomhghleacaithe, ar conas an t-ainm acu a chur sna leabhair staire (is maith leo an sórt sin rud!) sa mbealach a tharla leis an fhiór-ceannródaí atá linn fós, buíochas le Dia, an Dochtúr Ken Whittaker.

Nuair a bhí Whittaker ag moladh na comhlachtaí móra idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn le baoite chomh simplí le leibhéil íseal cánach, ní fhéadfadh, dá chliste agus atá sé, go mbeadh a fhios aige, nó acu siúd a d'oibrigh leis, go mbeadh anois, na ceanncheathrúna Eorpacha ag an oiread sin comhlachtaí domhanda lonnaithe sa tír seo agus na mílte, mílte fostaithe anseo dá bharr.

Níl a fhios agam céard a thiofadh as wi-fi náisiúnta, tapa agus iomlán saor, a chur ar fáil sa tír ach bí cinnte ní dhéanfaidh sé aon dochar. Bhí cathair San Francisco chun a leithéid a dhéanamh go dtí gur chuir fórsaí

eacnamaíocha (comhlachtaí a bhí ag déanamh airgead as an tseirbhís a sholáthar) ina choinne agus theip ar an bplean. Is féidir comhoibriú leis na comhlachtaí sin in Éirinn agus míniú dóibh dá mbeadh an córas saor go bhféadfaidís aon seirbhís eile gur mhaith leo a dhíol ar an gcóras agus a rogha airgid a dhéanamh.

Smaoinigh dá n-imeofá, inniu, isteach, agus seomra a lorg in óstán. Ghearrfadh siad, abair, €60 ar an seomra agus ansin lorgódh siad €10 ar leictreachas agus €5 eile ar uisce. Cheapfá go raibh siad as a meabhair agus d'imeofá áit éigin eile. Díreach mar an chéile déanann roinnt mhaith óstáin fós iarracht €15 sa lá a ghearradh ar wi-fi in áit é d'ofráil chun tú a mhealladh chucu sa chéad áit.

Tuigeanann an comhlacht bialainne is mó ar domhan, McDonalds, an mhéid sin agus tá wi-fi saor in aisce acu siúd. Dá dtiofadh comhlachtaí móra nua go hÉirinn agus dá bhfeicidís go raibh muid, mar thír, iomlán dáiríre faoi cheannródaíocht a dhéanamh maidir leis an idirlíon an gceapfá go mbeadh siad dearfach nó diúltach inár dtreo? Dearfach glan amach a bheidís.

Níl aon cheist faoi gur chóir dúinn a leithéid a sholáthar (tarlóidh sé i dtír éigin eile go luath). Sé atá ag teastáil anois ná duine nó daoine le wi-fis.



# NUAHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:  
nuacht@gaelsceal.ie

## 29 post nua do Ghaillimh

Colm Ó Broin

CRUTHÓFAR 29 post nua i ndá chomhlacht Éireannach i nGaillimh idir seo agus 2015. Faigheann na comhlachtaí, Channel Mechanics Group Holdings agus Animated Language Learning tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Tá na poist mar chuid den 528 post a cruthaíodh i gcliant-chomhlachtaí de chuid Fiontraíocht Éireann sa tríú ráithe i mbliana. Cuirfidh Channel Mechanics, atá lonnaithe i gCathair na Gail-

limhe, 12 post ar fáil. Forbraíonn an comhlacht bogearraí agus seirbhísí do ghnónna nach ndíolann a gcuid earraí díreach chuig custaiméirí. Cruthóidh Animated Language Learning 17 post ina chuid oifigí i mBaile Chlár na Gaillimhe. Forbraíonn an comhlacht bogearraí do pháistí le fadhbanna foghlamtha.

Tá an dá chomhlacht mar chuid de Chlár Tosú Ardachmhainne (High Potential Start Up) Fhiontraíocht Éireann.

Dúirt an tAire Fiontraíochta

Richard Bruton go gcaithfidh an tír níos mó comhlachtaí dúchasacha a fhorbairt agus go mbeadh sé ag breathnú ar bhealaí “ní amháin chun an chéad Google eile a mhealladh go hÉirinn ach an chéad Google eile a chruthú in Éirinn.”

Chuir an Seanadóir áitiúil Fidelma Healy Eames fáilte roimh na poist chomh maith.

“Dhírigh an Rialtas d’aon ghnó ar chomhlachtaí nua uilmhianacha, le hearraí nuálaíocha atá ag fás sna margai onmharaith. Is é seo an saghas

fostaíochta atá uainn i nGaillimh.

“Tá poist a chruthaítear sa bhaile fíorthábhachtach má tá muid chun an geilleagar a chasadh timpeall. Mar a luaigh an tAire Bruton, caithfidh muid inneall dúchasach fairs a chruthú má tá muid chun an geilleagar a fhorbairt in athuair agus fostaíocht a mhéadú.”

As na poist eile a fógraíodh beidh 49 i gContae Luimnigh, 22 i gContae na Mí, 12 i gContae an Lú, 10 i gCeatharlach agus 406 i mBaile Átha Cliath.

## Ní dhófar míol mór an iarraidh seo... ach fadhb ag Comhairle Contae i gConamara

Máirtín Ó Catháin

Ní dhófar ar an láthair an míol mór atá básaithe ar thrá ar Oileán Iomaidh in aice leis an gCladach Dubh i gConamara.

Shocraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndófaí a mhacasamhail de mhíol mór a bhásaigh ar an gcladach i mBaile an Rí in aice leis an gClochán ar chósta thiar Chonamara beagnach 15 bliain ó shin.

Ach dúirt feidhmeannach sa gComhairle go ndearna lucht timpeallachta go leor cáinte ar an mbeart sin. “Ní bheidh muid dá dhéanamh sin arís,” a deir an feidhmeannach.

Beidh ar an gComhairle Contae socrú éicint a dhéanamh faoin míol mór an dá lá seo. Bhí go leor moille ag baint le socrú sa gcás seo mar go raibh lucht na Comhairle ar saoire ar feadh



naoi lá le linn thréimhse na Nollag; tá an míol mór básaithe ar an trá gar don Chladach Dubh le seachtain.

Tá boladh ag teacht uaidh anois.

Dúirt feidhmeannach sa gComhairle Contae go bhfuiltear ag cuimhniú go bhféadfaí é a fhágáil ar an trá nó go lobbfaidh sé agus go scaibfeadh an taoille chun bealaí é de réir a chéile.

Is ar éigean go mbeadh glacadh leis an socrú seo go háitiúil. Dá mbeadh an trá sách domhain d’fhéadfaí an míol mór a chur ar an láthair ach ceapann daoine sa gceantar go mbeadh deacracht leis seo.

“Seo trá dheas agus téann daoine ag triall uirthi,” a deir fear sa gceantar. “D’fhéadfadh coimhthíos a bheith ag daoine leis an áit dá mbeadh míol mór curtha ann agus baol ann go ndéanfadh an taoille cartadh thart ann.”

Tá rogha eile ag an gComhairle agus sin go ngearrfaí an míol mór ina phíosá agus go dtógfadh comhlacht a bhíonn ag plé le beithigh atá básaithe leo é.

Tá na céadta daoine tagtha chomh fada leis an trá ag breathnú ar an míol mór ó scuabadh isteach é seachtain ó shin. Ach tá daoine tagtha freisin a rinne slad ar an ainmhí mór farraige; bhaineadar as na fiacra. Bhí go leor oibre ag baint leis seo agus bhí deiseanna meicniúla acu.

Faoi dhorchadas na hoíche a rinneadh an beart seo agus ní maith a thaitnigh sé le daoine san áit.

Ach airgead a bhí ar intinn ag na daoine a rinne an slad seo; tuigtear go bhféadfaí cuid mhaith do €10,000 a fháil ar dhrad iomlán míl mhóir ar an margadh ar an gcúlscráid.

Suaithentais a bheadh i gceist.



An Comhairleoir Terry O’Flaherty (Comhairle Cathrach na Gaillimhe) agus Breandán Ó Callaráin (Príomhfheidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe ag Teach le Chéile na Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge, in Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór, Gaillimh le déanaí. Sheol Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy, struchtúr nua Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ag an ócáid seo.

Colmán Ó Raghallaigh ó Chló Mhaigh Eo ag seoladh a leabhair féin, ‘Píobaire Hamelin’ agus ‘Fainic, a Fhiachra’ le hArt Ó Súilleabháin a d’fhoilsigh Cló Mhaigh Eo, in éineacht le hÚna Ní Ghabhláin, Máirtín Mac Donnchadha agus Art Ó Súilleabháin ag Ionad Oideachais Mhaigh Eo le déanaí. PIC: MICHAEL DONNELLY PHOTOGRAPHY.





# Glas le cur ar sheomra cruinnithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe – ag éirí as léirsiú dabhacha séarachais

Máirtín Ó Catháin

BEIDH glas ar sheomra cruinnithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe feasta le linn do chruinnithe a bheith ar bun ansin.

Tuigtear go bhfuil bainisteoir na Comhairle agus feidhmeannaigh shinsearachais eile i gcomhar le Méara an Chontae, an Comhairleoir Micheál Ó Meachair, i mbun ullmhúcháin ar chóras nua slándála faoi láthair.

Tá seo tarlaíthe tar éis na n-eachtraí i seomra cruinnithe na Comhairle ar 19 Nollaig nuair a chuaigh slua a bhí ag léirsiú in aghaidh rialacha a bhain le dabhacha séarachais isteach ansin.

Shocraigh an Méara go gcaithfí an cruinniú a chur ar fionraí ar an ócáid sin agus bhí sé ina shárú idir cuid de na léirseoirí agus cuid de na Comhairleoirí Contae istigh sa seomra cruinnithe.

Cé go raibh daoine as áiteacha éagsúla sa gcontae ag léirsiú an lá sin ceaptar go mba as Conamara a dtromlach. Bhí an Teachta Dála Éamon Ó Cuív ina measc siúd a chuaigh isteach sa seomra cruinnithe an lá sin cé gur iarr sé tar éis tamaill go bhfágfadh tromlach na léirseoirí an seomra agus go bhfanfadh toscaireacht.

Ceaptar go mbeidh ar dhaoine a bheidh ag dul isteach sa seomra cruinnithe feasta cárta a bheith acu – ar nós na gcártaí a bhíonn in óstáin, mar shampla – leis an nglas a bhogadh ar an doras.

Beidh an rud céanna amhlaidh i gcás tuairisceoirí. Má bhíonn grúpaí eile ag iarraidh a dhul isteach beidh orthu iarratas a chur chuig Rúnaí na Comhairle Contae roimh ré.

Chuile sheans go mbeidh teorainn

de sheisear leagtha síos leis sin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu foirm iarratais, a mbeadh coinníollacha leagtha síos leis, a shíniú. Má bhíonn daoine ag iarraidh a dhul isteach ar chúiseanna eile – cuir i gcás aimsir phléite Plean Forbartha Contae – beidh orthu iarratas a dhéanamh roimh ré. Chuile sheans go gcuirfear fógra poiblí sna nuachtáin faoi seo uilig.

Beidh an t-ábhar seo faoi bhráid chruinniú míosúil na Comhairle níos deireanaí san Eanáir. Tá tuairimíocht ann nach mbeidh gá le bhóta mar go mbeidh na rialacha nua bunaithe ar choinníollacha sláinte agus sábháilteachta sa seomra cruinnithe.

Tharraing cuid de na Comhairleoirí an cheist faoi chúrsaí sábháilteachta anuas tar éis eachtraí 19 Nollaig cé nach raibh aon tuairiscí ann gur bagraíodh ar dhuine ar bith an lá sin.

Seo é an chéad uair do chóras gearshlándála mar seo a bheith dá chur i bhfeidhm ag cruinnithe Comhairle Contae i nGaillimh.

Cé gurb é léirsiú 19 Nollaig is cúis leis bhí roinnt Comhairleoirí Contae ag gearán freisin faoi léirsiú a bhí ann scaitheamh roimhe sin faoi tháille ar bháid ag dul go hÁrainn.

Dúirt an Comhairleoir Eileen Manion an uair sin gur dearnadh bagairt uirthi féin agus bhí caint ann freisin go raibh an torann taobh amuigh de dhóras oifigí na Comhairle Contae an-ard...agus le cloisteáil go soiléir sa seomra cruinnithe.

Ach sa mullach air sin uilig tá tuairimíocht ann go bhféadfadh go leor agóidí a bheith ar bun i mbliana agus go mbeadh baol ann go gcuirfí isteach ar reachtáil cruinnithe arís.



Seosamh Ó Cuaig agus a bhean Treasa ag ócáid scoir Sheosaimh Uí Chuaig agus Mháirtín Mhic Dhonnchadha in Óstán Chósta Chonamara le déanaí.



Seoltar scéalta chuig: [nuacht@gaelisceal.ie](mailto:nuacht@gaelisceal.ie)

## Baile Átha Cliath

# Claisceadal in Áras Chrónáin

Katie McGreal

TOSÓIDH téarma seisiúin amhránaíochta Ghaeilge in Áras Chrónáin ar Bhóthar an Úllóird i gCluain Dolcáin ar an gCéadaoin seo chugainn, an 11 Eanáir ag 8in. Beidh 10 seisiún ar siúl sa téarma gach oíche Chéadaoin agus tá fáilte roimh chách. Tá muintir Áras Chrónáin ag iarraidh taitneamh a bhaint as traidisiún amhránaíochta na Gaeilge agus deis a thabhairt do dhaoine an Ghaeilge a labhairt agus a chleachtadh trí na seisiúin seo, mar sin, seisiúin dhátheangacha atá i gceist leo. Le linn gach seisiúin, castar

cúpla ceann de na hamhráin is coitianta i dtosach agus ansin ceann nó dhó nuachumtha nó cinn nach gcloistear rómhinic. Cuirtear focail na n-amhrán ar fáil agus mínítear iad. Iarrtar ar amhránaithe a bhfuil amhráin ar eolas acu iad a chanadh.

Cuirtear fáilte ar leith roimh cheoltóirí a thabharfaidh tionlacan do na hamhránaithe.

Tá costas €5 ar sheisiún amháin nó €40 ar na 10 seisiún. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 01 6104442, 087 9475437 nó seol ríomhphost chuig [gaeilge@studybase.com](mailto:gaeilge@studybase.com).

# 'Bewley's @ 6!' ar ais don athbhliain

Katie McGreal

TOSÓIDH sraith nua de 'Bewley's @ 6!' a eagraíonn Gael Linn in Amharclann Bewley's, an caifé ar Shráid Grafton arís ar an Máirt, an 17 Eanáir 2012. Cuirfidh an t-amhránaí Gráinne Holland ó Bhéal Feirste tús leis an tsraith seo lena cairde, Féilimí O'Connor ar an ngiotár, Brendan Mulholland ar an bhfeadóg mhór agus Rohan Young ar an mbodhrán.

D'eisigh Gráinne a halbam nua 'Teanga na nGael' le déanaí. Tá neart clú uirthi cheana féin i measc lucht ceoil agus amhránaíochta traidisiúnta freisin.

Beidh deoch ar fáil san amharclann ar an oíche agus greim beag le hithe freisin. Tá costas €15 ar na ticéid, agus tá an bia san áireamh sa phraghas sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Niamh ag [niamh@gael-linn.ie](mailto:niamh@gael-linn.ie)

nó 087 2623953.

Bíonn na himeachtaí seo ar siúl gach mí.

# Eolaire Gaeilge á dhéanamh ag Pobal Chluain Tarbh

Katie McGreal

TÁ Pobal Chluain Tarbh ag cur eolaire gairme agus ceirde le chéile de dhaoine gairmiúla agus gnólachtaí a bhfuil Gaeilge acu agus atá sásta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Táthar ag iarraidh cabhair a thabhairt do mhuintir Chluain Tarbh agus do mhuintir na tíre an Ghaeilge a úsáid níos mó i ngnáthchúrsaí saoil.

Is eagraíocht dheonach é Pobal Chluain Tarbh a chabhraíonn le daoine an Ghaeilge a úsáid, go háirithe i ngnáthchúrsaí an tsaoil, agus i mbliana tá siad ag ceiliúradh 40 bliain a bhunaithe. Tá an t-eolaire mar chuid den cheiliúradh seo. Táthar ag súil go mbeidh dea-thoradh leanúnach ar an obair seo.

Is féidir eolas ar do ghairm, do cheird nó do ghnó a sheoladh chuig [pobalchluaintarbh@gmail.com](mailto:pobalchluaintarbh@gmail.com) má tá tú ag iarraidh go mbeadh sé san eolaire. Is féidir teacht ar an eolaire tríd an seoladh ríomhphoist céanna agus déanfar athbhreithniú ar an eolaire gach ráithe. Níl aon chostas ag baint leis.



Gráinne Holland



# Plé ar athbhreithniú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i TCD

Katie McGreal

TÁ Scoil an Dlí agus Oifig na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide ag eagrú Siompóisiam Poiblí ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i gcomhar le Craobh na gCeithre Chúirteanna de Chonradh na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide ar an Satharn, an 21 Eanáir 2012 ag 10rn.

Aidhm an lae ná tuairimí agus

moltaí daoine áirithe a fháil ar an athbhreithniú seo agus na moltaí sin a chur in iúl den rialtas i bhfoirm doiciméid a sheolfar ar aghaidh chucu.

Beidh trí sheisiún ar siúl i rith an lae agus beidh neart daoine ann ó eagraíochtaí éagsúla Gaeilge i láthair le plé a dhéanamh. Beidh deis ag na lucht éisteachta ceisteanna agus a moltaí féin a chur in iúl freisin ag

deireadh an lae i rith fóram plé oscailte a chuirfidh Emer Ní Chonaoila, an príomhláithreoir nuachta ar TG4 i láthair. Roimhe sin, labhróidh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin maidir le taithí a oifige féin agus beidh ionadaí ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i láthair, chomh maith le hoifigigh Gaeilge in eagraíochtaí poiblí a labhrófar mar gheall ar an reach-

taíocht go himmheánach ina neagraíochtaí féin.

Labhróidh Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge mar gheall ar an dearcadh atá ag eagraíochtaí Gaeilge ar an reachtaíocht agus na tuairimí atá acu mar gheall ar an bhfeabhas a d'fhéadfaí a chur uirthi. Cuirfidh Éamonn Mac Niallais, ón eagraíocht Guth na Gaeltachta tuairimí a eagraíochta in iúl ar an lá freisin.

Labhróidh sé maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an reachtaíocht ar son chearta teanga ar an talamh sna Gaeltachtaí agus na leasuithe a mheasann siad atá de dhíth.

Tá fáilte roimh gach duine chuig an ócáid seo agus tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifigeach Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, Aonghus Dwane ar 087 6232841 nó seol ríomhphost chuig gaeloifig@tcd.ie.

## Imreoirí Peile le Gaeilge de dhíth!

Katie McGreal

TÁ Na Gaeil Óga, an cumann de chuid Chumann Lúthchleas Gael a fheidhmíonn trí Ghaeilge amháin i mBaile Átha Cliath ag lorg imreoirí nua don athbhliain - mná agus fir.

Táthar ag siúl go mbeidh foireann peile amháin de mhná agus dhá fhoireann peile d'fhir acu i mbliana. Faoi láthair, tá idir 15 agus 20 bean ag imirt leo, go leor d'fhoireann amháin ach bheadh siad thar a bheith sásta le 10 eile nó níos mó.

Tosóidh an traenáil do na fir amárach, an 5 Eanáir ag 6.30in i bPáirc Choláiste Mhuire atá taobh leis na clubanna rámháiochta ar an mbóthar idir stáisiún bus Bhóthar Uí Chuinneagáin agus Séipéal Iosóid. Tosóidh an traenáil do na mná ar an 10 Eanáir ag 6.30in san áit chéanna.

Tá fáilte roimh pheileadóirí go háirithe ach táthar ag iarraidh foirne iománaíochta a thosú freisin.

Cuireann siad fáilte roimh “Éinne a d’imír riamh cheana nó a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge nó fiú spórt úr a thosú,” a deir Daithí de Buitléir, Cathaoirleach Na Gaeil Óga.

“Beimid i bhfad níos eagraithe i mbliana,” a deir Eoghan Ó Murchadha, Oifigeach Caidrimh Phoiblí Na Gaeil Óga, “Anuraidh, ní rabhamar eagraithe ach i mbliana, ó thús na bliana beimid.”

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó leathanach Facebook Na Gaeil Óga nó seol ríomhphost chuig cumannnclg@gmail.com.



Mairéad Ní Longáin, Seona Ní Nualláin, Megan Ní Bhroin, Caoimhín Ó Duibhir agus Liz Ó Cléirigh ó Scoil Chaitríona i nGlas Naíon i mBaile Átha Cliath a ghlac páirt i ndíospóireacht Chomórtas Uí Chadhain a d’eagraigh Gael Linn i nDroichead Átha le déanaí.

Ray Barrett agus a iníon, Áine Rose a bhuaigh turas saor in aisce i Zú Baile Átha Cliath le déanaí toisc go raibh siad an milliún custaiméir go dtí an zú i 2011. Tá siad anseo le Gerry Creighton agus Ciaran McMahon a oibríonn sa zú agus tá Brian, an píotón Burmach agus an tíogar Sumatrach, Kepala leo freisin. Pic: Photocall Ireland





MUMHAIN  
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:  
nuacht@gaelisceal.ie

Scéalta Chorca  
Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Nollaig  
gnóthach i  
gCorca  
Dhuibhne

CÉ ná raibh an aimsir thar mholadh beirte, bhí ‘ócáidí’ ag baint na gcós dá chéile i gCorca Dhuibhne an Nollaig seo. Ba mhinic trí ócáid ar an oíche chéanna. Ba dhodhéanta teacht orthu go léir. Bhí seoladh sa Diseart ar cd de chuid Bhreandain Uí Bheaglaoi a sheol Dónal mac ‘n Tsithigh, bhí oíche ‘Rás Capall’ i dTábhairne an Bhóthair do Chumann Caide na Gaeltachta, Tráth na gCeist Boird i dTigh Khrugair do Óis-

pís Chiarraí, ‘Féile na Soilse’ sa Daingean, Grianstad an Gheimhridh in Árda Mór Lios Póil mar a mbíonn trí ghallán comhlíneach leis an ngrian.

Bhí suas le 300 duine i láthair ansúd. Bhí seoladh nuachtlitreach agus crannchur ag comharchumann an Leithriúigh, oíche filíochta ar an mBuailtín, oíche cheoil i dTábhairne Bhric ar an Riasc. Sheol Comhchoiste Úibh Ráthaigh iris shnasta thaitneamhach. Óladh deoch ach ba léir nár chuaigh mórán den mhuintir seo againne ar an ndrabhlas. Tá mór-oíche Nollaig na mBan romhainn fós, ócáid go bhfuil an-neart bailithe aici le blianta beaga. Bheadh breall orthu siúd inniu a thugadh ‘Nollaig gan mhaith’ ar ‘Nollaig na mBan’ tráth.

Lucht  
snámha na  
Nollag

NÍL a fhios agam an í an aimsir bhog ach bhí scata Éireann daoine á dtu-madh féin sa bhfarraige maidin Lae Nollag. Ba léir gur bhain a bhformhór mór ana-shólás as an ndúshlan pé acu i mBaile na nGall, Béal Bán nó ar thrá na Binne Báine in aice leis an nDaingean. Cinnte bhí ardú mór ó anuiridh ar an líon a bhí sa chlibirt i mbliana.

Bhí go hard os cionn céad duine ag snámh ar an mBinn Bhán. Tuigeanann go leor daoine gur ar son eagraíochtaí carthanachta a dheineann scata snámhaithe an léim i bhfarraige seo. Ach ní mar sin a bhí ag fear ó Dhún Chaoin a labhair liom. “Ó,” ar sé, “bhíodh an t-údar Pádraig Ua Maoileoin ag tagairt go mbíodh fir an cheantair ag faire ar mhná ag snámh i dTrá an Choma sa

tsamhradh agus leibhéal nach beag á dhéanamh acu ar an lucht snámha, mar a measadh dóibh a d’oir.

Tá an dála céanna fíor i saol an lae inniu mar má bhíonn slua ag snámh bíonn slua á ngríosadh nó seans cuid acu ag magadh fúthu.” Mheas sé gur ‘fearaíocht’ agus sodar gan fónamh a bhí ann agus go mba chóir do dhaoine ‘an fhearaíocht’ a chur ina bpóca Lá Nollag. “D’oirfeadh amaidí mar seo,” ar sé, “do Lá an Dreoilín.” Mheas fear ó Fhionn Trá má bhaineann daoine taitneamh as na hócáidí seo, gur maith sin. “Nach fearr é,” ar sé, “ná bheith ag canrán, ag gearán nó ag cúlchaint.

Pé acu fearaíocht, díograis, teas-pach, amaidí nó beart sonais é, bhí aoibh an tsólais ar cheannaithe an chuid úd a casadh ormsa.

Lá an  
Dreoilín

MÁ bhí An Dreoilín i mbéal an bháis roinnt blianta ó shoin, tá anam thar na bearta tagtha i Lá an Dreoilín, ní amháin i gCorca Dhuibhne ach in go leor áiteanna ar fuaid na tíre. Bhí ‘dreoilíní’ idir bheag agus mhór ‘amuigh’ ins gach paróiste in Iarthar Duibhneach i mbliana agus is dócha de bharr bhoige na haimsire, cé go raibh sé ceoch ‘salach’ uaireanta, bhí méadú ar an líon dreoilíní óga. Bhí ceol ag a bhformhór agus ar na dreamanna a ghabh chugainn sa bhaile bhí ceol amhráin ag a bhformhór. Chuireas ceist ar chuid ach amhrán maith a chanadh, rud a dhein agus i gcás gasra óganach eile áitiúil is ‘Barr na Sráide’ a canadh. Nuair a d’fhi-afraíos de dhream eile an raibh aon amhrán Gaolainne acu dúirt buachaillín beag, “Ó ambaiste tá.” D’fhágas ar a mbuile iad.

Sa Daingean gan amhras a bhíonn

an Gabhar ar an Altóir, mar bíonn ‘Lá’ mór i gceist ag gach gasra, pé acu ceann Shráid Eoin, Shráid na nGabhar nó An Glas agus Órga. Nó scata eile.

Ba léir nár chuir ceobhran ná aon ní eile isteach ar na Dreoilíní. Bíonn an-réiteach déanta acu ó thaobh feistis agus ceoil de. Bhí mórchuid daoine tagtha ón Daingean ba léir, don lá.

I saol an lae inniu is ar son carthanas nó a leithéid a bhíonn dreoilíní ‘amuigh’ ach bheadh óg-naigh ag súil a mbeadh bailithe a chur ina bpóca. “Ní rómhór de bhlianta gur i dtreo ‘Oíche’ nó ‘Ball-night’ a bhailítí an t-airgead ach is dócha go bhfuilimid níos coinsiasaí anois,” arsa fear óg ón nDaingean liom. Ní déarfad cad a dúirt a chara.

Ní chuala aon tagairt dos ‘Na hOícheanta/Ballnights’.

Oíche Coille  
sa Daingean

ÓCÁID eile atá tar éis forbairt thar na bearta ná Oíche Coille sa Daingean. Bhí daoine óga agus aosta ag baint na gcós dá chéile arís i mbliana le hamharc a fháilt ar na tinte ealaíne a bhí á séideadh os cionn Chuan an Daingin tar éis a deich a chlog. Bhí daoine ana-thógtha leis an dtaise-peántas. Bhí na céadta, ag áireamh leanai lena dtaistí, ag baint lán a súil as na tinte.

Ina dhiaidh sin tar éis scíth bheag bhuail an banna ceoil áitiúil fife agus drumas suas ceol agus seo leo timpeall na sráideanna. Shroiseadar an Droichead Beag [mar a mbuaileann Sráid Eoin, An Meall agus an tSráid Mhór le chéile] tamall beag roimh Mheán Oíche agus ansúd do cuireadh fáilte ghrámhar roimh 2012. Deirimse fáilte leat.

Forbairtí ar  
Chuan an  
Daingin :  
“Bígí  
foighneach”

BHUAIL oifigigh ó Roinn na Mara le baill de Choiste Comhairleach Chuan an Daingin agus Iascairí le Chéile, sa Daingean díreach roimh Nollaig le cúrsaí iascaigh agus Cuan an Daingin a phlé. Cé go bhfuil sé ard sa rannóg tosaíochta feabhas a chur ar an mbealach isteach go Cé an Daingin is baolach nach mbeidh €14m ar fáil don obair ar feadh tamaill, arsa oifigeach de chuid na Roinne. Ba léir dóibh siúd eile a bhí i láthair go mba bheag an mhaith bheith ag tarrac achrainn fén ábhar agus fágadh mar sin an scéal. Chuir oifigeach eile ón Roinn in iúl gur fé bhainistíocht Chomhairle Contae Chiarraí a bhí sé soiléiriú a chur ar fáil i leith úinéireacht an tsean-bháid chlóis sa Daingean. Cé go ndúradh gur measadh go raibh san réitithe fadó cuireadh in iúl go raibh súil go mbeadh go luath.

Tá san sean-ráite fén dtráth seo, ach tá an chosúlacht go mbeidh deireadh ar scéal seo ‘mhadra na nocht gcós Chorca Dhuibhne’ go luath. Sin a dúirt ball den gcoiste liom ach bhí iascaire den dtuairim, fiú agus san réitithe, go mbeadh fadhbanna ‘leadránacha’ eile ag eascairt as an réiteach. Cad iad? “Bígí foighneach,” ar sé, “níor mhaith liom an scéal do lot orabhbh.”

I gcás an aonaid leac oighir atá anois iata, meastar go mbeadh na húdarais ag súil go dtiofadh comharchumann ar an saol leis an aonad a reachtáil, ach is baolach ná fuil aon chorraíl le brath sa réimse sin fé láthair.

Nuair a ceistíodh iad fé thodhchái Bhord Iascaigh Mhara [BIM] ní raibh le rá acu ach gur fén Aire a bhí ábhar mar sin. Ba é a ndualgas siúd labhairt agus cinntí a chur i bhfeidhm mar a ordáitear. Bhí sé le clos ó fhoinsí éagsúla go raibh sé i gceist BIM a ‘príobháidiú’ agus luifeadh siad le nithe mar fheirmeoireacht éisc.

An cheist ná, cé chomh minic is a bhíonn cosa na firinne fé ráflaí. An freagra, ní ró-mhinic é ach -

Ann Cassin  
ar saoire i  
mBaile an  
Fhirtéaraigh

TÁ Ann Cassin ó RTÉ, a roghnaíodh le teacht i gcomharbacht ar Michael Ryan a d’éirigh as a phost ar an glár ‘Countrywide’, ar saoire i gceantar Bhaile an Fhirtéaraigh fé láthair.



Micheál Ó Laoghaire, captaen na foirne a bhuaigh comórtas peile seachtar an taobh i mBaile Bhuirne ar Lá Fhéile Stiofáin, ag glacadh le Buan-Chorn Bhriain Uí Thuama ó Cholmán Ó Tuama, athair Bhriain. PIC: Ó LOINGSIGH



Aoife Ní Mheachair, Cúil Aodha, agus Máiréad Ní Cheallacháin, Béal Átha 'n Ghaorthaidh, gur bronnadh teastais éachta speisialta orthu ag searmanas ghradaim Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí dóibh siúd a rinne éacht i mbliain na hArdteiste 2011. PIC: Ó LOINGSIGH



# Gradam Francie Mooney bronnta ar Pheadar Ó Riada i nGaoth Dobhair

Seán Ó Loingsigh

BRONNADH Gradam Francie Mooney ar an gcumadóir agus ar an gceoltóir Peadar Ó Riada ó Chúil Aodha ag ócáid speisialta a reáchtáladh mar chuid d'imeachtaí Oíche Chinn Bhliana ar Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i nGaoth Dobhair.

B'í seo an dara bliain as a chéile gur bronnadh an gradam ceoil ag Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy chun aitheantas ar leith a thabhairt d'amhránaithe agus do cheoltóirí go bhfuil an Ghaeilge mar chuid mhór dá saothair.

D'fhreastail 200 duine ar an ócáid

bhronnta in Ionad Naomh Pádraig ar an nDobhar mar a bhronn bean chéile Franice Mooney, Kitty, pictiúr de chuid an ealaíontóra áitiúil Ian Joyce ar an Riadach.

Tá focail an amhrán Gleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair, a chum an ceoltóir Francie Mooney, greanta sa phictiúr de shliabh na hEaragaile. Ba ar an amhránaí Paul Brady, a chanann a leagan cóirithe den amhrán cáiliúil, a bronnadh gradam Uí Mhaonaigh anuraidh.

Ar na saothair chumadóireachta atá curtha i gcrích ag Peadar Ó Riada le déanaí, tá Laoi na Laoithe le Cór Ban Chúil Aodha agus dlúthcheirnín, 'Triúr sa Draighean', dá phoirt a

thaifead sé i dteannta na veidhlead-óirí Caoimhín Ó Raghallaigh agus Martin Hayes, a sheinn in éineacht leis ag Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy oíche Dé hAoine seo caite. B'é mac Francie Mooney, Gearóid Ó Maonaigh, a bhí mar fhear an tí ag an ócáid bhronnta in Ionad Naomh Pádraig mar a chas an Riadach i dteannta bhaill de Chór Chúil Aodha a bhí leis ar a thuras ó thuaidh.

Do chas iníon Phroinsias Uí Mhaonaigh agus ball den ngrúpa Altan, Máiréad, leis an gcór ag an gcoirm ceoil speisialta gur ghlac an grúpa áitiúil Crann Óg páirt ann chomh maith mar chuid den ócáid bhronnta. Agus ag Scoil Frankie

Kennedy a reáchtáltear i gcuimhne an fliúiteadóir ó Bhéal Feirste a fuair bás i 1994, seoladh an leabhar 'An Fheadóg Mhór' leis an gceoltóir Conal Ó Gráda ó Chúil Aodha a chuireann síos ar 'Éisteacht Chriticiúil' mar chuid de thuiscint ar an gceol a mheasann an fliúiteadóir Corcaíoch a bheith ríthábhachtach do fhliúiteadóirí agus do cheoltóirí i gcoitinne.

Thug an Grádach léacht den dteideal céanna - 'Critical Listening' - i dTeach Ósta na hEaragaile mar a sheinn an fliúiteadóir ó Bhéal Feirste, Harry Bradley, ina theannta mar chuid de scoil cheoil Frankie Kennedy.



An ceoltóir agus an cumadóir Peadar Ó Riada gur bronnadh Gradam Francie Mooney air ag Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i nGaoth Dobhair.

## Bás Sheáin Uí Dhubhda

CUIREADH i gcré na cille Seán Ó Dubhda iarmhúinteoir ó Chlochán Bhréanainn, ar an Luan seo caite. Maireann a bhean agus cúigear deirfiúr. Fear a thuill an-mheas mar mhúinteoir agus a bhí díograiseach riamh i leith na Gaeilge ba ea Seán. Chaith tréimhse i gCampa an Churraigh óir ba phoblachtánaí é i rith a shaoil.

## Corcaigh Aitheantas tugtha do scoláirí Gaeltachta agus Gaelcholáiste

Seán Ó Loingsigh

CEANN de mhór-ócáidí i saol scoláirí, dá gclanna agus do na meánscoileanna i gCo Chorcaí ná na gradaim bhliantúla aitheantais a bhronann Coiste Gairmoideachais an Chontae orthu siúd a rinne éacht san Ardeist.

Ag ócáid in óstán an Carrigaline Court i gCarraig Uí Leighin roimh an Nollaig tugadh aitheantas do thriúr scoláire ó Ghaeltacht Mhúscraí a rinne éacht in Ardeist 2011.

Ba iad Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí, Gearóid Ó Ceallaigh, agus an Príomhfheidhmeannach, Joan Russell, a bhí i bhfeighil na hócáide ar a d'fhreastail 300 duine.

Bronnadh teastais éachta ar

Mháiréad Ní Cheallacháin ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, ar Nollaig Ó Loingsigh ó Chill na Martra agus ar Aoife Ní Mheachair ó Chúil Aodha, triúr a ghnóthaigh idir 540 agus 550 pointe as uasmhéid de 600 pointe san Ardeist anuraidh.

Bhí Máiréad Ní Cheallacháin i mbun na hardteiste i Scoil Mhuire i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh agus daltaí de chuid Cholóiste Ghobnatan i mBaile Bhuirne ab ea Aoife Ní Mheachair agus Nollaig Ó Loingsigh. Tá an triúr imithe ar aghaidh go dtí coláistí oideachais tríú leibhéal ó shin.

70 gradam aitheantais in iomláine a bronnadh ar dhaltaí a rinne éacht sna scrúdaithe Ardeiste i meánscoileanna de chuid Choiste Gairmoideachais an Chontae agus orthu siúd a rinne gaisce in imeachtaí spóirt.

Bronnadh boinn aitheantais Martin Langan agus Tim Looney, oideachasóirí d'ard cháil, ar Alice Ní Nualláin agus Aisling Ní Mhaolanfaidh ó Ghaelcholáiste Choilm i mBaile an Chollaigh, a ghnóthaigh idir 565 agus 570 pointe san Ardeist.

Bhí Brian Cronin agus Cairtriona Ní hEachtigheimh ón nGaelcholáiste orthu siúd gur bronnadh teastais éachta orthu as ucht idir 540 agus 550 pointe a bhaint amach.

Ba iad Cairtriona O'Connor ó Cholóiste Treasa i gCeann Tuirc agus George O'Mahony ó Cholóiste Áth 'n Chóiste a fuair ard-ghradam Bonn an Choiste Gairmoideachais as ucht uasmhéid 600 pointe a bhaint amach.

Bronnadh teastais speisialta ar 23 dalta a dhein éacht san Ardeist Fheidhmeach.

Bronnadh gradaim spóirt ar Chaitríona Murphy ó Phobalscoil Maria Immaculata i nDún Mánmhaí, a bhuaigh Craobh Babhlála na hÉireann faoi 18 agus sa roinn idirmeánach i mbliana, agus ar an snámhaí Emmet Crowley ó Cholóiste Treasa i gCeann Tuirc a huaigh Craobha Snámh Bang Brolaigh 50 agus 100 méadar faoi 18.

## Múscraí Spiorad Naomh Abán léirithe ar Lá 'le Stíofáin

Seán Ó Loingsigh

TÁ nós nua bliantúil curtha ar bun go buan i mBaile Bhuirne leis an gcomórtas peile seachtar na taobh, Corn Bhriain Uí Thuama, a reáchtáladh i bPáirc Cholóiste Íosagáin ar Lá Fhéile Stíofáin.

B'é seo an dara babhta a reáchtáil Cumann Naomh Abán an comórtas peile i gcuimhne an iar-pheileadóir óg, Briain Ó Tuama, ó Bhaile Bhuirne a cailleadh i 2009.

Bhí an comórtas le himirt ar Lá an Dreoilín 2010 ach cuireadh é ar athló de bharr an sneachta go dtí an tseachtain dár gcionn.

Ghlac ocht bhfoireann - dhá cheann sa bhreis an babhta seo - agus 72 imreoir in iomláine, páirt sna cluichí a himríodh ar pháirc nua peile an chumainn áitiúil.

Cuireadh na foirne le chéile os na ranna éagsúla de chuid an chumainn, ón bhfoireann faoi 16 suas go dtí na himreoirí sinsearach.

Tar éis do gach fhoireann trí chluiche d'imirt i mbabhtaí a bhí dian go maith, bhí ceithre fhoireann go raibh dhá chluiche an ceann buaite acu, agus roghnaíodh an dá fhoireann leis an scórál ab fhearr chun imirt sa chluiche ceannais.

Bhí an bua ag foireann C faoi bhainistíocht Noel Uí Éalaithe agus Pháidí Uí Mhurchú leis an scór 2-17 in aghaidh 2-13 a bhí ag foireann E faoi stiúir a mbainisteoirí Gary Mór Ó Loingsigh agus Colman Ó Tuama, athair Bhriain Uí Thuama.

Bhronn Colmán Buan-Chorn Bhriain Uí Thuama, a chuir Muintir Uí Thuama ar fáil don Chumann, ar chaptaen na foirne, Micheál Ó

Laoghaire, ag an ócáid bhronnta a bhí ar bun in Óstán Gobnatan i ndiaidh an chomórtais.

Ghabh Colmán Ó Tuama, iar-pheileadóir aitheanta de chuid Chumann Peile Naomh Abán agus Cathaoirleach an Chumainn, Cathal Ó Riada, buíochas leis an bhfochoiste a d'eagraigh an comórtas - Éamonn Mac Cionnaith, Dara Ó Súilleabháin, Gary Ó Loingsigh, deartháir Bhriain Uí Thuama - Justin, agus a chol ceathrar, iar-chúl báire Chorcaí, Micheál Ó Críodáin.

Bhí focal buíochais ar leith ag Cathal Ó Riada do Mhuintir Uí Thuama agus do na himreoirí go léir a ghlac páirt sa chomórtas ar Lá an Dreoilín.

Ina measc bhí peileadóir Chorcaí Anthony Ó Loingsigh a d'éirigh as foireann an Chontae le déanaí.

“Is iontach agus is dóchasach an rud é don chlub an spiorad sin d'fheiscint, agus le cúnamh Dé leanfaidh an spiorad sin don bhliain seo romhainn,” a dúirt an Riadach.

Agus fógraíodh gur bailíodh €2,000 de thoradh chrannchuir a reáchtáladh chun ciste ar leith a chur ar bun le haghaidh chomórtas peile Bhriain Uí Thuama.

B'é Caoimhín Ó Murchú ó Chill Mhichíl a bhuaigh an chéad duais sa chrannchur de €200 urraithe ag Muintir Uí Thuama, agus bronnadh seacht nduais eile urraithe ag na tábhairní, bialanna agus na siopaí áitiúla i mBaile Bhuirne.

Agus deá-scéal eile ón lá seo gur imríodh an comórtas peile i gcuimhne Bhriain Uí Thuama, ná gur saolaíodh iníon ar Lá Fhéile Stíofáin do dheirfiúr Bhriain, Áine Ní Thuama, agus dá fear céile Fionnán Ó Cróinín. Comhghairdeas leo.

### Nótaí na nDéise

Katie McGreal

TÁ Comhlacht Forbartha na nDéise ag eagrú ‘Teacht le Chéile na hAthbhliana’ i Mooneys, sa Rinn ar an Aoine, 13 Eanáir ag 8in agus tá

fáilte roimh chách. Táthar ag iarraidh an obair atá déanta sa cheantar i 2011 a cheiliúradh agus buíochas a ghabháil do gach duine a bhí páirteach ann. Beidh ceol á sheinnt agus sóláistí ar fáil. Cuir in iúl do Chabriní roimh an Domhnach seo, 8 Eanáir má tá tú chun a bheith i láthair.

Tosóidh Giorcal Comhrá Ghaeltacht na nDéise arís ar an Máirt, 17 Eanáir ag 7in i Mooney's freisin agus tá fáilte roimh gach duine agus beidh an tsraith reatha ar an Choineagéir ar ais ar an Domhnach seo, 8 Eanáir ag 9.30rn.

Bíonn sé ar siúl gach maidin Domhnach agus tá costas de €2 i gceist. Is féidir an cúrsa 4 mhíle a rith nó a shiúil.


Tá an Oifig Ghaeilge Chomhairle Contae Phort Láirge agus Comhlacht Forbartha na nDéise ag iarraidh go gcuirfeadh gnóthaí sa Ghaeltacht agus Iarthar Phort Láirge isteach ar Ghradam Gnó na nDéise 2012. Táthar ag iarraidh gnóthaí a mhealladh chun an Ghaeilge a úsáid mar uirlis mhar-гаіochta agus ghnó tríd an scéim seo. Is féidir cabhair agus gach eolas faoin scéim a fháil ó Cabriní nó Máire Seo Breathnach ar 058-20884.

Tosóidh Ardrang i nGaeilge na nDéise ar an Déardaoin, 12 Eanáir ag 7in i Halla Pobail na Rinne, athrú ionad ón gcéad fhógra eile ar feadh 5 seachtaine. Tá costas €50 air.

Faoi láthair, tá deis ar fáil do dhaoine atá difhostaithe cur isteach ar dheiseanna taithí oibre i bhforbairt turasoíreachta agus teanga atá ar fáil i gComhlacht Forbartha na nDéise faoi na scéimeanna ‘Job-Bridge’ agus ‘Work Placement Programme’. Tá eolas ar na scéimeanna seo ar fáil ón suíomh [www.fas.ie](http://www.fas.ie) faoi ‘Work Placement Programme’ nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Cabriní chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo ar fad ar fáil ó Chabriní de Barra ar 058 46664, 087 6532044 nó [cabrinio1@gmail.com](mailto:cabrinio1@gmail.com).



ULAI DH  
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:  
nuacht@gaelsceal.ie

## Doire Mistéir faoi ionsaí ar Chlubtheach CLG i nDoire

Danny Brown

TÁ amhras agus éiginnteacht faoi thine a bhris amach i halla CLG i nDoire i ndiaidh na Nollag.

Thosaigh an tine i gclubtheach CLG Sean Dolan oíche Chéadaoin 28 Nollaig agus dódh an halla i gceantar an Chreagáin go hiomlán.

Ag an am, dúirt an PSNI gur timpiste a bhí ann agus nach raibh siad ag cuartú duine ar bith maidir leis an tine. Ach de réir a chéile tá an scéal ag éirí níos casta.

Dúirt Sinn Féin sa chathair go raibh seans maith ann gur RAAD (Republican Action Against Drugs) a thosaigh an tine, rud atá séanta ag an ghrúpa.

I ráiteas a d'eisigh siad Dé Domhnaigh, dúirt siad nach raibh baint ná páirt acu leis an tine agus go n-adhmaíonn siad go poiblí nuair atá

# Deireadh Ré : Slán le Cúil Raithin

Scoil Nua Ghaeilge ag Ollscoil Uladh agus Céim Lánaimseartha sa Ghaeilge le bheith ar fáil i nDoire agus i mBéal Feirste

Ciarán Dunbar

DEIREADH ré a bheas ann nuair a chríochnóidh na mic léinn dheireanacha na cúrsaí Gaeilge deireanacha ag Ollscoil Uladh Chúil Raithin i mí na Bealtaine 2014 ach tá ardú stádais mór faighte ag an teanga in Ollscoil Uladh.

Bunófar ‘Scoil na Gaeilge’ go luath i mbliana, scoil neamhspleách taobh istigh d'Ollscoil. Níl sa Ghaeilge anois ach ábhar taobh istigh de Scoil na dTeangacha ann. Mar chuid den fhorbairt seo



áfach, aistreofar an chéim lánaimseartha BA sa Ghaeilge ó Chúil Raithin go Doire agus go Béal Feirste agus beidh deireadh le teagasc na Gaeilge i gCúil Raithin in 2014.

Críochnóidh na mic léinn atá ag déanamh Gaeilge i gCúil Raithin i láthair na huaire a gcúrsaí ach ní bheidh aon mhic léinn úra ag teacht isteach go dtí an cúrsa Gaeilge i mbliana.

Ag caint le Gaelscéal, dhearbhaigh an Dr. Fionntán de Brún ón Ollscoil go mbeidh an fhoireann chéanna ag teagasc an chúrsa chéanna go dtí an deireadh agus nach bhfuil aon ábhar buairimh ann do na mic léinn reatha.

Aon duine a rinne iarratas ar áit ar an BA sa Ghaeilge i gCúil Raithin, beidh faill acu anois rogha a dhéanamh idir Doire agus Béal Feirste má éiríonn lena n-iarratas.

Mhínigh an Dr. de Brún gur “mór an t-ardú gradaim don Ghaeilge san Ollscoil scoil dá cuid féin a bheith aici” agus dúirt sé “go gcuirfidh sé go mór le próifíl na Gaeilge san Ollscoil.”

Deir sé go gcuideoidh an neamh-

spleáchas seo leis an scoil agus iad ag iarraidh cúrsaí nua a fhorbairt, cúrsaí “dirithe ar chúrsaí fostaíochta agus ar riachtanais na hearnála” agus “a bheas ag freagairt do riachtanais an phobail.”

“Baineann an fhorbairt seo le hathstruchtúrú atá ar siúl ag an Ollscoil san am i láthair agus is comhartha é ar an rath atá ar an Ghaeilge in Ollscoil Uladh gur fás agus méadú atá i ndán di ar an bhliain seo chugainn,” a deir sé.

“Tá an-bhorradh faoi na cúrsaí páirtaimseartha Gaeilge a chuir an Ollscoil ar fáil i nDoire agus i mBéal Feirste le corradh le deich mbliana anuas agus is léir gur den fhorbairt sin céim lánaimseartha BA sa Ghaeilge a bheith ar fáil ar an dá champas sin i gcuideachta na gcúrsaí páirtaimseartha. Meastar go gcuideoidh an fhorbairt seo leis an phobal Gaeilge atá ar an dá champas a mhéadú agus a neartú.”

## Béal Feirste An Ghaeilge curtha chun cinn sa bhliain úr

TÁ Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain ag eagrú ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus club óige do dhaoine óga sa bhliain úr. Tosóidh Maidin Chaife na Gaeilge ar an Luan, 16 Eanáir ag 10.30rn. As sin amach, beidh sé ar siúl gach Luan, Céadaoin agus Aoine ó 10.30rn - 12in agus is imeacht saor in aisce é.

Tosóidh rang leibhéal a dó agus meánrang ar an Luan sin freisin. Beidh siad ar siúl ar feadh dhá uair an chloig, ag tosú ag 7in gach Luan ar feadh 15 seachtain. Tá costas £30 ar an

gcúrsa ar fad.

Tosóidh Comhlúadar Ban ar an Máirt sin, 17 Eanáir, ag 10.30 agus is ócáid saor in aisce é. Cuirfear tús leis an gClub Óige ag 7in an oíche sin freisin. Beidh sé ar siúl ar feadh 15 seachtain ón Máirt sin agus tá costas £30 air. Beidh sé ar siúl ar feadh dhá uair an chloig ó 7in gach seachtain.

Ar an gCéadaoin, 18 Eanáir, beidh bunrang, meánrang agus ardrang ar siúl ó 7in. Leanfaidh siad sin ar aghaidh ar feadh 15 seachtain agus tá costas £30 orthu freisin.

Tá na himeachtaí ar fad ar siúl i dTeach Mhic Reachtain, 156 Bóthar Aontroma i mBéal Feirste, agus tá fáilte riomh chách. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 028 9074 9688.

## Neart ar siúl in Iarsmalann Uladh

Katie McGreal

TÁ neart taispeántais speisialta agus na gnáththaispeántais ar siúl in Iarsmalann Uladh.

Tá taispeántas ealaín sráide ar cuairt ann go dtí mí an Mhárta. Tá níos mó ná 30 ealaíontóir le feiceáil ann i bhfoirm greamán agus clónna ag léiriú na tallainne agus na héagsúlachta atá ar fáil sna sráideanna. Is taispeántas saor in aisce é atá ar oscailt go dtí 5in gach tráthnóna.

Tá taispeántas bunaithe ar Bhanríon Shasana ar siúl freisin. Breathnaíonn na portráidí foirmeálta, grianghraif oifigiúla agus íomhánna ó nuachtáin ar an mbealach ina bhfuil an Bhanríon le feiceáil don phobal. Tá pictiúir ó Andy Warhol, Leibovitz agus Beaton le feiceáil sa taispeántas, i measc oibre ó neart eile.

Ar an Aoine, 13 Eanáir, labhróidh Bill Rolston, stiúrthóir na hinsti-tiúide Transitional Justice, faoi mhúrphictiúir i gCúige Uladh, go háirithe na múrphictiúir de chuid na ndílseoirí atá lárnach d'fhéiniúlacht an chúige le blianta beaga anuas. ‘Loyalist or Royalist? Identity in Unionist Murals’ is ainm don léacht. Tosóidh sé ag 10in agus is ócáid saor in aisce é. Beidh an scannán ‘Exit through the Gift Shop’ le feiceáil sa léachtlann ar an gCéadaoin, 25 Eanáir ag 7in. Is scannán é faoi scan-nánóir amaitéarach agus siopadóir Francach a dhéanann iarracht teacht ar Banksy, an stiúrthóir scannán agus ealaíontóir, agus cairdeas a dhéanamh leis. Tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí seo, faoin iarsmalann féin agus faoi neart imeachtaí eile ar fáil ar an suíomh [www.nmni.com/um](http://www.nmni.com/um).

## Dún na nGall 'Can't Pay Won't Pay'

Anton Mac Cába

DÉ Céadaoin an 21 Nollaig - ghlac agóideoirí ón fheachtas ‘Can't Pay Won't Pay’ seilbh ar an seomra mar a raibh cruinniú Chomhairle Contae Dhún na nGall ar siúl.

Chuaigh cúpla dosae agóideoir isteach. Ní raibh slí do níos mó. Tharla seo ag deireadh agóide taobh amuigh den chruinniú ag oifigí na Comhairle i Leifear. Dúirt Francis McCafferty ón fheachtas go raibh seo spontáineach. “Thosaigh daoine ag scairteadh orthu, teacht amach agus labhairt linn,” ar seisean. “Ansin, thosaigh daoine ag scairteadh ‘rachaimis isteach.’” Bhí daoine ann ó achan chearn den chontae ar an agóid.

Ag deireadh na hagóide bhí argóint idir cuid de na hagóideoirí agus beirt chomhairleoir ó Shinn Féin.

Cuid den slua a ghlac páirt i siúlóid/rith Naomh Mhuire i nDún na nGall i gcaitheamh na Nollaig. PIC: EOIN MC GARVEY





# 'SCÉALA NA BLARNA'

## "Má tá bréag ann, bíodh ..."

### Damhsa 'Flash' Phort Láirge

CUIREADH iontas ar shiopaadóirí fuinneoige in Ionad Siopaadóireachta Phort Láirge inné, nuair a bhris os cionn 700 de mhuintir na háite amach in amhrán agus damhsa 'flash'. D'eagraigh an banna ceoil 'na NAMAettes' an eachtra.

Is grúpa amhrán 'zombie' iad 'na NAMAettes', a bunaíodh go déanach in 2009, agus is léir go bhfuil clú agus cáil orthu agus iad ag taisteal na tíre faoi láthair.

Stiúir a gceannaire Rick Willybun na rincoirí ó phríomh-áiléar an phláis agus iad ag canadh 'If I Had A Million Dollars' ón mbanna ceoil 'The Barenaked Ladies'. Bhí an ócáid urraithe ag Naomh Uinseann de Pól, agus craoladh ar an raidió áitiúil i mar shiamsaíocht shaor in aisce do na héisteoirí ina suí ina dtithe, gan tuilleadh airgid acu le dul chuig ceolchoirmeacha nó go dtí an phictiúrlann níos mó.

Ag caint ina dhiaidh, dúirt Willybun gurb é misean 'Na NAMAettes' 'athmhúscailt a spreagadh i muintir na hÉireann le damhsa zombie'. Ní mór do mhuintir na háite a bheith dífhostaithe chun páirt a ghlacadh sa léiriú, ach ní raibh na critéir seo riamh ina gconstaic le rincoirí deonacha a earcú. Ba léir gur fhoghlaim muintir na háite na damhsaí go gasta, agus thaitin scéal an taispeántais go mór leis an lucht féachana. Ag deireadh an taispeántais damhsa, aiséiríonn Sínitheoirí 1916 ón mbás agus iad ag déanamh 'an hucklebuck' agus, faoi stiúir Phádraig Mhic Phiarais, ionsaíonn said polaiteoirí na hÉireann atá freagrach as trioblóidí na tíre inniu.

Deir Lar Fitzmaurice, fear áitiúil a tharla a bheith ar cuairt sa phláis d'fhonn leas a bhaint as an teas saor in aisce, go raibh an damhsa zombie agus 'flash mob' 'uafásach agus dochreidte...díreach mar atá an fíor-NAMA!'

### An 'Páirtí Guinness' ag dul ó neart go neart

Tá gluaiseacht nua polaitíochta, sórt leagan Gaeilge den Pháirtí Tae i Mheiriceá, ag méadú go suntasach faoi láthair. Is ionann an 'Páirtí Guin-

ness' agus comhghuaillíocht scaoilte de Chaitlicigh choimeádacha, thábhairneoirí ciniciúla agus na gnáth-líobráligh. Tá sé tagtha chun solais go mbeidh an 'Páirtí Guinness' i mbun agóide chun uaireanta agus aois an ólacháin a leathnú, chomh maith le hathruithe a chur ar chód cánach na hÉireann, cosc a chur ar phósadh aerach, deireadh a chur leis an gcosc ar thobac i dtithe tábhairme, agus oideachas sláinte a bhaint den Ardeistiméireacht.


Agus iad ag seasamh ar bhosca pobalach, tá súil ag an bPáirtí Guinness baint siar as roinnt tionscnamh rialtais. Mar sin féin, tá comharthaí luatha ann nach bhfuil an rialtas róshuaite, leis an Taoiseach Enda Kenny ag rá Dé Domhnaigh go mbeadh sé 'ag ligean don bhrú imeacht ar feadh tamaill'.

### Willie O'Dea ag Fanacht Ciúin Faoina Ról sa Libia

In ainneoin an chlu idirnáisiúnta, tá an polaiteoir Willie O'Dea ag fanacht iontachciúin faoina pháirt i saoirse na Libia faoi láthair. Tháinig an scéal dochreidte seo chun solais don chéad uair nuair a chonaic lucht leanúna O'Dea é ag ithe dhá mhála de sliseanna curáí i Luimneach oíche Dé hAoine, agus é ag léamh trí theachtairacht téacs ar a fhón.

De réir tuairiscí, d'imigh sé féin óna chairde i gcomhair 'paicéad toitíní a fháil'. Níos lú ná ocht n-uair an chloig ina dhiaidh sin, bhí an polaiteoir mistéireach i gceannas ar fhórsaí reibiliúnacha ar shráideanna Sirte, baile cónaithe Muammar Gaddafi.

Tá an polaiteoir an-chiúin faoi thuairiscí go bhfuil sé ag stiúradh fórsaí reibiliúnacha sa chuid thiar den



Libia achan deireadh seachtaine, ó bhris an t-éirí amach seacht mí ó shin. Mar sin féin, tá grianghraif glactha ag National Geographic agus Sky News a léiríonn a ról tábhachtach i dtitim riail Muammar Gaddafi. Dar le hAnderson Cooper ar CNN aréir, bhí O'Dea lánach i straitéisí míleata, comhordú na bhfórsaí agus ar an soláthar arm tríd an tír-raon garbh.

D'inis Nuri al-Zawi ar an ngúthán do Ghaelscéal oíche Dé Domhnaigh, go raibh na reibiliúnaithe patróil ina gceantar féin ag baint úsáide as gunnaí agus veaineanna HiAce a chuir O'Dea ar fáil.

### Dílseacht na nDall 2011

Tá áthas orainn an tuarascáil seo a thabhairt maidir le searmanas bronnata "Dílseacht na nDall 2011" a bhí ar siúl sa 'Saloon Slithanta' san ardchathair aréir.

Is ócáid bhliantúil é an searmanas bronnata a aithníonn éachtaí dílseach-

ta dochreidte agus claonpháirteachas ar an imeall a bheith coirriúil in Éirinn agus ar fud an domhain - cibé áit a dtarlaíonn siad.

Sa tríú háit tugadh gradam do chomhaltáí na hEaglaise Caitlicí, baill den Gharda Síochána agus lucht tuata as a bheith balbh maidir le líomhaintí gasúr ar feadh na mblianta. Ag léiriú a chuid ríméid, dúirt sagart amháin, "Geallaimid go mbeidh an Eaglais ar ais níos láidre sa chomórtas in 2012!"

Sa dara háit: baill de lucht Fhianna Fáil a bhí sa rialtas le linn an bhorrtha. Chomh maith leis sin tugadh aitheantas faoi leith do bhaill den pháirtí a dhiúltaíonn fós glacadh leis go ndearna a bpáirtí aon ní mícheart le linn na tréimhse i gcumhacht.

Agus sa chéad áit, baill den Lucht Siúil a lig orthu nach raibh a fhios acu faoi na sclábhaithe a bhí i ngéibheann ar láithreáin stad ar fud na Ríochta Aontaithe le breis agus 20 bliain. Tharla sé seo in ainneoin an dlúthchaidris atá idir teaghlaigh agus clanna i measc an phobail ársa sin.

Cuireadh iachall ar na sclábhaithe a bheith ag obair gan phá agus iad á

gcoinneáil i mboscaí capall agus madraí fiú. Dúirt urlabhraí neamhoifigiúil ó Pavee Point go "gcuideoidh an t-aitheantas speisialta seo leis an Lucht Siúil dul i bhfeidhm ar an bpobal socraithe i gcoitinne" agus "nach bhfuil ach céatadán fíor-íseal de bhaill an Lucht Siúil bain-teach le coireanna agus mí-iompar poiblí".

### Agus Go Sciobtha...

Tá sé fógartha ag oifig an Uachtaráin, Mícheál D. Ó hUigín, go mbeidh dhá mhadra nua á gcoinneáil in Áras an Uachtaráin mar Pheataí Oifigiúla an Uachtaráin. Bheartaigh an tUachtarán dhá 'Burmese Mountain Dogs' a ghlacadh i ndiaidh feachtas raidió ag Galway BayFM. Dhiúltaigh an oifig, áfach, daingniú go bhfuil sé ar intinn ag Ó hUigín diallaití a chur orthu agus iad a mharcaíocht timpeall Átha Cliath ar nós capall.





# IMEASCAN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



Grúpa a ghlac páirt i Siúlóid Urraithe ó Dhún Lúiche i dTír Chonaill go hIonad Lae Ghaoth Dobhair ar Lá Fhéile Stiofáin. Rachaidh an urraíocht chun sochair Ionad Lae Ghaoth Dobhair agus pháirc úr peile CLG Ghaoth Dobhair. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



Cití Uí Mhaonaigh, baintreach Francie Mooney, ag bronnadh 'Gradam Francie Mooney' ar Pheadar Ó Riada as Cúil Aodha i gCorcaigh ag Scoil Samhraidh Frankie Kennedy i nGaoth Dobhair. PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



Mark Gantly, stiúrthóir bainistíochta Hewlett-Packard i nGaillimh, an Dochtúir James Cunningham ón Institiúid Gnó, Eolaíochta Sóisialta agus Beartais Phoiblí in éineacht leis an Dochtúir Chris Coughlan, an duine atá i gceannas ar néalríomhaireacht i Hewlett-Packard i nGaillimh, ag seoladh an cúrsa máistreacht atá á thairiscint ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhair leis an gcomhlacht, Hewlett-Packard.



An tAire Donnchadh Mac Fhionnlaoich ag seoladh an dlúthdhiosca 'Logainmneacha Acla' in Áras Forbartha Acla an mhí seo caite in éineacht le Tomás Mac Sheáin, Máire A. Mhic Lochlainn, Pádraic Mac Giollabháin, Cathaoirleach an CFAA agus Tarlach Ó Duibhir Bainisteoir Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla. PIC: MICHAEL DONNELLYPHOTOGRAPHY



Máirtín Davy Ó Coisdealbha, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Leas-Mhéara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Frank Fahy agus Jimmy Griffin ó Bhácús Uí Ghríofa ag Teacht le Chéile na Nollag Chairde Ghaillimh le Gaeilge, in Óstán an Meyrick, An Fhaiche Mhór, Gaillimh le déanaí.

Ann Ní Mhaonaigh, Ben Lennon agus Mairéad Ní Mhaonaigh ag seoladh Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i d'Tigh Hiúdaí Bhig ar an Bhun Beag i nDún na nGall, in éineacht le Gearóid Ó Maonaigh (cathaoirleach an choiste eagraithe) Cathal Goan (Comhar) Conal Ó Gráda (ceoltóir) Séamus Mac Ruairí (iár chomhairleoir contae) an tAire Stait Donnchadh Mac Fhionnlaoich, Hammy Hamilton (ceoltóir) Gréagóir Ó Dúill, (file) agus Conor Byrne ón gcoiste eagraithe.

PIC: TOMÁS Ó CUIREÁIN



# I MEASC AN PHOBAIL




Cuid den slua a bhí i Leabharlann an Spidéil nuair a d'oscail Máirtín Davy Taispeántas agus Díolachán le hEalaíontóirí as Cois Fharraige agus Inis Meáin le déanaí.



Aisling Ní Mhaolainfaidh agus Alice Ní Nualláin, scoláirí de chuid Ghaelcholáiste Choilm i mBaile an Chollaigh, gur bronnadh boinn agus teastais éachta orthu ag searmanas Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí le haghaidh ghraidim Ardteiste 2011. PIC: Ó LOINGSIGH



Máirtín Mac Donnchadha agus a bhean Jill ag ócáid scoir Sheosaimh Uí Chuaig agus Mháirtín Mhic Dhonnchadha in Óstán Chósta Chonamara le déanaí.



An léiritheoir ó Mhaigh Eo Media, Piaras Ó Raghallaigh, i Medjugorje ag obair ar an gclár faisnéise 'Sólás na Maighdine' atá bunaithe ar ghrúpa oilithreachta ó Thúr Mhic Éadaigh i Maigh Eo a chuaigh ar thuras go Medjugorje. In éineacht le Piaras sa phictiúr, tá an stiúrthóir, Priscilla Moore, an ceamradóir, Rolf Zaska, agus an t-innealtóir fuaime, Klaus Kappis. Bhí an clár ar TG4 roimh an Nollaig.



Tuathla, Conall agus Fianach Mac Gabhann as Partraí ag seoladh na leabhar 'Fainic, a Fhiachra' le hArt Ó Súilleabháin agus 'Piobaire Hamelin' le Colmán Ó Raghallaigh ag Ionad Oideachais Mhaigh Eo le déanaí. Is iad Cló Mhaigh Eo a d'fhoilsigh na leabhair. PIC: MICHAEL DONNELLY PHOTOGRAPHY



Bhronn Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, teastas ar (ó chlé) Bríd Mc Grath, Kathleen Folan, Kathleen Kelly agus Martina Connolly, in Ionad Cuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc le déanaí. Bronnadh an teastas orthu don Chúrsa ECDL agus don Chlár Gníomhachtúcháin Saothair a rinne siad. Pic: Seán Ó Mainnín



## GNÉ-ALT

## An mbeidh deireadh leis

Athbhliain faoi shéan 's faoi mhaise daoibh, ach an é seo an uair dheireanach a bheidh an bheannacht sin á guí againn? An mbeidh deireadh leis an domhan in 2012?



Treasa Bhreathnach

**I**s cuimhin liom i bhfad ó shin a bheith ar laethanta saoire ar feadh cúpla mí i Meiriceá. Gach seachtain agus mé ag dul i gcomhair mo chaife maidine, d'fheicfinn fear le comhartha mór aige ag maíomh go raibh deireadh an domhain ag teacht.

Ní hamháin go raibh deireadh an domhain ag teacht, ach bhí dáta cinnte aige ina thaobh, an 21 Nollaig 2012.

Níorbh é an fear seo an t-aon duine a mhaíonn go bhfuil deireadh an domhain i ndán dúinn, ar ndóigh. Luaitear an bhliain 2012 go minic i mbéal daoine a cheapann go bhfuil dáta an apacailipsis ar eolas acu, léiritheoirí móra scannáin Hollywood ina measc. Mar a bhíodh m'fhear céanna i Meiriceá ag gealladh, *'The End is Nigh'*.

Ach, cárbh as ar tháinig cinnteacht an fhir seo agus cinnteacht na ndaoine eile a chreideann sna scéalta seo uile go léir?

Cuirtear an milleán go minic ar na Máigigh (Mayans), mar gheall go gcreidtear gur thug siad suntas faoi leith don 21 Nollaig 2012 san fhéilire fadchomhairimh dá gcuid (*Long Count Calendar*).

Dar leis an bhféilire a bhí in úsáid ag na Máigigh, níl aon tréimhse ama luaite acu tar éis an 21 Nollaig 2012, agus tugtar tábhacht faoi leith don sonra seo in amanna.

Ba shibhialtacht na Máigigh a bhí i mbarr a réimse idir 300AD go dtí timpeall 900AD. Mhair siad i Meiriceá Láir ag an am sin, agus bhí sibhialtacht iontach forbartha acu sna ceantair sin. Is i Meicsiceo, sa Bheilís (Belize), Guatamala, an tSalvadóir, Hondúras, Nicearagua, agus Cósta

Ríce a chónaigh siad san am agus tá a sinsir ag maireachtáil sna tíortha seo, i measc tíortha eile go fóill.

Bhí na Máigigh ar cheann de chúig shibhialtacht ar domhan a d'fhorbair teanga scríbhneoireachta dá gcuid féin. Bhí siad, agus tá siad fós, aitheanta as a gcuid ealaíne, a gcuid scileanna tógála, agus a gcórais mata agus réalteolaíochta.

Cuireadh tús le féilire fadchomhairimh na Máigeach i 3114 BC. Déantar cur síos san fhéilire ar réimsí ama a thug na Máigigh 'Baktun' orthu, tréimhsí iad seo a mhair 394 bliain. Mar aon leis sin, bhí an uimhir 13 beannaithe dóibh. Dar le féilire na Máigeach tagann deireadh leis an 13ú Baktun ar an 21 Nollaig 2012.

Bhí scil faoi leith ag an Máigigh sa réalteolaíocht agus is as seo a thagann an chreidiúint go mbeadh a fhios acu cén dáta a dtiocfadh deireadh leis an domhan. Bhí siad iontach cruinn i gcuid dá réamhaisnéis réalteolaíochta, mar shampla, rinne siad réamhaisnéisí cruinne ar éiclipsí (eclipses) na gealaí agus na gréine leis na cianta i ndiaidh dóibh a bheith ar marthain.

## An dtiocfaidh Dia Máigeach anuas ón spéir?

Cé nach luaitear in aon áit céard go díreach a cheap na Máigigh a tharlóidh ar an 21 Nollaig 2012, tá roinnt daoine ag tógáil leide ó thaibléad amháin a fuarthas i Meicsiceo le linn na 1960idí. Tá sé le tuiscint sna scríbhinní atá le feiceáil ar an taibléad céanna go dtiocfaidh Dia Máigeach Chruithú an Domhain agus na Cogaíochta (*God of Creation and War*) anuas ón spéir in 2012. Scríobhadh an téacs os cionn 1,300 bliain ó shin agus de bharr imeacht ama tá scoilt sa chloch sa lá atá inniu ann, rud a chruthaíonn deacracht le léamh cruinn a dhéanamh uirthi. As 15,000 taibléad de chuid na Máigeach, níl ach péire acu a luann an bhliain 2012.



Cé go luaitear iad go minic mar fhianaise ar dheireadh an domhain, ní aontaíonn glúine Máigeacha an lae inniu gurbh é sin a bhí i gceist ag a sinsir. Dar leo, is éard a chiallaíonn an féilire ná go dtiocfaidh deireadh le tréimhse thábhachtach ama ar an dáta seo, ach nach ionann sin agus deireadh an domhain.

Níor cheart go gcuirfí an milleán uile ar na Máigigh as réamhaisnéis dheireadh an domhain agus an faitíos atá i measc na ndaoine maidir leis na tuar céanna seo.

Tá suas le deich dteoiric ann a úsáidtear mar fhianaise ar dheireadh an domhain agus is iad na teoiricí ceannann céanna atá le feiceáil ar shuíomhanna idirlín agus leabhair a mhaíonn go bhfuil firinne éigin iontu.

## Athrú sa 'galactic alignment'?

Ceann amháin de na teoiricí seo ná go dtarlóidh rud dar teideal 'ailíniú réaltrach' nó 'galactic alignment'. Is eachtra é seo nár tharla le 26,000 bliain anuas, agus is éard atá i gceist ná go taistileoidh an ghrian trí lár an réaltra, nó Bealach na Bó Finne (*the Milky Way*) agus go mbeidh baol tubaisteach ann don domhan dá bharr. Ní cinnte cén sórt baoil, ach dar le heolaithe NASA, ní chiallóidh an eachtra seo aon cheo osnádúrtha, agus ní

bheidh aon tionchar ar an domhan nó ar an gcine daonna mar thoradh air.

Is é ceann de na ráflaí eile a bhíonn le cloisteáil go minic ná go dtarlóidh stoirm ollmhór na gréine in 2012. Bíonn tionchar ag an ngrian ar an aimsir ach níl an tionchar chomh leathan sin go gciallóidh sé deireadh an domhain. Tarlaíonn brúchtadh gréine gach 11 bhliain. Bíonn uasghníomhaíocht na gréine (*solar maximum*) ann gach 11 bhliain agus dar leis na heolaithe níl súil acu leis an gcéad uasghníomhaíocht gréine eile go dtí 2013 nó 2014. Ní hionann seo agus go bhfuil fad curtha lenár dtréimhse ama ar domhan, níl cumhacht a dhóthain ag na brúchtaí gréine chun deireadh a chur leis an domhan ar aon nós.

Bhí caint ann chomh maith leis na blianta ar phláinéad a nglaoitear 'Pláinéad X' air, nó 'Nibiru' agus é ráite sa chaint go bhfuil sé ar tí imbhualadh leis an Domhan. Níl aon rian faighte ar an phláinéad seo go fóill, agus bheadh sé le feiceáil ón tsúil faoin am seo dá mbeadh sé ag taisteal inár dtreo, arís dar leis na heolaithe.

Tá dúpholl lonnaithe i lár an réaltra agus ceapann roinnt daoine go mbeidh imtharraingt (*gravitational pull*) dochreidte ag an dúpholl agus go gcabhróidh sé seo le treo an domhain a athrú. Ar ndóigh, dar leis na fáistíneoirí tubaiste tiocfaidh astaróideach

chomh gar sin don domhan go mbeidh timpiste ann. Is é an t-astaróideach atá tar éis an phoiblíocht is mó a fháil ná ceann dar teideal 'Apothis', ach ní cheapann aon duine de na saineolaithe go dtarlóidh a leithéid sa todhchaí.

## 2012, deireadh an domhain dar leis an Bhíobla?

Ceaptar go bhfuil 2012 luaite sa Bhíobla fiú mar dháta deireanach an domhain agus é luaite sa chreideamh Hiondúch (*Hindu*) chomh maith.

Ar ndóigh ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar dhuine de na fáistíneoirí is cáiliúla ar domhan, Nostradamus. I 1982 fuarthas leabhar dá chuid nár foilsíodh riamh cheana. Sa leabhar seo taispeánadh go dtarlóidh trí éiclips na gréine agus éiclips na gealaí ina ndiaidh, idir 1992 agus 2012. Ceapadh gur chiallaigh sé seo go raibh deireadh an domhain i ndán dúinn am éigin idir 1992 agus 2012. Bhuel, ar ndóigh tá muide agus an domhan fós ann go fóill, rud a chiallaíonn nach bhfuil ach bliain amháin fágtha ag réamhaisnéis Nostradamus. Creideann roinnt daoine réamhaisnéisí Nostradamus mar gheall go raibh sé cruinn ar



# an domhan in 2012?



An Féilire Máigeach, ní théann sé níos faide ná 21 Nollaig 2012. An raibh a fhios acu faoi rud éigin nach bhfuil ar eolas againne?

réamhaisnéisí eile, mar dhúnmharú Kennedy, agus éirí cumhachta Adolf Hitler, ach, ní thugann siad seo san áireamh gur tharla na heachtraí seo sula bhfuarthas an leabhar féin agus tá ceisteanna ardaithé faoi chreidiúint an leabhair féin.

Mar sin cén chaoi ar tharla sé go gcreideann an oiread sin daoine go dtiocfadh deireadh leis an domhan in 2012 ós rud é gur féidir bréagnú a dhéanamh ar na teoricí seo ar fad go sách éasca?

Bhuel, in 2008 craoladh clár teilifíse ar an gcainéal History a thug le chéile na teoricí seo ar fad faoin teideal, 'Decoding the Past: Mayan Domsday Prophecy'. Tháinig roinnt scannán amach bunaithe ar thubaiste 2012 nó 'doomsday' i ndiaidh an chláir teilifíse seo. Bhí an scannán 2012 le John Cusack, Woody Harrelson agus Danny Glover mar cheann acu sin. An féidir a rá mar sin gurb ar na meáin chumarsáide ba

cheart an milleán a chur agus gurb iad na meáin atá ag cur le faitíos na ndaoine?

Is léir go bhfuil daoine ar fud an domhain amhrasach faoin dáta áirithe seo sa bhliain atá romhainn. Shíl eolaithe NASA gur cheart dóibh roinnt freagraí ar cheisteanna coitianta ina thaobh a chur suas ar a suíomh idirlín de bharr líon na bhfiosrúcháin atá faighte acu faoin 21 Nollaig 2012. Tá líon na bhfiosrúcháin sin ag ardú gach bliain agus níos mó daoine ag dul i dteagmháil leo anois faoi ná riamh cheana. Is é freagra na ceiste móire a thugann eolaithe NASA do dhaoine; 'Ní tharlóidh aon drochrud don domhan in 2012. Bhí an domhan togha le hos cionn 4 bhiliúin bliain, agus níl a fhios ag eolaithe faoi aon bhaol a bhaineann leis an bhliain 2012.

Ní chreideann gach duine na heolaithe ar ndóigh agus tá iliomad suíomhanna idirlín agus na mílte

duine amuigh ansin a chreideann go gcaithfidh siad fáil faoi réir don eachtra thubaisteach a bhuailfidh an domhan ag deireadh na bliana. Tá roinnt daoine eile a fheiceann gur féidir leo neart airgid a dhéanamh as faitíos na ndaoine céanna. Bhí i gcónaí agus tá fós, daoine ann atá sásta dúshaothrú (exploitation) a dhéanamh ar na daoine céanna.

Mar shampla, tá trealamh éigeandála do cheathrar ar díol ar shuíomh idirlín amháin ar chostas \$179.00. Baineann a lán den trealamh sa phacáiste éigeandála seo le bia agus trealamh a úsáideann Arm Mheiriceá. Tá eolas ar fáil go forleathan dóibh siúd ar mhaith leo a mbuncar féin a thógáil. Tá neart féilirí ar díol don bhliain dheireanach ar domhan, dar leo, agus t-léinte, seaicéid, pacáistí éigeandála, agus neart neart eile nach gcuimhneodh tú orthu go brách, murach go raibh tú sa ghnó le hairgead a dhéanamh.

## Harold Camping agus an 'Rapture'

Ní gá ach smaoineamh ar Harold Camping a dúirt go dtiocfadh deireadh leis an domhan ar an 21 Deireadh Fómhair. Dúirt an tUasal Camping, láithreoir raidió Críostaí as Meiriceá, go dtarlódh eachtra dar teideal 'The Rapture' agus go bhfaigheadh 200 milliún duine bás nó go mbeadh siad 'raptured'.

Shocraigh an stáisiún raidió, de chuid Camping 'Family Radio', go mbeadh siad sásta deontas a ghlaacadh ó ghnáthbhaill den phobal. Bhuel, tá muid ar fad fós anseo, ach níl na daoine a chreid an láithreoir raidió chomh saibhir agus a bhí siad.

Ghlac Camping le suas le \$80 milliún idir 2005 agus 2009. Ar ndóigh ní hé seo an chéad uair a rinne Camping faisnéis go dtiocfadh an domhan chun deiridh. Dúirt sé ar dtús go dtiocfadh an domhan chun deiridh i 1994.

Mar chine daonna, caithfidh muid ceachtanna a fhoghlaim ón stair. Má bhreathnaíonn muid ar stair an domhain, stair d'ós cionn 4 bhiliúin bliain ar domhan, tá scil faoi leith ag an domhan leanúint ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana, agus gach uile sheans gur mar sin a dhéanfaidh sí go dtí an bhliain seo chugainn agus na cianta ina diaidh.

Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise daoibh go léir!



Amadán? : Harold Camping



# Gaelscéal AR SCOIL

**Forlónadh oideachais agus suíomh oideachais do mheánscoileanna ag [www.oideachas.gaelisceal.ie](http://www.oideachas.gaelisceal.ie)**

## Briseadh na Nollag ag Gaelscéal ar Scoil

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tógáil sosa don Nollaig ach beidh an forlónadh ar ais ar 11 Eanáir 2012 le neart ábhair don rang Gaeilge, OSSP agus OSPS mar aon le Comhairle Ghairmthreorach. Beidh Comhar na Múinteoirí ann freisin le neart ábhar tacaíochta do mhúinteoirí.



## Síntiúis ó mhí Eanáir go dtí mí Mheithimh

Is féidir le múinteoirí agus le daltaí síntiús a ghlacadh leis an bpáipéar ar phraghas íseal ó mhí Eanáir go dtí mí Mheithimh!

Tá tairscint speisialta ann do gach múinteoir a chuirfidh isteach ordú do 3 shíntiús ar a laghad, dearbhan €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht!

Lascaíní ar fáil i gcomhair orduithe móra!



**Téigh i dteagmháil linn anois chun do shíntiús a ordú:**

**091-897766**

**nó [scoil@gaelisceal.ie](mailto:scoil@gaelisceal.ie)**

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Comhar na  
Múinteoirí Gaeilge



# Gnáth-dhea-rúin na bliana úire arís i mbliana?



Katie McGreal

Nuair a labhraítear faoin athbhliain smaoinítear ar thús nua, am maith le rud nua a thosú nó a athrú i do shaol, i do stíl mhaireachtála.

Conas a bheidh 2012 difriúil ó 2011 duitse? Bliain níos dearfaí agus níos fearr go cinnte! Ach, conas is féidir é sin a dhéanamh?

Glaitear ‘deá-rúin na bliana úire’ ar athruithe nó cinntí le rudaí a athrú a dhéanann daoine ag an am seo den bhliain.

Thosaigh traidisiún na ndea-rúin seo i 153 BC san Iodáil. Chuir siad an rí miotasach, Janus ag barr an fhéilire. Tá dhá aghaidh ag Janus, ciallaíonn sé sin gur féidir leis breathnú ar rudaí ar tharla sa bhliain atá thart chomh maith le rudaí atá ag teach sa bhliain úr.

Fuair cuid de na Rómhánaigh maitheamh óna naimhde roimh thús na bliana nua agus thug siad brontanais de ghéaga ó chrann beanaithe do dhaoine freisin.

Bhí Janus ina sheansíombail de rúin do na Rómhánaigh agus toisc go bhfuair mí Eanáir (January) a ainm ó Janus thosaigh daoine ag déanamh dea-rúin na bliana úire ag tús na bliana, mí Eanáir. Thosaigh Julius Caesar é in onóir Janus.

Ní dhéanann gach duine iad agus nuair a dhéantar iad, is gnáthrud é gan glacadh leo agus dearmad a dhéanamh orthu.

Dar le Jonah Lehrer sa Wall Street Journal, teipeann ar 88% de dhaoine na dea-rúin a choimeád.

“Tá sé deacair drochnósanna a bhriseadh - agus indéanta iad a bhriseadh uilig le chéile,” a deir sé.

Ach, seo roinnt rudaí gur féidir leat a dhéanamh chun a chinntiú go ndéanfaidh tú iarracht níos fearr glacadh leis na dea-rúin i mbliana:

- Píoc rud éigin simplí agus a bhfuil féidearthachtaí ann go ndéanfaidh tú é.


- Roghnaigh rud éigin a bhfuil suim éigin agat ann nó a chabhróidh leat i do shaol nó le do

**Dar le Jonah Lehrer sa Wall Street Journal, teipeann ar 88% de dhaoine na dea-rúin a choimeád. “Tá sé deacair drochnósanna a bhriseadh - agus indéanta iad a bhriseadh uilig le chéile,” a deir sé.**

shláinte.

- Ná píoc aon rud atá róchas-ta nó costasach le déanamh, ag tais-teal timpeall an domhain mar shampla, tosaigh le rud éigin níos simplí, taisteal níos mó.

- Leag amach spriocanna go míosúil nó go seachtainiúil. Mar shampla, má tá tú ag iarraidh airgead a shábháil, cosúil liomsa, scríobh



amach buiséad: breathnaigh ar do chostais uilig don mhí agus an méid airgid a fhaigheann tú chuile mhí. Cén áit ar féidir leat níos mó airgid a shábháil, cén rud nach gcaithfidh tú a cheannach? Má tá sé fós deacair le buiséad míosúil, déan amach ceann go seachtainiúil ar feadh trí mhí agus ina dhiaidh sin, b’fhéidir go mbeidh tú cleachta leis, muna bhfuil, lean ar aghaidh leis na buiséid.

- Scríobh síos é! Má tá pé rud atá tú ag iarraidh a dhéanamh nó a athrú i mbliana scríofa síos tá seans níos mó ann go ndéanfaidh tú é!

- Ná píoc an iomarca dea-rún! Tosaigh le ceann amháin a bhfuil tú dáiríre faoi agus ina dhiaidh sin is féidir leat é a fhorbairt!

Má phioctar rud éigin atá costasach, casta nó nach bhfuil suim agat ann, tá seans níos mó ann nach ndéanfaidh tú é agus is tús lofa don bhliain úr é. Níl tú ag iarraidh 2012 a thosú in isle brí toisc nach raibh tú in ann briste de mhéid a 8 a chaitheamh

taobh istigh de choicís.

Tá neart gnáth-dhea-rún a dhéantar don bhliain úr, airgead a shábháil, meáchan a chailliúint, spórt nó caitheamh aimsire nua a thosú nó rud éigin a fhoghlaim, a bheith níos aclaí, éirí as an tobac nó alcól agus neart eile. Ach, más duine tú a dhéanann dea-rúin na bliana úire chuile bhliain, agus má leanann tú ar aghaidh leo nó muna leanann, céard faoi rud thar a bheith aisteach nó neamhghnách a dhéanamh i mbliana? Tá an tír in isle brí ó thaobh easpa airgid, fadhbanna an Aontais Eorpaigh agus an cúlú eacnamaíochta domhanda atá fós ar siúl, ach ní chiallaíonn sé sin go gcaithfidh tú a bheith in isle brí! Is am iontach é an chéad lá de mhí Eanáir le rud éigin nua a dhéanamh, fiú chun tú féin a chur ag gáire ar feadh tamaill!

- Faigh tatú nó cneaspholladh nua.

- Foghlaim cleas nua le tais-peáint do do chairde - seas ar do lámha nó cleas draíochta.

- Foghlaim rud éigin ar beag an maitheas atá ag baint leis - ainm na mbláthanna ar fad i do ghairdín nó gach sórt féir atá ann, na focail ar fad do cheoldráma éigin nó scannán éigin, na dánta uilig a scríobh an file is fearr leat, ainmneacha na stát ar fad sna Stáit Aontaithe nó na haibhneacha ar fad sa Fhrainc.

- Cuir an dath céanna ar d’éadaí ar fad nó cuir dathanna éagsúla i do chuid gruaige.

- Déan iarracht náire a chur ar do pháistí uair amháin sa ló.

Cén dea-rúin atá agatsa i mbliana?



**An Seanadóir Trevor Ó Clochar-taigh:**  
“Meáchan a chail-liúint, a bheith


níos aclaí agus Gaeilge a chur chun cinn san Oireachtas, sa Seanad agus i bpáirtí Shinn Féin.”

**Áine Lally, láithreoir TG4**  
“A bheith níos aclaí.”




**Sinéad Ní Loideain, láithreoir TG4**

“A bheith níos aclaí, caitheamh aimsire nua a thosú: rith agus a bheith níos sláintiúla i ndiaidh aimsir na Nollag. Deirim iad sin gach bliain ach i mbliana, táim andáiríre faoi!”



**Róisín Ní Thiomáin**  
“Níos eagraithe! In 2012, táim chun liostaí a dhéanamh ionas nach mbeidh an oiread céanna brú orm is a bhí in 2011.”



**Tomái Ó Conghaile**  
“Ní dhéanaim dea-rúin don bhliain úr de ghnáth ach i mbliana táim chun iarracht a dhéanamh

níos mó daoine a mhealladh chun an Ghaeilge a labhairt agus a fhoghlaim.”



# TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

## ‘Mná an IRA – Dearcadh ar Leith’

Sraith nua ar TG4

TOSÓIDH an tsraith nua ‘Mná an IRA – Dearcadh ar Leith’ amárach ar TG4 ag 10.30in. Is sraith faisnéise faoi sheisear ban a raibh páirt lárnach acu san IRA í. Breathnaíonn na cláir ar an éifeacht agus an tionchar a bhí ag a gcuid gníomhaíochtaí ar na coimhlintí i dTuaisceart Éireann agus ar pholaitíocht an Deiscirt.

Faightear dearcadh leithleach ar na 40 bliain atá díreach imithe trí shúile na mban seo, Rose Dugdale, Josephine Hayden, Pamela Kane, Martina Anderson, Roseleen Walsh agus Roseleen McCorley. Insíonn siad a scéal féin agus is féidir an stair, a ndearnamar dearmad uirthi nó a raibh bainte amach as stair oifigiúil na dTrioblóidí faoi mhná agus an ról a bhí acu, a fheiceáil.



Josephine Hayden le Dan Keating, Sinn Féin Poblachtach i 2005

Tá sé chlár sa tsraith agus díríonn gach clár ar bhean amháin. Feicimid an turas ar thóg siad agus faigheann muid amach na fáthanna gur bheartaigh siad páirt a ghla-

cadh san IRA. Tá ábhar cartlainne le feiceáil sna cláir a chuireann cúrsaí polaitíochta i gcomhthéacs don lucht féachana.

Is ó theaghlach Sasanach,

uaslathach í Rose Dugdale ach dhiúltaigh sí airgead a muintire agus thug sí neart cabhrach do dhaoine bochta. Faoi am ar bhog sí go Béal Feirste go luath sna 70aidí, bhí



sí ag iarraidh deireadh a chur leis an gcaipitleachas agus bhí sí ina ball d'aonad gníomhach den IRA.

Bhí suim ag Josephine Hayden i saol na gCaitliceach ó Thuaidh nuair a chuala sí faoi mháirseálacha na nOráisteach nuair a bhí sí óg. Ó shin, chaith sí ceithre bliana go leith i bpríosún agus dhiúltaigh sí é a fhágáil go luath faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Is as teaghlach poblachtach í Pamela Kane ó thuaisceart Bhaile Átha Cliath ach, ba as Tír Eoghain a hathair. Ceanndé na rudaí a rinne sí ná drepadh anuas an crann teilifíse atá ag RTÉ nuair nár thug siad cead d'iarrthóirí Shinn Féin

aon rud a chraoladh de bharr chinsireacht an stáit.

Is ball de Chumann na mBan í Martina Anderson. D'fhás sí aníos i rith na gcéimeacha agus na dtrioblóidí agus bhí páirt ag a muintir iontu. I ndiaidh roinnt ama a chaitheamh sa phríosún, ghlac sí ballraíocht i Sinn Féin agus faoi láthair is í an LeasChéad-Aire Sóisearach i Stormont í.

Is as teaghlach Poblachtach í Roseleen Walsh agus ba ghnách léi páirt a ghlacadh i ngluaiseacht na bPoblachtach. Bhí sí ina bhall de Shinn Féin agus bhí páirt lárnach aici sa phróiseas síochána.

Is as Béal Feirste í Rosaleen McCorley agus bhí páirt aici i ngluaiseacht na bPoblachtach ó 1972. Is gníomhaí ar son na Gaeilge í agus chabhraigh sí le bunú Naíscoil an Traonaigh agus Bhunscoil an Traonaigh i Lios na Scéithe i bhFear Manach.

Fuaireadar maoiniú don tsraith ó Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó TG4 agus stiúir Martina Durac ó Loopline Film an tsraith.

## Féach ar

### TG4: Fearaibh Fionntrá

Sa tsraith nua seo breathnófar ar fhoréigean i scoileanna na hÉireann fadó agus an abairt a chuir scanradh i gcroí gach páiste sa rang, ‘Sín amach do lámh.’ Dé Domhnaigh @ 9.30in.

### RTÉ a hAon: A Little Bit TV

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain de bheith ag craoladh, tá RTÉ chun cuntas a thabhairt ar ochtar a fheictear ar an teilifís go minic, Gráinne

Seoige, Bláthnaid Ní Chofaigh, Bunny Carr agus Seán Duignan san áireamh. Sa chéad chlár, breathnófar ar Bill O'Herlihy. Amárach 7in.

### RTÉ a Dó: Sport on RTÉ Two

An tseachtain seo, beidh siad beo ó Rabodirect Pro12 i bPáirc Thomond i Luimneach, Cúige Mumhan in aghaidh Benetton Treviso. Tráchtairacht ó Ryle Nugent agus Tony Ward. Amárach @ 8in.

## Éist le



### RTÉ Raidió a hAon: The Death of an Empire

Sraith nua faoi dheireadh an Aontais Sóivéadaigh. Sa chéad chlár, breathnóidh an t-iriseoir, Séamus Martin ar na blianta 1950 - 1970 agus conas a d'éirigh leo a bheith ina gcuman-naigh sa chéad dul síos. Dé Sathairn @ 7.30in.

### RTÉ Raidió na Gaeltachta: An Chéad Dáil 1919

Clár faisnéise faoin chéad seisiún de Dháil Éireann i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath ar an 21 Eanáir 1919. Ba é Seoirse Pluincéad, athair Joseph Mary Plunkett, an chéad

duine a labhair agus ba é Cathal Brugha a bhí ina chathaoirleach. Cloisfear aithris dhrámatúil ar chéad seisiún na Dála a rinne Raidió Éireann sa bhliain 1959 mar chuid den chlár seo. Dé hAoine @ 1.30in.

### Near FM: Ar Mhuin na Muice

Clár Gaeilge le daoine áitiúla a bhfuil suim acu sa Ghaeilge. Labhraítear ar ábhair éagsúla do Ghaeilgeoirí sa cheantar agus is féidir do thuairim a sheoladh ar aghaidh chucu. Dé Luain - Dé hAoine @ 5.30in.



Raidió Uirbeach Gaeilge  
**106.4FM**  
**RAIDIÓ NA LIFE**  
Cuisle na Cathrach  
do Bhaile Átha Cliath!

**Stáisiún Gaeilge Átha Cliath**

**Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruth ar**

**www.raidionalife.ie**

Stúideo DEARG Studio

Taifeadadh & Léiriú Fuaime  
Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:  
Foras na Gaeilge





## Le Meadhbh Ní Eadhra

# 'Duinnín Bleachtaire ar an Sceilg'

# Bliain mhór litríochta romhainn

*Meadhbh Ní Eadhra*

u0AR.1e

DUINNÍN BLEACHTAIRE

AR AN SCEILG

ODDY JENKINSON

clúsaíocht as gaeilge

IRISH

making out in irish

siopancarn.com

NA PATRICIOS

CAEL I GCÉIN I

IRLANDÉSES DE ULTRAMAR I

Japhy Ryder

ar Shleasaibh na Mangartan

Leabhar h-athmhúlaíochta críche

Robert Anthony

Tomás Mac Siomóin

cupla focal.1e

**WWW.COISCEIM.IE**

atá na **Leabhair 3aeilge** is fearr

Déaloideas, Filíocht, Seanchas, Stair  
 Scéalta Grinn - Scéalta Pinn, Gearrscéalta,  
 Úrscéalta, Fíorscéalta, Ficsean, Prós, Dánta  
 Leabhair don aos óg agus foghlaimoirí


Má tá leabhar uait - bíodh leabhar agat!

Féilire 2012

Jócleabhar Beag Bideach na Gaeilge



## Crosfhocal 04.01.2012



## NODANNA

## TRASNA

- 1 Cail, iomrá (3)
- 4 Bréan, imithe ó mhaith (4)
- 6 Beirt, péire (3)
- 8 Ní bhíonn an duine seo gan locht, deirtear (4)
- 9 Ó thaobh amháin, sa lár, go dtí an taobh eile... (4)
- 10 Lámh in uachtar i gcluiche nó i gcomórtas (3)
- 11 Seomra sa bhaile ina ndéantar bia a ullmhú (6)
- 13 Rince (6)
- 17 Tá an mhéid seo mhéara ar do chos.. (4)
- 19 Cleití daite ar éan (5)
- 20 Iasc an chliste: an Bradán ----- (5)
- 21 Déine (4)
- 23 Páiste bainneann (6)
- 25 Ord na míreanna curtha ar fáil ag tús cruinnithe (4)
- 26 Ceann amháin (3)
- 27 (agus 10 síos) Bollóg aráin um Samhna (6,5)
- 28 Uirlis cheoil déanta as stán, nó adhmaid, a sheideann tú le ceol a dhéanamh (6)

## SÍOS

- 2 Leag do chorp síos ar leaba (3)
- 3 Gan deacracht, gan stró (5)
- 4 An mbeidh na páistí ag scríobh seo do Dhadaí na Nollag? (6)
- 5 Timpeall, um, i dtaobh... (4)
- 7 Stop, deireadh a chur le rud (4)
- 10 (Féach 27 trasna)
- 12 An uimhir is airde i mBingo (5)
- 14 Cur tine, nó coinneal as (4)
- 15 Liathróid do chluiche iomána (7)
- 16 Bog siar, tarraing siar (4)
- 18 Ceann de na cnámha a théann timpeall agus a chos naíonn an corp (5)
- 20 Tiontaíte siar air féin (6)
- 21 Saghas cré nó ithir bhuí (4)
- 22 Fiche (4)
- 23 Airgead bailithe ag an stát ar gach díol agus ceannach agus gnó a dhéantar (4)
- 24 Buail ar dhóras (4)

## Crosfhocal

21.12.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Mícheál Ó hAodha  
Trá Lí, Co Chiarraí

## Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20  
urraithe ag Cló Iar Chonnacht  
ar bhuaiteoir na seachtaine.Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh  
09.01.2012 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal,  
15 Sráid Mhargadh, Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307  
www.cic.ie

## An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



## Bliain Nua faoi mhaise do chuile dhuine!

**A**r dtús báire, Bliain Nua faoi mhaise do chuile dhuine os rud é go bhfuil tús curtha againn le 2012. Bíonn sé sórt deacair ag daoine an t-am seo den bhliain, mar tar éis dhóibh a bheith saor ar feadh coicise don Nollag, ag ithe agus ag ól a ndóthain, caitheann cuid mhór acu aghaidh a thabhairt ar ais ag obair arís eile.

Lena chois sin, beidh go leor daoine ag déanamh gealltanais nua dhóibh fhéin. Beidh siad ag tabhairt spriocanna dhóibh fhéin le rudaí áirithe ina saol a fheabhsú, ach i mo chás fhéin ní bhacfaidh mé le 'diets' ná le milseáin a chaitheamh in aer ach tá mé chun barr feabhais a chuir ar mo chuid scileanna damhsa agus mo chuid airgid a shaothrú ag imirt cártaí.

Is éard a bhí ar bun againne an Nollaig seo na cluichí cárta '25' agus '110'! Níl rud ar bith faoin spéir níos spráíúla ná níos iomaíche ná cluiche cártaí. Tá sé de nós i mo theaghlachsa le fada cártaí a imirt Oíche 'le Stiofáin, ach le roinnt blianta bhí mé róghnóthach leis an Nollaig a cheiliúradh le mo chuid cairde, agus chaill mé amach ar an spraoi ar fad. Ach bhí mé i lár an aonaigh i mbliana nuair a thosaigh mé ar na cártaí.

Bhí sórt trua agam do mo mhuintir mar go raibh orthu na cluichí a mhúineadh dhom ar dtús, ach níor thóg sé i bhfad orm greim a fháil ar an gcleas. Bhuel, ní hé gur thosaigh mé ag buachan mórán, ach ní raibh aon chailleadh orm ag imirt ach oiread, agus bhí duine éigin eile ag an mbord, atá ag imirt chuile Nollaig le tríocha bliain agus ní raibh sé féin thar mholadh beirte ach an oiread agus mar sin is cosúil gur fhoghlaim mé an cluiche sciobtha go maith. Fós fhéin, bhain mo mhuintir an craiceann dom agus fágadh na pócaí folamh, seachas dhá cent a bhí fágtha agam ag deireadh na hoíche, ach dúradh liom gurb shin cuid den phróiseas foghlamtha agus tá na babhtáí leath cheannais le theacht go fóill!

Is ar an gcuma sin a chaith mé mo chuid ama ar fad, ag spraoi an Nollaig seo, ach le scíth a fháil ó na cártaí tá mé ag baint deannaigh freisin as an



Barraíocht acu seo ite agat le cúpla seachtaine anuas?

Nintendo Wii a fuair mé ó Dhaidí na Nollag agus ní raibh an oiread suime agam ariamh i gcluichí ríomhairí. Níl aon chúis ar leith nár imir mé

cluichí ríomhaire cheana, agus tá cineál aiféala orm anois nár thosaigh mé orthu i bhfad roimhe seo.

Tá an Wii iontach, cé go

bhfuil pianta i mo chuid cnámha dá bharr, tar éis an méid damhsa atá déanta agam i mo sheomra suite. Tá sé tugtha faoi deara freisin agam nach bhfuil mo rithim rómhaith agus níl mo chuid aclaíochta thar mholadh beirte ach an oiread! Tuilleadh oibre le déanamh ansin.

Mar sin i mbliana tá mé chun níos mó ama a chaitheamh ag déanamh na rudaí is breá liom a dhéanamh seachas a bheith ag cur brú orm fhéin le rudaí nach bhfuil mórán suime agam iontu. Tá an saol sách deacair ar dhaoine na laethanta seo, mar sin bain an oiread suilt as an mbliain agus is féidir leat, mar sin atá beartaithe agamsa do 2012!

## Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012

### CEATHARLACH, Co. CHEATHARLACH

#### 10ú – 15ú Aibreán

## Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Tá comhairle Pan Cheilteach na hÉireann ag lorg Amhrán Nua-Chumtha do chomórtas náisiúnta na hÉireann. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha. Tá duais €1000 le gnothú ag an mbuaiteoir. Beidh na hamhráin le canadh ag an gComórtas Náisiúnta in Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8 Márta 2012. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnáisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach 10-15 Aibreán 2012.

**Seol an t-amhrán ar dhlúthdhiosca roimh 20ú Eanáir 2012 chuig:**

An Rúnaí, An Comórtas Amhrán Nua-Chumtha, Oifig na Féile Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Cholóiste, Ceatharlach, Co. Cheatharlach.

Rialacha agus foirmeacha iontrála ar fáil ar shuíomh gréasáin

www.panceltic.ie. Gach eolas ón oifig ar pancelticcarlow@gmail.com nó ar +353 (0)85 1340047, +353 (0)59 9158105.

### COMÓRTAIS EILE PAN CHEILTEACH 2012:

Tá Coiste na Féile ag lorg iontrálacha freisin i gcóir comórtas eile Pan Cheilteach: Cóir, Fídl, Cruit/Cláirseach, Píobaireacht, Rince agus Amhránaíocht Thraidisiúnta.

Urraithe ag IMRO  
agus Gael Linn



Gael Linn





# Bliain nua eile CLG

Gráinne McElwain

THÁINIG deireadh leis an chosc traenála d'fhoirne idirchontae an CLG ar 1 Eanáir agus cé go raibh ráflaí ann faoi thraenáil agus teacht le chéile poiblí i gcontaetha ar leith, feicimid an dtiocfaidh aon fhiosrúchán as na raflaí sin nó an ndéanfar dearmad orthu? Cibé rud a tharlóidh tá muid uilig ag súil le teacht an earraigh agus an bhliain úrnua peile agus iomána a bheas ann. Beidh ceithre chomórtas peile ar siúl an mhí seo: Corn Mhic Cionnaith, urraithe ag Power NI, i gCúige Uladh, an tSraith FBD i gCúige Chonnacht, agus Corn Mhic Craith i gCúige Mumhan. I gCúige Laighean déanfaidh Bord na Móna urraíocht ar Chorn Uí Bhroinn sa pheil agus ar Chorn Iomána Bhreathnach a mbeidh Gaillimh ag glacadh páirte ann.

Go hiondúil, tugann na comórtais seo deis do na contaetha ar fad féachaint ar imreoirí nua agus seans do na bainisteoirí úrnua aithne a chur ar na himreoirí atá idir lámha acu. Cé nach bhfuil an stádas céanna ag baint leis na cluichí seo anois agus a bhí, bíonn an lucht tacaíochta is dílse amuigh ag breathnú ar na cluichí



Alan Mulholland, bainisteoir nua fhoireann peile na Gaillimhe

[PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

agus ar a laghad ag an am seo den bhliain, is féidir le gach duine acu brionglóid a dhéanamh faoi Sam agus Liam.

Anocht cuirfear tús le Sraith FBD ag an Ionad Barr Feabhais CLG atá ag Cúige Chonnacht nuair a chasfaidh IT Shligigh agus Gaillimh ar a chéile ag



Peter Canavan, bainisteoir úr fhoireann peile Fhear Manach

[PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

leathuair tar éis a sé. Beidh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag tabhairt aghaidh ar Shligeach ina dhiaidh sin ag a hocht a chlog. Is é Alan Mulholland bainisteoir nua na Gaillimhe

agus is é an tríú duine ar an stiúir é le trí bliana tar éis Joe Kernan agus Tomás Ó Flatharta. Mar sin, is féidir a rá nach bhfuil bunchloch ar bith faoi Ghaillimh fós ach tá an-taithí ag Mulholland le foirne faoi aois na Gaillimhe. Bhuaigh sé Craobh Uile-Éireann leo faoi 21 anuraidh agus faoi 18 in 2007. Is dócha go mbeidh próiseas atógála sa chontae agus súil acu go dtiocfaidh roinnt de na himreoirí óga seo fríd. Ceist eile atá le freagairt ná an bhfuil deireadh feicthe againn de Phádraig Joyce? Tá sé gortaithe faoi láthair ach an dtabharfaidh an bhainistíocht an deis dó teacht ar ais mar is ar an todhchaí a chaithfidh siad smaoineamh agus go fadtéarmach ní bheidh Joyce sna pleananna sin. Bhuaigh Maigh Eo Sraith FBD anuraidh den dara huair as a chéile agus d'úsáid an bainisteoir nua James Horan daichead imreoir le linn an chomórtais. Beidh an cleas céanna á úsáid ag bainisteoirí ar fud na tíre i mbliana.

Is ar an Domhnach a bheas na cluichí ag tosnú i gCorn Mhic Cionnaith, i gCorn Uí Bhroin agus i gCorn Mhic Craith. Ní bheidh Corn Bhreathnach san iomáint ag tosnú go

dtí níos moille sa mhí. Ó thuaidh beidh an Dún agus Ard Mhacha ag tabhairt aghaidh ar a chéile i bPáirc Esler agus beidh Tír Eoghain as baile in aghaidh na mac léinn ó Ollscoil na Banríona ar an lá céanna. Beidh James McCartan gan go leor de na himreoirí a bhí acu anuraidh, ina measc Martin Clarke, Peter Fitzpatrick agus Caolan Mooney atá imithe go dtí an Astráil agus tá James Colgan sa Nua-Shéalainn. D'éirigh John Clarke as anuraidh agus tá gortuithe ag cur as do Declan Rooney agus Conor Garvey agus níl Ambrose Rogers ar fáil ach an oiread.

Tá go leor de na seanlaochra imithe ó Thír Eoghain i mbliana ar nós Brian McGuigan, Enda McGinley, Philip Jordan, Brian Dooher agus Ciaran Gourley. Ní bheidh Seán Cavanagh ar fáil ar feadh roinnt seachtainí eile mar gheall ar ghortú gualainne agus is ar an meascán idir taithí agus óige a chothromú a chaithfidh Mickey Harte a bheith ag díriú i mbliana. Cuirfidh Peter Canavan tús lena ré bainistíochta le Fear Manach ar an Domhnach chomh maith nuair a chasfaidh siad le hAontroim i bPáirc Brewster ag a dó a chlog.

## Is mór an onóir do Shraith Airtricity gurbh é Michael O'Neill a ceapadh mar bhainisteoir an Tuaiscirt

Daithí Mac Tighearnáin

TÁ comhghairdeas ag dul do Michael O'Neill (42) as a bheith ceapaithe mar bhainisteoir ar fhoireann náisiúnta Thuaisceart na hÉireann. Fuair sé an ceann is fearr ar bheirt iarrthóir a bhfuil an-chuid taithí bainistíochta i Sasana acu, Ian Dowie (46) agus Jim Magilton (42, dlúthchara le O'Neill agus iarchuntóir dó ag Ruagairí na Seamróige) chun an post a thabhairt leis. Bhí Dowie i mbun trí chlub sa Phríomhshraith thall agus chaith se timpeall is cúig bliana eile i mbun clubanna sa Chraobhshraith (Championship division, comhionann Roinn a hAon abhus anseo). Chaith Magilton cúig bliana san iomlán ina bhainisteoir sa Chraobhshraith freisin, ag Ipswich agus QPR. Bhí a chlubanna beagnach i gcónaí suite i mbarrleath na roinne sin i rith a thréimhsí.

I gcodarsnacht leis sin, bhí Michael O'Neill ina bhainisteoir ar Brechin City i Roinn 2 na hAlban ar feadh dhá bhliain roimh na trí bliana a chaith sé i mbun Ruagairí na Seamróige. Mar is eol dúinn, bhuaigh na Fonsaí dhá Shraith agus Corn Setanta amháin faoina stiúir agus is é Michael an chéad



Michael O'Neill [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

bhainisteoir a thóg club Éireannach, na Fonsaí céanna, chuig céim na ngrúpaí de chomórtas Eorpach.

Is mór an onóir do Shraith Airtricity gurbh é Michael O'Neill an té a ceapadh. Is Caitliceach é a bhfuil an-mheas aige ar an dá phobal ó thuaidh. Le blianta beaga anuas, chinn roinnt imreoirí Caitliceacha ón Tuaisceart imirt le foireann na Poblachta in ionad fhoireann an Tuaiscirt mar gheall ar an gcaoi ar chaith cuid de lucht leanta an Tuaiscirt le Caitlicigh, Neil Lennon go háirithe. Cloch ar ár bpaidríní go gcuirfidh Michael caoi air sin.

D'fhág fear Thamhlachta Stephen Kenny (40) Cathair Dhoire ar 27 Nollaig chun “dul abhaile” agus dul i gcomharbacht ar Michael O'Neill mar

bhainisteoir ar Ruagairí na Seamróige. Mar bhainisteoir ar na Boihéamaigh, bhuaigh sé an tSraith in 2003. Bhain se Corn FAI amháin agus ceithre Chorn Sraithe mar bhainisteoir ar Dhoire. Chaith sé bliain i mbun Dunfermline na hAlban. Shroich Dunfermline cluiche ceannais an Choirn FA an bhliain sin. Fuair Celtic an lámh in uachtar orthu 1-0 an lá úd in 2007.

Chuir Cathair Dhoire bainisteoir Ruagairí Shligigh Paul Cook faoi agallamh an tseachtain seo caite maidir leis an bhfolúntas bainistíochta s'acu. Chinn Paul fanacht i Sligeach, áfach.

Aistríodh tosaí Ruagairí Shligigh Eoin Doyle go Hibernian na hAlban coicís ó shin. Bhog an cúl báire Gary Rogers ó Lúthchleas Phádraig Naofa go Ruagairí Shligigh tuairim an trátha céanna.

Fógróidh Cumann Scríbhneoirí Sacair na hÉireann pearsa na bliana s'acu ar 14 Eanáir. Is iad na hiarrthóirí ná Michael O'Neill, Paul Cook (sealbhóir an ghradaim), Tommy Dunne (bainisteoir Chorcaí) agus na himreoirí Pat Sullivan (Ruagairí na Seamróige), Joey Ndo (Sligeach) agus Eamon Zayed (Doire).



Mí na Bealtaine 2011, captaen Ruagairí na Seamróige, Dan Murray ag ceiliúradh lena chomrádaithe i ndiaidh dóibh Corn Setanta Sports a bhuachan [PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

## Tarraingt do Chorn Setanta 2012

Gráinne McElwain

BEIDH an tarraingt do bhabhta a haon de Chorn Setanta ar siúl ar 25 Eanáir i Staid Aviva. Bunaíodh an comórtas seo in 2005 agus ó shin tá cúig fhoireann tar éis an corn a bhuachan. Bhuaigh Linfield ar Shelbourne an chéad bhliain agus bhuaigh Droichead Átha Aontaithe an corn dhá bhliain as a chéile in 2006 agus 2007. Fuair Cathair Chorcaí an lámh in uachtar ar Glentoran in 2008 agus is iad Bohemians a

chroch leo an gradam in 2009 agus in 2010. Anuraidh ba ag Ruagairí na Seamróige a bhí an bua nuair a fuair siad an ceann ab fhearr ar Dhún Dealgan 2-0. 12 foireann a bheas san iomaíocht sa chomórtas i mbliana le sé cinn ag teacht ón Carling Premiership i dTuaisceart na hÉireann agus sé fhoireann ó Shraith Airtricity ó dheas. Is iad na foirne seo a leanas a bheas ag glacadh páirte ann: Cliftonville, Cathair Dhoire, Glentoran, Lisburn Distillery, Linfield, Port an

Dúnáin, St Patrick's Athletic, Bohemians, Bray Wanderers, Crusaders, Ruagairí na Seamróige agus Ruagairí Shligigh. €50,000 an duais do na buaiteoirí agus €30,000 a gheobhaidh na tanaistí. Chomh maith leis sin gheobhaidh na foirne a chaillfidh sna babhtai leathcheannais €15,000 agus beidh €10,000 ag dul chuig na foirne nach n-eireoidh leo sna babhtai ceathrú ceannais. Cuirfear €7,500 ar fáil do na foirne a chaillfidh i mbabhta a haon.



# Ar an gclai

Le John Allen



# Cead acu traenáil arís!

Caitheann John Allen súil siar ar chúrsaí lúthchleas Gael na bliana seo caite

**B**uíochas le Dia tá an bhliain úrnua linn agus cead ag na foirne idirchontae tosú ag traenáil arís. Beidh na foirne go léir ag dul chun páirce arís na hoícheanta seo cé nach mbeidh aon chomórtas ann go ceann cúpla seachtain eile.

Sa chéad dá eagrán eile de Gaelscéal caithfimid súil siar ar imeachtaí CLG 2011 agus ar chuid de bhuacpoinítí na bliana. Bliain dar ndóigh a chríochnaigh le Cill Chainnigh ar ais mar rith na hiomána agus Baile Átha Cliath ar ais ar bharr dhréimire na bhfoirne sinsir peile.

Ag deireadh 2010 cuireadh an legend iomána ó Thiobraid Árann, John Doyle. Drochthosach amach is amach do Mickey Harte le dúnmharú a iníne áille Michaela agus í ar mhí na meala ar Oileán Mhuirís.

Nuair a thosnaigh an tsraith náisiúnta peile bhí an phribhléid ag Nollaig Ó Laoire bheith mar chéad fhear amach ar an bpáirc agus é ina chaptaen ar sheampíní na hÉireann, Corcaigh, sa chéad chluiche thíos i dTrá Lí.

Bhí sé de phribhléid aige freisin bheith mar chéad Chorcaíoch isteach sa seomra feistis arís agus é ag fail cárta dearg sa dara leath. Maith thú a Nollaig.

Thóg Bord BÁC an tsiamsaíocht chuig leibhéal nua ag deireadh mhí Feabhra nuair a chuireadar Jedward ar stáitse ag leath ama i bPáirc an Chrócaigh, oíche Shathairn, nuair a bhí cluichí idir na foirne sinsir baile agus seampíní na hÉireann, Tiobraid Árann san iomáint agus Corcaigh sa pheil.

Bhí an-oíche ann agus dhá bhua ag na Dubs. Bhí cuid maith cluichí fiúntacha againn sa dá chód ach is iad na Dubs a bhí ag taispeáint ard-form leis an bpeil agus leis an sliotar.

Agus an babhta deireanach sraithe peile á imirt bhí sé suimiúil nach raibh aon fhoireann, taobh amuigh de BÁC, cinnte dá n-áit sa chraobhchlúiche. Bhí luach ina lán des na cluichí sa bhabhta deireanach peile ó thaobh dícháilithe de agus ó thaobh an áit eile sa craobh a bheith fós le fáil. I ndeireadh na dála d'éirigh le Corcaigh dul chomh fada leis an gcaobh agus fuair an Ghaillimh agus Muineachán bata agus bóthar ón gcéad roinn.

Thosnaigh BÁC cluiche ceannais na sraithe peile ar luas lasrach agus tamall beag i ndiaidh leath ama bhí farasbarr ocht gcúilín acu ach nuair a shéid an réiteoir an fheadóg dheireanach is iad Corcaigh a bhí chun tosaigh. Mar sin den dara huair



2ú Aibreán 2011, ritheann Jedward amach ar Pháirc an Chrócaigh [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]



Tá cead anois ag na foirne idir chontae dul i mbun traenáil an gheimhridh. [PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE]

taobh istigh de sheacht mí chaill foireann Pat Gilroy cluiche a bhí “buaite” acu. Anois bhí dúshlán mór ag an mbainisteoir a fhoireann

réiteach don chraobhchomórtas.

San iomáint, ag dul isteach sa bhabhta deireanach bhí seans ag cúig fhoireann a bheith sa chluiche

ceannais agus ní rabhamar fós cinnte cé a bheadh ag fágáil roinn a haon. Agus cad é mar chríoch a bhí ann i bPáirc Uí Chaoimh nuair a bhuaigh

BÁC ar an fhoireann bhaile agus chaill an Ghaillimh i bPáirc an Bhreathnaigh (cluiche a bhí orthu buachaint chun áit a fháil sa chluiche ceannais). Mar sin bhí foireann Anthony Daly tríd go craobh na sraithe den chéad uair le cúig bliana is seasca. Ach bhí Cill Chainnigh ann rompu.

An deireadh seachtaine céanna chinntigh Loch Garman a n-áit sa chéad roinn le comhscór iontach le Tiobraid Árann. Faraor is iad Uíbh Fhailí a fuair bata agus bóthar ó roinn a haon.

Seachtain i ndiaidh na craoibhe sraithe peile ní raibh an fhadhb chéanna ag iománaithe na príomhchathrach mar thugadar ceacht iomána ceart do Chill Chainnigh chun a gcéad chraobh sraithe a bhuachaint le dhá bhliain déag is trí scór.

Choimeád foireann Anthony Daly na Cait taobh le cúl amháin agus cúilín thar an seachtó nóiméad agus nuair a chaill fir Brian Cody Eoin Larkin, a fuair cárta dearg, bhí sliabh le dreapadh acu mar bhí BÁC go mór in uachtar ag an am. Lean BÁC leo agus bhuadar ó cheann ceann na páirce agus scórladar dhá chúilín is fiche ar a slí chuig bua stairiúil.

An oíche roimhe sin chinntigh Luimneach gurb iad a bheadh ag imirt sa chéad roinn an chéad bhliain eile nuair a bhí an bua acu ar a gcomharsana, Co. an Chláir.

Faraor athraíodh na rialacha níos déanaí sa bhliain agus dá thoradh san beidh Luimneach agus Loch Garman ag imirt i roinn 1b i mbliana.

Mar sin, agus an samhradh tagtha, bhí an chuma ar an scéal go raibh séasúr suimiúil iomána amach romhainn.

Ag an gcomhdháil náisiúnta ainmníodh Liam Ó Neill mar Uachtarán nuathofa an CLG.

Ag tús an chraobhchomórtais pheile, agus muid ag fágáil slán leis an mBanríon Eilís agus ag cur fáilte roimh an Uachtarán Obama, tháinig peileadóirí Liatroma aniar aduaidh ar Shligeach le bua iontach.

Thíos i gCúige Mumhan tháinig an réiteoir ar thóir Thomáis Uí Shé agus bhronn sé cárta dearg air i gcéad chluiche craoibhe na gCiarraíoch i gcoinne Thiobraid Árann, rud a d'fhág gur chaith sé dhá mhí ar an taobhlíne mar gur pheacaigh sé go trom anuraidh freisin.

An tseachtain seo chugainn caithfimid súil siar ar an gcuid eile de 2011, an chuid is tábhachtaí dar ndóigh.

Beir Bua.




# Súil ar an Rugbaí

Le Gráinne  
McElwain



An liathróid ag éalú ó Lifeimi Mafi, Mumha i gcoinne na Scarlets [PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]



Dave Kearney, Laighin [PIC: PAT MURPHY / SPORTSFILE]



Dioma ar Ronan Loughney tar éis gur chaill Connacht i gcoinne na hOspreys [PIC: PAT MURPHY / SPORTSFILE]



John Afoa [SPORTSFILE]

**Dé hAoine: Dún Éideann v Cúige Uladh - Murrayfield @ 7.30in**  
**Dé Sathairn: Aironi v Cúige Chonnacht - Stadio Zaffanella @ 4.35in (TG4)**  
**Cardiff Blues v Cúige Laighean - Cardiff City Stadium @ 6.35in (TG4)**  
**Cúige Mumhan v Treviso - Páirc Thomond @ 8.15in (RTÉ2)**

BABHTA 13 den Rabo Direct Pro 12 a bheas againn an deireadh seachtaine seo ach beidh na cúigí ar fad ag féachaint ní amháin ar an chluiche seo ach chun cinn go dtí an deireadh seachtaine ina dhiaidh sin arís agus ar Bhabhta 5 de Chorn Heineken. Ní

raibh imreoirí idirnáisiúnta na hÉireann ar fáil do na cluichí idir-chúige i mbabhta 12 mar go raibh campa traenála dhá lá acu chun réiteach a dhéanamh do Chomórtas na Sé Náisiún. Beidh siadsan ar ais ag na cúigí don bhabhta seo.

Is iad Cúige Uladh an t-aon chúige a bheas amuigh ar an Aoine agus tar éis a mbua le pointe bónais in aghaidh na Mumhan in Ravenhill an deireadh seachtaine seo caite, ní bheidh aon fhaitíos ar na hUltaigh agus iad ag tabhairt aghaidh ar Dhún Éideann in Murrayfield. Is iad na himreoirí as an Afraic Theas agus an Nua-Shéalainn is mó a d'fhág a lorg ar an chluiche in aghaidh Chúige Mumhan mar gurb iad a d'aimsigh trí cinn de na ceithre úd a fuair siad. Níl ag éirí go maith le Cúige Uladh ar an bhóthar i mblíana agus, as na hocht gcluiche a bhí acu as baile ó thús an tseasúir, níl buaite acu ach dhá cheann in aghaidh Aironi sa Rabo Direct Pro 12 agus Corn Heineken.

Mar sin féin tá siad ag feabhsú agus níl ach cluiche amháin, sin san RDS in aghaidh Laighean, caillte acu as cúig chluiche. Chaill siad in Murrayfield anuraidh in aghaidh Dhún Éideann (21-16) agus tá Dún Éideann ar bharr ghrúpa 2 i gCorn Heineken agus iad faoi stiúir Michael Bradley. Tá an dá fhoireann sa leath íochtarach ar chlár na bpointí agus cé nach mbeidh mórán eatarthu is dóigh liom gur ag an fhoireann bhaile a bheas an bua ar éigean.

Is ar an Satharn a bheas na cúigí eile ar fad ag imirt. Tá Cúige Chonnacht ag tabhairt faoin turas amach go Aironi agus ní gá a rá cé chomh géar agus atá bua ag teastáil uathu faoi láthair. Dhá chluiche dhéag as a chéile atá caillte acu anois agus má tá siad le haon chluiche a bhuachan caithfidh siad Aironi a bhualadh. Tá gortuithe ag cur isteach orthu i gcónaí agus ní bheidh aon fhaitíos ar Aironi rompu. Bunaíodh Aironi an seasúr seo caite agus is in aghaidh

Chonnacht a bhuaigh siad sa Rabo Direct Pro 12 den chéad uair riamh. An seasúr seo tá Dún Éideann agus Treviso buailte acu in Stadio Zaffanella ach tá siad ar íochtar an tábla ar fad. Tá mé go láidir den tuairim go mbeidh an bua ag Cúige Chonnacht sa cheann seo sula dtugann siad faoin turas go Toulouse an tseachtain dár gcionn do Chorn Heineken.

Beidh Cúige Laighean ar an bhóthar chomh maith, chun aghaidh a thabhairt ar na Cardiff Blues a bheas gan Jamie Roberts ar feadh míosa ar a laghad mar gheall ar ghortú. Ár ndóigh tá Cúige Laighean ar bharr na sraithe ar fad agus na Blues ilár tábla. IgCorn Heineken tá na Blues ar comhphointí le Dún Éideann atá in uachtar ar ghrúpa 2. Bíodh is go bhfuil ceithre chluiche baile as a chéile buaite ag na Blues, nuair a bhí siad san RDS i dtús na míosa seo caite bhí bua éasca ag Cúige Laighean orthu (52-9). Bhí go leor in easnamh ar na Blues an lá sin

agus beidh siad níos fearr sa bhaile ach mar sin féin ní bheidh Cúige Laighean ag iarraidh drochthaispeántais agus iad ag réiteach do Ghlaschú i gCorn Heineken an tseachtain dár gcionn.

Beidh deis ag Cúige Mumhan dearmad a dhéanamh ar an scrios a rinne Cúige Uladh orthu in Ravenhill an deireadh seachtaine seo caite nuair a thabharfas siad aghaidh ar Treviso ar Pháirc Thomond. Tá Treviso tar éis feabhsú i mblíana agus iad chun cinn ar Chúige Uladh ar chlár na bpointí. Bhuaigh siad in Ravenhill agus sna Sportsgrounds an seasúr seo cheana féin ach ní mar a chéile iad sin agus cuairt ar Thomond. Beidh go leor de na himreoirí móra ar ais ag Tony McGahan agus beidh siad ag réiteach do Castres i Corn Heineken an tseachtain dár gcionn. Níl dóigh liom go bhfuil mórán amhrais ann ach go mbeidh an bua ag Cúige Mumhan sa cheann seo.



# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag [sport@gaelsceal.ie](mailto:sport@gaelsceal.ie)

Gaelscéal

● 04.01.2012

## Cad a tharlóidh in 2012?

Amharcann **Gráinne McElwain** chun tosaigh ar na himeachtaí móra spóirt atá romhainn



An Staid Oilimpeach i Londain Shasana [PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Ó thaobh cúrsaí spóirt de, ba cheart go mbeadh 2012 go maith mar gur bliain eisceachtúil a bheas inti le himeachtaí móra spóirt á reachtáil nach bhfeiceann muid gach bliain. Sin é an fáth gur shocraigh mé roinnt ceisteanna a chur os do chomhair. Níl na freagraí agam ach tá neart ábhar díospóireachta sna ceisteanna sin le muid a bheathú go dtí go dtosaíonn na comórtaisí éagsúla.

### Euro 2012 (8 Meitheamh - 1 Iúil)

Cén dóigh a n-éireoidh le foireann Trapattoni sa Pholainn agus san Úcráin? Bhuel is i ngrúpa C atá muid leis na seaimpíní, an Spáinn, an Chróit agus na hIodálaigh. Ach ná bíodh lag-mhisneach orainn sula dtosaíonn sé. Seo'd é an chéad uair againn ag comórtas idirnáisiúnta ó 2002 nuair a déanadh an t-uafás cainte faoi Saipan agus Roy Keane. Agus seo'd é an chéad uair go mbeidh muid ag Craobhacha na hEorpa ó 1988 nuair a scóráil Ray Houghton an cúl sin in aghaidh Shasana. Ní

chuirfinn airgead orthu chun é a bhuachan ach cothóidh siad gáire, an-chraic agus ardóidh siad ár gcroíthe i dtús an tsamhraidh.

### Na Cluichí Oilimpeacha i Londain (27 Iúil - 12 Lúnasa)

Cén chaoi a n-éireoidh le lúthchleasaithe na hÉireann? Ní tharlaíonn sé ró-mhinic go mbíonn na cluichí chomh gar seo dúinn ach ná bí ag súil go dtabharfar buicéad bonn abhaile! Is éacht atá ann na cluichí a bhaint amach ar chor ar bith agus tá moladh tuillte acu siúd a bheas ag caitheamh gheansaí na hÉireann thall ansin. Mar sin féin, tá roinnt sa champa a bhfuil seans acu bonn a thabhairt abhaile leo ar nós na ndórnálaithe Katie Taylor, John Joe Nevin agus Darren O'Neill. D'fhéadfadh an foireann seoltóireachta é a dhéanamh agus ná cuir na lúthchleasaithe Robert Heffernan agus Derval O'Rourke as an áireamh ach an oiread.

### Corn Heineken

Cúige Laighean arís? Níl sé buaite dhá uair as a chéile ag aon fhoireann, ach amháin Leicester in 2001 agus '02. Tá cuma mhaith ar Chúige Laighean arís i mbliana agus tá gach seans ann gur eatarthu féin agus Toulouse a bheidh sé ag a dheireadh. Ár ndóigh níor cheart Cúige Mumhan a chur as an áireamh ar fad ach dá mbeifeá ag cur airgid ar aon cheann d'fhoirne na hÉireann is ar Chúige Laighean a bheadh sé ag dul.

### Craobh Iomána na hÉireann

Tiobraid Árann nó Cill Chainnigh arís? Is deacair a shamhlú go dtiocfaidh aon fhoireann eile chun cinn chun na fathaigh atá feicthe againn sa chluiche ceannais le trí bliana as a chéile a bhualadh. Cinnte, tharla sé cheana gur tháinig an Clár aniar aduaidh orainn in '95 agus Loch Garman an bhliain dár gcionn chun Corn Mhic Cárthaigh a chrochadh leo. Ach cén fhoireann a bheadh ábalta é sin a dhéanamh in 2012? Tá bainisteoirí

nua ag Port Láirge, Corcaigh agus Gaillimh agus bheadh sé deacair é a shamhlú go dtiocfadh an feabhas a bheadh ag teastáil chomh tapaidh sin. Beidh an jab a dhéanfas John Allen le Luimneach, Davy Fitzgerald leis an Chlár agus Liam Dunne le Loch Garman suimiúil. Ár ndóigh na déan dearmad ar Áth Cliath agus an méid a bhain siad amach anuraidh, ach is í an bhuncheist i gcónaí ná Tiobraid Árann nó Cill Chainnigh?

### Craobh Peile na hÉireann

An bhfuil sé ar chumas Bhaile Átha Cliath Corn Mhic Uidhir a bhuachan arís? Seans maith go bhfuil ach tá i bhfad níos mó foirne sa pheil ná mar atá san iomáint atá sách maith chun Craobh na hÉireann a bhuachan. Ní bheidh Ciarraí i bhfad as agus seacht gcluiche ceannais sroichte acu le hocht mbliana. Cuimhnigh ar na gortuithe a bhí ag Corcaigh anuraidh agus is cinnte gur chuir sé sin isteach go mór orthu. Dún na nGall an fhoireann ba mhó a d'fhág a lorg ar

chraobh na bliana seo caite mar gheall ar an stíl peile a bhí acu. D'oibrigh sé dóibh agus bhuaigh siad Craobh Uladh den chéad uair ó 1992 ach cén seans atá ann go bhfeicfidh muid foirne eile ag déanamh aithrise orthu in 2012? Dá mbeadh an t-ádh le Cill Dara d'fhéadfadh Áth Cliath a bheidh buailte acu anuraidh. Mar is iondúil beidh muid ag fanacht ar leid nó dhó ón chomórtas sraithe i mí Feabhra.

### Corn Ryder (25 - 30 Meán Fómhair)

An mbeidh na hÉireannaigh chomh feiceálach sa chomórtas in 2012 is a bhí siad in 2011? I dtús báire ní bheidh an oiread céanna Éireannach ar an fhoireann. Seans maith nach mbeidh ann ach beirt, Rory McIlroy agus Graeme McDowell. Léiríonn sé sin cé chomh mór is atá Padraig Harrington imithe ar gcúl. Is in Medinah Country Club in Chicago a bheas sé, agus is é Jose Maria Olazabal a bheidh ina chaptaen ar an Eoraip.